Environmental Protection Agency
An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais | 2011

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil

Comhlacht reachtúil í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) atá freagrach as an gcomhshaol a chaomhnú in Éirinn. Rialaímid agus déanaimid maoirsiú ar ghníomhaíochtaí a d'fhéadfadh truailliú a chruthú murach sin. Cinntímid go bhfuil eolas cruinn ar threochtaí comhshaoil ionas go nglactar aon chéim is gá. Is iad na príomhnithe a bhfuilimid gníomhach leo ná comhshaol na hÉireann a chosaint agus cinntiú go bhfuil forbairt inbhuanaithe.

Is comhlacht neamhspleách poiblí is ea an EPA a bunaíodh i mí Iúil 1993 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992. Déanann an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil urraíocht air.

NA FREAGRACHTAÍ ATÁ ORAINN

CEADÚNÚ

Tugaimid ceadúnú dóibh seo a leanas le cinntiú nach ndéanann siad dochar do shláinte an phobail ná don chomhshaol:

- saoráidí dramhaíola (m.sh líonta talún, loisceoirí, stáisiúin aistrithe dramhaíola);
- gníomhaíochtaí tionsclaíocha ar scála mór (m.sh., déantúsaíocht cógaisíochta, déantúsaíocht stroighne, stáisiúin chumhachta);
- diantalmhaíocht;
- úsáid shrianta agus scaoileadh rialaithe Orgánach Géinmhodhnaithe (GMO);
- mór-áiseanna stórála peitril;
- Scardadh dramhuisce.

FORFHEIDHMIÚ NÁISIÚNTA I LEITH CÚRSAÍ COMHSHAOIL

- Stiúradh os cionn 2,000 iniúchadh agus cigireacht gach bliain ar shaoráidí a bhfuil ceadúnas EPA acu.
- Ag déanamh maoirseachta ar fhreagrachtaí cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil sna réimsí seo a leanas: aer, torann, dramhaíl, fuíolluisce agus cáilíocht an uisce.
- Obair le húdaráis áitiúla agus leis na Gardaí chun stop a chur le gníomhaíocht mhídhleathach dramhaíola trí chomhordú a dhéanamh ar líonra forfheidhmiúcháin náisiúnta, díriú isteach ar chiontóirí, stiúradh imscrúduithe agus maoirsiú a dhéanamh ar leasúchán.
- An dlí a chur orthu siúd a bhriseann dlí an chomhshaoil agus a dhéanann dochar don chomhshaol mar thoradh ar a ngníomhaíochtaí.

MONATÓIREACHT, ANAILÍS AGUS TUAIRISCIÚ AR AN gCOMHSHAOL

- Monatóireacht ar cháilíocht an aeir agus ar cháilíocht aibhneacha, lochanna, uiscí taoide agus screamhuiscí; leibhéil agus sruth aibhneacha a thomhas.
- Tuairisciú neamhspleách chun cabhrú le rialtais náisiúnta agus áitiúla cinntí a dhéanamh.

ASTUITHE GÁIS CHEAPTHA TEASA NA hÉIREANN A RIALÚ

- Astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann a chainníochtú i gcomhthéacs ár gceangaltas faoi Phrótacal Kiótó.
- An Treoir maidir le Trádáil Astuithe a chur i bhfeidhm, a bhaineann le breis agus 100 cuideachta atá ina mór-ghineadóirí dé-ocsaíd charbóin in Éirinn.

TAIGHDE AGUS FORBAIRT COMHSHAOIL

- Taighde a chomhordú ar shaincheisteanna comhshaoil (lena n-áirítear cáilíocht an aeir agus an uisce, athrú aeráide, bithéagsúlacht, teicneolaíochtaí comhshaoil).

MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL

- Measúnú a dhéanamh ar an tionchar a bhíonn ag pleananna agus ag cláir ar chomhshaol na hÉireann (amhail bainistíocht dramhaíola agus pleananna forbartha).

PLEANÁIL, OIDEACHAS AGUS TREOIR CHOMHSHAOIL

- Treoir a thabhairt don phobal agus do thionscail ar cheisteanna comhshaoil éagsúla (lena n-áirítear iarratais ar cheadúnais, cosc ar dhramhaíl agus rialacháin chomhshaoil).
- Feasacht ar an gcomhshaol a spreagadh (trí chláir teilifíse ar an gcomhshaol agus trí phacáistí acmhainní do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna).

BAINISTÍOCHT DRAMHAÍOLA RÉAMHGHNÍOMHACH

- Tionscadail faoi chosc agus íoslaghdú dramhaíola a chur chun cinn trí chomhordú an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, lena n-áirítear cabhrú le cur i bhfeidhm na dTionscnamh maidir le Freagracht ar an Táirgeoir.
- Cur i bhfeidhm Rialachán ar nós na Rialachán um Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE), um Shrian ar Shubstaintí Guaiseacha agus na Rialachán um rialú ar shubstaintí a ídíonn an ciseal ózóin.
- Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a fhorbairt chun dramhaíl ghuaiseach a chosc agus a bhainistiú.

BAINISTÍOCHT AGUS STRUCHTÚR AN EPA

Tá an eagraíocht á bainistiú ag Bord lánaimseartha, ar a bhfuil Ard-Stiúrthóir agus ceathrar Stiúrthóirí. Déantar obair an EPA thar cheithre oifig:

- An Oifig um Aeráid, um Cheadúnú agus um Úsáid Acmhainní
- An Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil
- An Oifig um Measúnacht Comhshaoil
- An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha.

Faigheann Bord an EPA comhairle freisin ó roinnt príomhchoistí agus príomhghrúpaí seachtracha. Tugtar achoimre ar na príomhchoistí sna hailt seo a leanas.

An Coiste Comhairleach – Foráiltear le hAlt 27 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil go mbunófar Coiste Comhairleach. Tá an tArd-Stiúrthóir ina chathaoirleach ar an gCoiste Comhairleach agus tá aon chomhalta dhéag eile ar an gcoiste. Is é an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a cheapann na comhaltaí, agus roghnaítear seachtar acu go príomha as na daoine a fhaigheann ainmniúcháin ó eagraíochtaí a bhfuil cúram orthu maidir le cúrsaí comhshaoil, forbartha agus cúrsaí sóisialta, eacnamaíochta agus nithe ginearálta níos leithne. Is é an tAire a cheapann an ceathrar comhaltaí eile.

Tá raon leathan feidhmeanna comhairleacha ag an gCoiste faoi Alt 28 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA), maidir leis an EPA agus leis an Aire. Is féidir leis an gCoiste Comhairleach moltaí a chur faoi bhráid na Gníomhaireachta maidir le riachtanais ghinearálta na foirne lena n-áirítear:

- soláthar seirbhísí, lena n-áirítear áiseanna saotharlainne, a éilíonn an Ghníomhaireacht;
- caighdeáin, treoirlínte agus cóid chleachtais a bhaineann le cosaint an chomhshaoil;
- clár Taighde na Gníomhaireachta, maoiniú agus tosaíochtaí an chláir;
- Clár Oibre Bliantúil na Gníomhaireachta agus tosaíochtaí an Chláir;
- comhdhálacha oiliúna a bhaineann le cosaint an chomhshaoil.

Is féidir leis an gCoiste Comhairleach moltaí a chur faoi bhráid an Aire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maidir leis na nithe seo a leanas:

- feidhmeanna sonracha a shannadh don Ghníomhaireacht;
- maoiniú na Gníomhaireachta;
- gníomhaíochtaí nó aicmí gníomhaíochtaí ar chóir don Ghníomhaireacht feidhmeanna ceadúnaithe a bheith aici ina leith;
- freagracht a shannadh don Ghníomhaireacht maidir le saincheisteanna comhshaoil ar leith.

Coiste Comhairleach um GMO - Is í an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a cheapann an Coiste Comhairleach um GMO (Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe). Déantar é seo faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Maidir leis an gCoiste:

- cuireann sé comhairle ar an nGníomhaireacht maidir le saincheisteanna GMO ábhartha;
- ceaptar é ar feadh téarma trí bliana;
- tá 14 chomhalta ar an gcoiste arna n-ainmniú ag eagraíochtaí Rialtais agus neamhrialtasacha araon.

Is féidir a dtuairim/saineolas a iarraidh ar an gCoiste faoi aon ghné d'fheidhmeanna na Gníomhaireachta faoi na Rialacháin um Orgánaigh Ghéinmhodhnaithe maidir le hÚsáid Shrianta agus Scaoileadh Toiliúil. Bíonn cruinnithe an choiste ar siúl thart ar 4 huaire in aghaidh na bliana. Tá comhalta amháin ar an gCoiste a dhéanann ionadaíocht ar an nGníomhaireacht agus a fhónann mar Chathaoirleach.

An Grúpa Comhairleach um Leithdháileadh Náisiúnta (NAAG) - Is é an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a bhunaigh an Grúpa Comhairleach um Leithdháileadh Náisiúnta chun comhairle a chur ar Bhord na Gníomhaireachta maidir leis an bPlean Leithdháilte Náisiúnta agus Trádáil Astuithe. Soláthraíonn an NAAG comhairle freisin don Údarás um Leithdháileadh Náisiúnta, agus is é Bord an EPA a chomhlíonann ról agus freagrachtaí an Údaráis. Bíonn cathaoirleach neamhspleách ar an nGrúpa.

An Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (NWPC) – Bhunaigh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an Coiste Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl chun comhairle a thabhairt don Ghníomhaireacht agus d'eagraíochtaí eile maidir le dramhaíl a chosc. Bunaíodh an Coiste i mí Iúil 2004 chun monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt an Chláir Náisiúnta Bainistíochta Dramhaíola agus chun treoir straitéiseach a thabhairt don EPA maidir leis an gclár a chur i bhfeidhm. Is é an EPA a chuireann an cathaoirleach agus an rúnaíocht ar fáil don Choiste. Roghnaítear comhaltaí an Choiste ó raon grúpaí sainleasa rialtais, neamhrialtasacha, gnó agus earnála.

An Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí – Ceanglaíonn an Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit ar chomhlachtaí stáit Coiste Iniúchóireachta a cheapadh ar a mbeidh triúr Stiúrthóirí Neamhfheidhmiúcháin neamhspleácha ar a laghad. Toisc nach bhfuil aon Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin ar an nGníomhaireacht, áfach, lorgaíodh tarscaoileadh agus bronnadh é i mí Iúil 2002 maidir leis an gceanglas sin. D'ainneoin an tarscaoilte, chloígh an Ghníomhaireacht le meon an Chóid, agus in 2003 ceapadh Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí (IAC) ar a raibh Cathaoirleach seachtrach agus saineolaithe seachtracha eile (in ionad na Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin), mar aon le hionadaithe sinsearacha ón nGníomhaireacht.

AN GHNÍOMHAIREACHT UM CHAOMHNÚ COMHSHAOIL

Tuarascáil Bhliantúil an EPA 2011.

© An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 2011

Cé go ndearnadh gach iarracht chun cruinneas an ábhair san fhoilseachán seo a chinntiú, ní féidir cruinneas iomlán a ráthú. Ní ghlacann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil ná an t-údar/na húdair le haon fhreagracht ar bith as cailliúint nó damáiste a tharlódh, nó a d'éileofaí gur tharla, mar iarmhairt, i bpáirt nó go hiomlán, ar ghníomhú aon duine nó mainneachtain chun gníomhú aon duine, mar thoradh ar ábhar a fhaightear san fhoilseachán seo. Is féidir an foilseachán iomlán seo nó cuid de a atáirgeadh gan a thuilleadh ceada, ar an gcoinníoll go n-aithnítear an fhoinse.

Arna fhoilsiú ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Éire

Arna dhearadh ag Yellowstone Communications Design

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Bosca Poist 3000, Caisleán Bhaile Sheonach, Co. Loch Garman, Éire

Íomhánna le caoinchead ó fhoireann an EPA

Íomhá chlúdaigh - Béal an Chaoláire Rua

ISBN: 978-1-84095-451-7

CLÁR ÁBHAR

Ráiteas an Ard-Stiúrthóra 3

Misean, Fís & Luachanna 5

Struchtúr Eagraíochta an EPA 6

An Coiste Comhairleach 7

ROINN 1

Réamhrá 9

1. Athrú Aeráide a Shrianadh Agus Oiriúnú Dó 10

2. Aer Glan 14

3. Acmhainní Uisce Cosanta 18

4. Ithir agus Bithéagsúlacht Chosanta 21

5. Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní 24

6. Comhtháthú agus Forfheidhmiú 30

7. Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt 36

ROINN 2

Sainchomhairleoirí agus Comhairleoirí a Fostaíodh in 2011 43

An tAcht um Íoc Pras Cuntas, 1997 44

Foilseacháin an EPA 2011 44

CUID 3

Ráitis Airgeadais 49

RÁITEAS AN ARD-STIÚRTHÓRA

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais 2011 na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Tá sonraí sa Tuarascáil Bhliantúil faoin obair a rinneamar le linn 2011 agus cuimsíonn sé freisin ár ráitis airgeadais.

Bhí an bhliain seo caite thar a bheith dúshlánach don EPA; ach in ainneoin na ndeacrachtaí éagsúla, d'éirigh leis an nGníomhaireacht a sainordú a chur i gcrích go rathúil agus bhain sí réimse leathan torthaí dearfacha amach don chomhshaol agus do mhuintir na hÉireann.

Le linn na bliana, daingníodh cumas an EPA torthaí luachmhara sochaíocha a sholáthar chomh maith lena saineolas comhshaoil in athbhreithniú neamhspleách seachtrach ar an nGníomhaireacht. I mí na Bealtaine, cuireadh an tuarascáil deiridh ó Ghrúpa neamhspleách Athbhreithnithe faoi bhráid an Aire Comhshaoil. Cuireadh tús leis an athbhreithniú seo in 2010 agus bhí sé mar aidhm aige, i measc nithe eile, measúnú a dhéanamh ar fheidhmíocht an EPA i gcomparáid lena sainordú agus athbhreithniú a dhéanamh ar na hacmhainní leithdháilte don EPA de dhroim a hoibleagáidí reatha agus a hoibleagáidí measta amach anseo.

Is ábhar misnigh iad torthaí foriomlána Thuarascáil an Ghrúpa Athbhreithnithe. Deirtear sa tuarascáil gur acmhainn náisiúnta suntasach é an saineolas comhshaoil atá le fáil san EPA. Deirtear go bhfuil an EPA tar éis an-leas a sholáthar do chomhshaol na hÉireann ón uair a bunaíodh í, agus do shláinte agus d'fholláine na ndaoine. Deir an Grúpa Athbhreithnithe nach bhfuil sé éasca tionchar reatha an EPA i gcaomhnú chomhshaol na hÉireann a chothabháil ná éifeachtacht na Gníomhaireachta a mhéadú le linn tréimhse déine. Ach, tugtar foláireamh sa tuarascáil gan gearradh siar ar acmhainní an EPA, á rá gur bréagbharainneacht a bheadh anseo mar gheall ar na hiarmhairtí fadtéarmacha a bhainfeadh leis na ciorruithe - iarmhairtí ar shláinte agus ar fholláine na ndaoine, ar bhithéagsúlacht agus ar ár n-oibleagáidí faoi dhlí an AE.

Déantar go leor moltaí luachmhara sa tuarascáil seo, cuid acu atá taobh amuigh de rialú na Gníomhaireachta. Tá plean feidhmithe ullmhaithe againn do na moltaí sin a bhaineann díreach leis an EPA agus dhírigh an EPA orthu ón uair a foilsíodh iad.

Mhol an Grúpa Athbhreithnithe méid agus cáilíocht rannpháirtíocht na Gníomhaireachta leis an nGrúpa agus chuir sé a mheas mór d'Ard-Stiúrthóir an EPA ag an am, an Dr Mary Kelly, ar an taifead. In 2011, d'fhág an Dr Kelly an EPA le ról an Chathaoirligh a ghlacadh ar an mBord Pleanála. Bhí an Dr Kelly mar Ard-Stiúrthóir an EPA ó 2002 agus stiúir sí an EPA go héifeachtach trí athruithe móra le linn an ama sin. Mar atá le feiceáil ó thorthaí an Athbhreithnithe, d'fhás an Ghníomhaireacht faoina ceannaireacht agus tá sí aitheanta anois mar eagraíocht fheidhmiúil agus éifeachtach de chuid na hearnála poiblí atá oiriúnach don chuspóir agus atá in ann luach ar airgead a léiriú.

Ní gá dul isteach go mion sna dúshláin a chuamar i ngleic leo, mar Ghníomhaireacht, le linn na bliana: de thoradh an chúlaithe eacnamaíochta, chonacthas ciorruithe ar fud na gcomhlachtaí poiblí agus ní haon eisceacht í an EPA. Anois, tá an Ghníomhaireacht ag dul i ngleic le holldúshláin náisiúnta eacnamaíochta le hacmhainní laghdaithe airgeadais agus foirne. I mbliana, leanamar orainn, mar a rinneamar cheana, ag glacadh tuilleadh freagrachtaí orainn féin, lena n-áirítear leasúchán shuíomh Líonta Talún Bhaile Chairdif, freagracht as córais chóireála tithe aonair a rialú, agus feidhmeanna eile ag eascairt as reachtaíocht thánaisteach. Bhí dualgas ann tabhairt faoin obair nua seo taobh istigh d'acmhainní reatha, ag cur iallach ar athchothromú leanúnach tosaíochtaí. D'éirigh linn an próiseas seo a bhainistiú go héifeachtach i mbliana, mar a rinneamar cheana.

Thug an Grúpa Athbhreithnithe suntas ar leith don ardú comhsheasmhach i bhfeidhmeanna dian ar acmhainní agus freagrachtaí breise a shannadh don EPA. Cé go leanamar orainn go héifeachtach i mbliana, tuigim, áfach, nach féidir le haon eagraíocht leanúint ar aghaidh gan chríoch ag soláthar an leibhéal céanna spriocanna riachtanacha sochaíocha ar acmhainní laghdaithe.

Is é an misean atá againn san EPA ná an comhshaol a chosaint do mhuintir na hÉireann. Tá na torthaí a lorgaímid simplí; tá na dúshláin atá orainn dul i ngleic leo d'fhonn na torthaí seo a bhaint amach gríobhach. Ní mór dúinn comhshaol sláintiúil agus cosanta a choinneáil. Tá ár gcomhshaol thar a bheith tábhachtach ann féin. Cabhraíonn sé lenár sláinte, ár bhfolláine agus ár gcaighdeán saoil i gcoitinne. Is riachtanais bhunúsacha dhaonna iad aer glan agus uisce sábháilte. Tá ról ag ár gcomhshaol freisin i dtéarnamh geilleagrach, fás agus i gcruthú post. Meallann Éire infheistíocht isteach mar gheall ar an aitheantas atá ann dár gcomhshaol glan, i measc nithe eile. Creidtear go bhfuil ár n-acmhainn uisce ina príomhshócmhainn náisiúnta. Ní mór dúinn a chinntiú go gcosnaítear na hacmhainní nádúrtha agus na riochtaí comhshaoil atá bunriachtanach i gcomhair folláine gheilleagrach agus shóisialta na glúine seo agus na glúine atá le teacht, agus nach ndéantar díghrádú ná ídiú orthu.

Anuraidh - agus le blianta beaga anuas - tá laghdú le feiceáil i gcuid de na brúnna ar ár gcomhshaol. Mar shampla, tháinig laghdú ar Astuithe Gáis Cheaptha Teasa ar ghiniúint dramhaíola de thoradh an chúluithe eacnamaíochta. Ní

féidir linn, áfach, an laghdú seo, de thoradh an chúluithe, a mheascadh le bainistíocht fhreagrach an chomhshaoil. Ní mór dúinn a chinntiú go mbunaítear athnuachan agus téarnamh geilleagrach ar phrionsabail na forbartha inbhuanaithe agus go ndíchúplálaimid forbairt gheilleagrach ó bhrúnna comhshaoil amach anseo.

B'ábhar misnigh dom méadú leanúnach a fheiceáil i mbliana ar líon ard na ndaoine gur spéis leo an comhshaol agus obair an EPA. Feicimid go bhfuil sé seo le sonrú i líon na gcuairteanna ar ár láithreán Gréasáin agus ar an spéis i réimse leathan ár dTuarascálacha, lena n-áirítear Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce Óil, Tuarascáil ar Cháilíocht Uisce Snámha, Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola, Tuarascáil ar Cháilíocht Aeir agus tuarascálacha taighde. Tá an spéis seo le feiceáil san ardú ar líon na ndaoine atá ag glacadh páirte inár dtionscnaimh BeGreen faoinár gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

Chuir sé áthas orm freisin chomh rathúil is a bhí Comhdháil Tyndall i gCaisleán Bhaile Átha Cliath agus ár sraith ghaolmhar léachtaí ar athrú aeráide. Bhíomar mar chomh-óstaigh na comhdhála Tyndall le hAcadamh Ríoga na hÉireann d'fhonn an t-eolaí Éireannach, a d'aithin an ról lárnach atá ag Gáis Cheaptha Teasa chun teocht an domhain a choinneáil, a chomóradh. Arís, leagadh béim sa chomhdháil seo agus sa chlúdach a fuair sí ar an ardú feasachta maidir leis an méid atá le foghlaim ón eolaíocht maidir le réadúlacht athrú aeráide agus chuaigh sé i gcoinne na n-argóintí a chuir sceiptigh athrú aeráide chun cinn. Deimhníodh dúinn le líon na ndaoine a d'fhreastail ar an gcomhdháil agus a rannpháirtíocht go bhfuil feasacht agus tuiscint ardaithe i measc an phobail agus go bhfuil níos mó fonn ar dhaoine a bheith páirteach sa réiteach ar an scéal.

Ag deireadh na bliana, agus sna blianta amach romhainn, tá a fhios againn cén bóthar ar a dtriailfimid. Cuirfear tús le téarnamh gheilleagar na hÉireann agus arís, tiocfaidh méadú ar an mbrú ar ár gcomhshaol. Sula dtarlaíonn a leithéid, ní mór dúinn an deis ghairid atá againn anois ár gcomhshaol nádúrtha a chosaint agus meas a bheith againn air. Ní mór dúinn tús a chur le tógáil gheilleagar ísealcharbóin atá éifeachtach ar acmhainní. Ní mór dúinn gach reachtaíocht a bhaineann leis an gcomhshaol a chur i bhfeidhm, agus ní mór dúinn an comhshaol a chur i gcroílár na cinnteoireachta in Éirinn. Má ghlacaimid na céimeanna seo, is féidir linn an tsócmhainn náisiúnta luachmhar seo - atá i mbaol - a chosaint.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

MISEAN, FÍS & LUACHANNA

IS É ÁR MISEAN NÁ:

An comhshaol nádúrtha a chosaint agus a fheabhsú don ghlúin seo agus do ghlúine na todhchaí, agus prionsabail chomhshaoil, shóisialta agus eacnamaíocha na forbartha inbhuanaithe á gcur san áireamh.

IS É ÁR BHFÍS NÁ A BHEITH:

- Mar ghníomhaí cumhachtach i gcomhair athruithe, idir dhearcaí i dtaobh an chomhshaoil agus ghníomhartha ar chosaint an chomhshaoil;
- Mar eagraíocht a oibríonn le saincheisteanna comhshaoil a chur i gcroílár na bpróiseas cinnteoireachta idirnáisiúnta, náisiúnta agus áitiúil;
- Mar eagraíocht inchreidte a bhfuil meas uirthi a labhraíonn go misniúil ar son chosaint an chomhshaoil;
- Mar eagraíocht de scoth an domhain a mbeidh daoine mórtasach as a bheith ag obair inti.

IS IAD ÁR LUACHANNA NÁ:

- Ionracas, neamhspleáchas agus gairmiúlacht;
- Seirbhís dár bpáirtithe leasmhara;
- Luach ar airgead;
- Urraim agus tacaíocht do chomhghleacaithe;
- Toilteanach foghlaim.

IS IAD ÁR SPRIOCANNA NÁ:

Socraíodh spriocanna in *Fís 2020* faoi na ceannteidil seo a leanas: athrú aeráide a shrianadh agus oiriúnú dó, aer glan, acmhainní uisce cosanta, ithir agus bithéagsúlacht chosanta, úsáid inbhuanaithe acmhainní agus comhtháthú agus forfheidhmiú. Is é sprioc uileghabhálach na heagraíochta a bheith inár n-eagraíocht ardfheidhmíochta le daoine inniúla tiomanta, atá dírithe ar an gcustaiméir agus atá éifeachtach ó thaobh na heagraíochta de agus a fheidhmíonn mar churadh an chomhshaoil.

Athrú Aeráide a Shrianadh agus Oiriúnú Dó – Bainfidh Éire amach laghduithe móra in astuithe gáis cheaptha teasa agus beidh sí réidh do thionchar dosheachanta an athraithe aeráide.

Aer Glan – Beidh aer na hÉireann sláintiúil glan. Comhlíonfaidh astuithe na hÉireann chuig an atmaisféar na spriocanna idirnáisiúnta agus náisiúnta uile.

Acmhainní Uisce Cosanta – Ní ídeofar ár n-uisce dromchla ná ár screamhuisce agus beidh sé de cháilíocht ard, ag comhlíonadh na gcaighdeán náisiúnta agus idirnáisiúnta uile.

Ithir Chosanta agus Bithéagsúlacht – Cosnófar ithir na hÉireann ó éilliú agus ó chailliúint agus tacóidh sí le plandaí agus le hainmhithe spleácha. Cosnófar agus bainisteofar ár mbithéagsúlacht le go mbainfidh na glúine amach romhainn taitneamh as.

Úsáid Inbhuanaithe Acmhainní – Is í an sprioc tríd is tríd ná úsáid níos éifeachtúla a bhaint as acmhainní (uisce, fuinneamh agus ábhair). Cuirfear cosc ar dhramhaíl agus íoslaghdófar í, agus baileofar, athchúrsálfar nó aisghabhfar an chuid eile di. Déanfar an diúscairt deiridh ar bhealach nach ndéanfaidh dochar don chomhshaol.

Comhtháthú agus Forfheidhmiú – Beidh gnéithe comhshaoil ag croílár an cheaptha beartas agus na cinnteoireachta. Beidh iompraíocht chomhshaoil fhreagrach ina gnáthiompraíocht thar gach earnáil den tsochaí agus gearrfar pionóis ar aon duine nach gcomhlíonann na dlíthe comhshaoil.

Eagraíocht Ardfheidhmíochta a Fhorbairt – Is riachtanas leanúnach é na daoine agus na hacmhainní eagrúcháin a fhorbairt chun tacú lenár straitéis agus chun é sin a dhéanamh ní mór díriú ar cheithre phríomhréimse. Is mian linn cur lenár gcáil agus a chinntiú go bhféachfar orainn mar eagraíocht a bhfuil láidreachtaí aici sna ceithre phríomhréimse seo a leanas: Daoine Inniúla/Tiomanta; Curadh an Chomhshaoil; Dírithe ar an gCustaiméir agus Struchtúr Eagraíochta atá Éifeachtúil ó thaobh Eagrúcháin.

STRUCHTÚR EAGRAÍOCHTA AN EPA



AN BORD STIÚRTHÓIRÍ

Clé go deas

An Dr Mary Kelly	*Ard-Stiúrthóir (go dtí Lúnasa 2011)*
An tUasal Laura Burke	*Ard-Stiúrthóir (ó Shamhain 2011 i leith)* *Stiúrthóir, An Oifig um Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní (go dtí Samhain 2011)*
An tUasal Dara Lynott,	*Leas-Ardstiúrthóir; Stiúrthóir, An Oifig Forfheidhmithe i leith Cúrsaí Comhshaoil*
An tUasal Micheál Ó Cinnéide	*Stiúrthóir, An Oifig um Measúnacht Comhshaoil*
An Dr Matt Crowe	*Stiúrthóir, An Oifig Cumarsáide agus Seirbhísí Corparáideacha*

COISTE COMHAIRLEACH

Tá Coiste Comhairleach ag an EPA le cabhrú léi. Tá dáréag comhalta air agus tagann siad le chéile le plé a dhéanamh ar ábhair imní agus le comhairle a chur ar an mBord. Is, de bhrí oifige, atá Ard-Stiúrthóir an EPA, comhalta den Choiste agus ina Cathaoirleach air. Téarma trí bliana atá ag an gCoiste. Is é an tUasal John Gormley, TD, An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a cheap an 5ú Coiste Comhairleach de chuid an EPA an 21 Eanáir 2010.

Cathaoirleach: Laura Burke
(de bhrí oifige)

An tUasal Brian Buckley
(ainmnithe ag Comhlachas Chumainn Tráchtála na hÉireann)

An tUasal Brendan Dunford
(ainmnithe ag an gComhairle Oidhreachta)

An Dr Shirley Gallagher
(ainmnithe ag Cumann Eolaíochtaí Comhshaoil na hÉireann)

An tOllamh Margaret O Mahony
(ainmnithe ag Institiúid Innealtóirí na hÉireann agus Acadamh Ríoga na hÉireann)

An tOllamh John Sweeney
(ainmnithe ag OÉ, Maigh Nuad)

An tUasal Éanna Ní Lamhna
(ainmnithe ag Líonra Comhshaoil na hÉireann)

An Comhairleoir Brian Meaney
(ainmnithe ag Comhlachas Údarás Bardasach na hÉireann)

An tUasal Vincent Cleary
(Bainisteoir Stiúrtha Glenisk Organic Ireland)

An tUasal David Ball
(Hidrigeolaí)

An Dr Elizabeth Cullen
(comhbhunaitheoir Chumann Comhshaoil Dhochtúirí na hÉireann agus comhalta den choiste)

An Dr Evelyn Moorkens
(Comhairleoir Éiceolaíoch)

ROINN 1

RÉAMHRÁ

Fáilte chuig Tuarascáil Bhliantúil 2011 an EPA. Tá achoimre sa tuarascáil seo ar phríomhghníomhaíochtaí an EPA agus ar na torthaí comhshaoil agus eagrúcháin a baineadh amach le linn 2011. Tá struchtúr an doiciméid seo ag teacht le *Fís 2020*, an chreatlach straitéiseach maidir le caomhnú agus feabhsú chomhshaol na hÉireann a d'fhoilsigh an EPA i mí Aibreáin 2007.

Déantar obair an EPA ina cheithre phríomhoifig:

Tá sainchúram leathan ar an ***Oifig um Aeráid, um Cheadúnú, um Thaighde agus um Úsáid Acmhainní,*** lena n-áirítear obair an Aonaid Cheadúnaithe maidir le saoráidí móra tionsclaíocha agus dramhaíola agus scardadh dramhuisce a cheadúnú. Tá an tAonad um Athrú Aeráide freagrach as astuithe gáis cheaptha teasa na hÉireann a rialú agus tuairisciú fúthu, agus as taighde ar athrú aeráide a chomhordú. Tá an tAonad um Úsáid Acmhainní freagrach as úsáid inbhuanaithe acmhainní a chur chun cinn tríd an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl a chur i bhfeidhm, an Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola a fhoilsiú agus an Plean Náisiúnta Bainistíochta um Dhramhaíl Ghuaiseach a chur chun cinn agus trí raon leathan rialachán maidir le Freagracht ar an Táirgeoir a fhorghníomhú. Tá an Oifig freagrach freisin as áiseanna móra stórála peitril a cheadú agus cead a thabhairt maidir le horgánaigh ghéinmhodhnaithe, agus as comhordú a dhéanamh ar chlár náisiúnta um thaighde comhshaoil.

Tá an ***Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil*** tiomanta do reachtaíocht chomhshaoil a chur i bhfeidhm agus a fhorfheidhmiú in Éirinn. Tá freagracht dhíreach ag an oifig as forfheidhmiú cheadúnais an EPA a bhronntar i leith gníomhaíochtaí dramhaíola, tionsclaíocha agus gníomhaíochtaí eile. Chomh maith leis sin déanann an oifig maoirseacht ar ghníomhaíochtaí cosanta comhshaoil na n-údarás áitiúil, trína bhfeidhmíocht a iniúchadh, trí chomhairle agus treoracha a thabhairt dóibh, agus trí threoracha atá ina gceangal dlí a thabhairt má oireann sé sin.

Déanann an ***Oifig um Measúnacht Comhshaoil*** monatóireacht thimpeallach ar aer agus uisce, lena n-áirítear monatóireacht ar lochanna, aibhneacha agus inbhir ó thaobh gnéithe ceimiceacha, bitheolaíochta agus hidriméadracha de, agus déanann sí monatóireacht cháilíochtúil agus chainníochtúil ar screamhuisce, agus déanann sí comhordú ar an obair monatóireachta. Tacaíonn sí le feidhmeanna ceadúnúcháin agus forfheidhmiúcháin an EPA trí mhonatóireacht a dhéanamh ar astuithe agus trí sheirbhísí éagsúla maidir le saotharlanna a sholáthar. Tugann sí cabhair samplála agus saotharlainne d'údaráis áitiúla freisin. Tá an Oifig freagrach as raon feidhmeanna, lena n-áirítear: uirlisí measúnaithe amhail Córais Faisnéise Geografaí (GIS) a fhorbairt agus a úsáid; tuarascálacha tráthrialta a sholáthar ar chaighdeán an chomhshaoil agus tuarascálacha tréimhsiúla a fhoilsiú ar 'staid an chomhshaoil' agus Tuarascálacha Táscaire a fhoilsiú. Lena chois sin, cuireann an Oifig príomhghnéithe de Chreat-Treoir Uisce agus Chreat-Treoir Aeir an AE, mar aon lena Macthreoracha, i bhfeidhm. Feidhmíonn Oifig seo an EPA mar Lárphointe Náisiúnta na hÉireann don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA), déanann sí maoirseacht ar Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil agus comhordaíonn sí gníomhaíocht an EPA maidir le hithreacha agus bithéagsúlacht.

Cinntíonn an ***Oifig Seirbhísí Cumarsáide agus Corparáideacha***, i measc rudaí eile, go ndéanann an EPA a chuid gníomhaíochtaí gnó ar bhealach éifeachtúil, a chloíonn leis an gcleachtas gnó is fearr agus go ndéanann sé cumarsáid éifeachtach lena chuid páirtithe leasmhara agus leis an bpobal i gcoitinne. Tá an Oifig freagrach as seirbhísí Airgeadais, Cumarsáide, Rialachais Chorparáidigh, Theicneolaíocht na Faisnéise, Acmhainní Daonna, Oiliúna agus Eagrúcháin.

Is féidir breis faisnéise ar ghníomhaíochtaí an EPA, ar cheadúnais, ar fhoilseacháin agus ar nuachtlitreacha a fháil ar láithreán Gréasáin an EPA ag www.epa.ie.

1. ATHRÚ AERÁIDE A SHRIANADH AGUS OIRIÚNÚ DÓ

TRÁDÁIL ASTUITHE

- Léirigh Astuithe fíoraithe Gáis Cheaptha Teasa (GHG) do 2010 go bhfuil ardú beag go 17.35 Mthona CO_2 tagtha ar astuithe i gcomparáid leis an gclaonadh síos ó 22.43 Mthona in 2005, go 17.22 Mthona a tuairiscíodh in 2009.
- Bhí ceadanna bailí ag 101 monarcha a bhí clúdaithe ag an scéim trádála astuithe in Éirinn trína gcuirtear dualgas orthu monatóireacht a dhéanamh ar astuithe agus tuairisc a thabhairt orthu agus liúntais a ghéilleadh do 2010 nó cuid di, in 2011 thit líon na monarchana go 99.
- Chloígh Éire 100% leis an scéim arís, agus ghéill sealbhóirí na gceadanna gáis cheaptha teasa an líon riachtanach liúntas faoi 30 Aibreán a bhí comhionann lena n-astuithe fíoraithe.
- Tugadh faoi chleachtadh mór bailithe sonraí in 2011 d'fhonn na leithdháiltí saor in aisce d'oibreoirí monarchana do-aistrithe le haghaidh Chéim III den scéim um thrádáil astuithe (2013-2020) a ríomh. Bunófar leithdháiltí ar rialacha atá ar fud an AE agus a d'fhoilsigh an Coimisiún in Aibreán 2011. Tar éis comhairliúcháin phoiblí, cuireadh na réamh-leithdháiltí ar aghaidh chuig Coimisiún an AE le haghaidh iniúchta an 22 Nollaig 2011. Is réamh-leithdháiltí iad na leithdháiltí mar go bhfuil an fhéidearthacht ann go mbeidís faoi fhachtóir ceartúcháin trasearnála an AE.
- Thuairiscigh oibreoirí san earnáil Eitlíochta a n-astuithe den chéad uair in 2011. Fuarthas líon iomlán 109 tuairisc in 2011 trí chóras tuairiscithe ar líne. Oibreoirí beaga scairdeitleáin phríobháidigh a bhí bunaithe sna Stáit Aontaithe ba ea an-chuid de na hoibreoirí sin. Bhí an rogha ag oibreoirí freisin iarratas a dhéanamh ar leithdháileadh saor in aisce liúntas do 2012 agus 2013-2020 trí thuairisc ar phá-lasta agus tuairisc ar na haistir a thaistil siad a chur isteach (tuairisc thona-ciliméadair). Fuarthas caoga a ceathair de na tuairiscí seo agus chuir an EPA faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh iad. Foilsíodh leithdháileadh saor in aisce na n-oibreoirí seo ar ár láithreán Gréasáin an 26 Deireadh Fómhair 2011 bunaithe ar thagarmharc fógartha ag an gCoimisiúin ag deireadh Mheán Fómhair.
- Bhí cúrsaí sláine fós ina ardtosaíocht in 2011 i bhfeidhmiú Chlár Náisiúnta Trádála Astuithe na hÉireann.

CRUINNITHE UNFCCC

- Ghlac saineolaithe ó Aonad um Athrú Aeráide an EPA páirt i gComhdháil UNFCC faoi Athrú Aeráide in Durban san Afraic Theas, ag tacú leis an toscaireacht náisiúnta agus leis an bpróiseas idirbheartaíochta.

FARDAIL ASTUITHE NÁISIÚNTA

- Cuireadh bailchríoch ar an bhfardal náisiúnta do 2009, agus foilsíodh réamhleagan den fhardal do 2010 i mí na Samhna.
- Meastar gurb ionann iomlán na n-astuithe gáis cheaptha teasa náisiúnta agus 61.3 milliún tonna de choibhéis dé-ocsaíd charbóin (Mt CO_2eq) sa bhliain 2010, figiúr atá níos ísle ná na hastuithe in 2009 (0.8% nó 0.51 Mt CO_2eq níos ísle).
- Bhí Éire 5.43 Mt CO_2eq os cionn na sprice a leagadh síos faoi Phrótacal Kiótó, bunaithe ar na chéad trí bliana de Thréimhse Kiótó (.i. 2008, 2009 agus 2010) nuair a chuirtear tionchar na linnte foraoise agus Scéim Trádála Astuithe an AE san áireamh.

RÉAMH-MHEASTACHÁIN AR ASTUITHE

- Léiríonn Réamh-mheastacháin ar Ghás Ceaptha Teasa na hÉireann don tréimhse 2010-2020 an ghníomhaíocht laghdaithe de bharr an choir chun donais eacnamaíoch, ach fós tá dúshlán leanúnach i gceist d'Éirinn chun a cuid oibleagáidí 2020 a chomhlíonadh.
- Tá próifíl na n-astuithe gáis cheaptha teasa in Éirinn neamhghnách i gcomhthéacs na hEorpa, toisc go dtagann 30% de na hastuithe uile ó thalmhaíocht agus gurb ionann iad agus 43% de na hastuithe uile ón earnáil neamhthrádála. Dá bhrí sin tá sé fíordheacair laghduithe iarbhír a chur i bhfeidhm san earnáil neamhthrádála ar an scála atá ag teastáil.
- Bíodh is gur léirigh na réamh-mheastacháin a foilsíodh in Aibreán 2011 go mbeadh astuithe na hÉireann 6.3 – 8.1 Mthona CO2e níos airde ná na teorainneacha a leagadh amach dúinn de réir Phrótacal Kiótó, léiríonn na figiúirí atá le foilsiú go luath in 2012 nach mbeimid an oiread sin os cionn sprioc Kiótó. Tá foráil in Airteagal 3.3 de Phrótacal Kiótó gur féidir tionchar na linnte foraoise a chur san áireamh nuair atá astuithe na hÉireann i ndáil leis an bPrótacal á meas. De thoradh na gceannachán atá déanta cheana féin ag Gníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta thar ceann an Rialtais, chomh maith le feidhmiú na Scéime Trádála Astuithe is cosúil, de réir na réamh-mheastachán is déanaí atá le foilsiú in 2012, gur féidir le hÉirinn a cuid oibleagáidí Kiótó a chomhlíonadh gan aon cheannacháin bhreise a dhéanamh.
- Ag breathnú dúinn níos faide ar aghaidh go 2020, is léir go mbeidh dúshlán le sárú ag Éirinn chun sprioc an AE maidir le hastuithe gáis cheaptha teasa don bhliain sin a bhaint amach toisc staid uathúil na hÉireann san AE mar an tír ina bhfuil an cion náisiúnta is airde d'astuithe talmhaíochta aici. Léiríonn na réamh-mheastacháin is déanaí go meastar go sáróidh Éire sprioc bhliantúil 2020 an AE ó 2017 ar aghaidh i ndáil le gáis cheaptha teasa.
- Leanfaidh an EPA ar aghaidh ag nuashonrú agus ag coigeartú na réamh-mheastachán maidir le gáis cheaptha teasa ag cur san áireamh forbairtí socheacnamaíocha, teicneolaíochta agus beartais, tabharfaidh sé na príomhbhoinn tuisceana cothrom le dáta agus tabharfaidh sé aird ar shonraí agus ar shamhlacha níos fearr de réir mar a bhíonn siad ar fáil.

EOLAÍOCHT AERÁIDE AEIR

Rinneadh dul chun cinn suntasach ar leibhéal Chreatchoinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Athrú Aeráide (UNFCC) in 2011 maidir le bearta atá le déanamh amach anseo le dul i ngleic leis an athrú aeráide. Díríodh é seo ar chur i bhfeidhm phríomh-eilimintí na n-aschur Cancun m.sh. maidir le hairgeadas agus le hobair a chur i gcrích ar ghníomhartha domhanda amach anseo, lena n-áirítear glacadh le dara tréimhse ceangaltais faoi Phrótacal Kiótó. Tá próiseas d'fhonn Cancun a chur i bhfeidhm agus comhaontú domhanda ar athrú aeráide a chur i gcrích faoi 2015 a chumasú bunaithe ag Durban a chuimseoidh gach mórgheilleagar, geilleagair éiritheacha san áireamh.

Tá gá le tuilleadh oibre chun leibhéil uaillmhéine a ardú má táthar chun an sprioc maidir le cosaint aeráide, le cinntiú nach mbeidh an t-ardú teochta domhanda níos mó ná 2 chéim Celsius, a bhaint amach. Cuirtear fáilte roimh athbhreithniú ar an sprioc seo agus ar spriocanna eile lena n-áirítear maoiniú a sholáthar do bhearta maidir le hathrú aeráide i dtíortha i mbéal forbartha ó 2013 ar aghaidh nuair a fhoilseofar an chéad imleabhar den chéad tuarascáil athbhreithnithe eile ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide (IPCC). Chuir an IPCC tuarascáil ar fáil maidir le himeachtaí foircneacha le linn 2011.

I rith 2011, rinne an EPA na nithe seo a leanas:

- Bhí ionadaíocht láidir againn i gcónaí sna gníomhaíochtaí idirnáisiúnta maidir le heolaíocht aeir agus aeráide.
- Bhíomar rannpháirteach in obair Shainghrúpaí Eolaíochta agus Airgeadais an AE um athrú aeráide maidir le hullmhú don chruinniú in Durban.

- D'oibríomar mar chuid de thoscaireacht na hÉireann ag cruinnithe UNFCCC agus rinneamar ionadaíocht ar an AE sa phróiseas idirbheartaíochta.
- Bhíomar i mbun idirghníomhaíochtaí leanúnacha maidir le hobair agus forbairt an IPCC sa todhchaí lena n-áirítear rannpháirtíocht ag a chruinnithe iomlánacha agus soláthar nótaí tráchta agus ábhar athbhreithnithe chuig an IPCC.
- Ghlacamar páirt i gcruinnithe na Comhairle Comhairlí um Monatóireacht Dhomhanda don Chomhshaol agus don tSábháilteacht (GMES).

TIONSCNAIMH TAIGHDE

- Soláthraíodh thart ar €3.4 mhilliún in 2011 mar mhaoiniú do thaighde reatha agus nua sa réimse seo. Bhí sé seo dírithe ar thionscadail tosaíochta faoi astuithe agus linnte gáis cheaptha teasa, lena n-áirítear obair chun freagra a thabhairt ar réamhanailís ar cheisteanna úsáidte talún, atá go mór chun tosaigh in Éirinn.
- Cuireadh roinnt tionscadal taighde i gcrích in 2011 agus foilseofar tuarascálacha tionscadal in 2012 lena n-áirítear obair ar bhithghás agus ar athbhunú tailte portaigh.
- Chuireamar obair chun cinn maidir le córas faisnéise faoi athrú aeráide d'Éirinn a fhorbairt agus foilseofar anailís ar leochaileacht in 2012.
- Leanamar orainn ag déanamh anailíse ar na hastuithe gáis cheaptha teasa agus ar na linnte a bhaineann le húsáid talún in Éirinn.
- Leanamar orainn le hobair maidir le samhaltú fuinnimh náisiúnta lena n-áirítear anailís a dhéanamh ar bhealaí chun spriocanna fadtéarmacha .i. suas go dtí 2050, a bhaint amach maidir le hastuithe gáis cheaptha teasa a laghdú.
- Rinneadh anailís earnála ar chórais iompair agus ar úsáid fritháirimh intíre chun bearta aeráide a chur chun cinn.
- Thacaigh an EPA le comhoibriú shaineolaithe na hÉireann maidir le Tuarascáil Speisialta an IPCC ar fhuinneamh in-athnuaite.

TIONSCNAIMH A BHAINEANN LE CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Rinneadh nuashonrú ar leathanaigh Ghréasáin an EPA a bhaineann le hathrú aeráide agus tá torthaí an taighde is déanaí ó thionscadail a ndéanann an EPA maoiniú orthu le fáil air, mar aon le faisnéis cothrom le dáta ó idirbheartaíochtaí aeráide idirnáisiúnta; naisc le heagraíochtaí idirnáisiúnta atá ag obair ar athrú aeráide agus uirlisí áirithe carbóin le húsáid ag daoine aonair agus ag gnóthais, agus freagraí faoi na ceisteanna a chuirtear go minic faoin athrú aeráide. Tabhair cuairt ar: www.epa.ie/whatwedo/climate/
- Lean an EPA ar aghaidh ag úsáid na meán sóisialta chun cumarsáid a dhéanamh leis an bpobal agus le príomhpháirtithe leasmhara eile; áirítear leis seo úsáid a bhaint as YouTube maidir le rochtain a sholáthar ar léachtaí agus ar chur i láthair ag comhdhálacha faoi athrú aeráide, Twitter a úsáid i gcomhair na nuachta agus SlideShare le haghaidh ábhar léirithe.
- Cuireadh leabhráin eolais ar an EPA agus ar Athrú Aeráide ar fáil agus scaipeadh iad ar pháirtithe leasmhara. Bhí cur síos iontu ar na róil agus ar na freagrachtaí atá ar an EPA maidir le hathrú aeráide.
- Tionóladh mórchomhdháil idirnáisiúnta rathúil i gcuimhne ar John Tyndall i gCaisleán Bhaile Átha Cliath.
- Leanadh le sraith léachtaí poiblí an EPA ar Athrú Aeráide le linn 2011 a raibh an-tóir orthu, ag díriú ar Iompar agus ar Thalmhaíocht le léacht speisialta ar John Tyndall. Leanfar ar aghaidh leis an tsraith in 2012.





2. AER GLAN

CÁILÍOCHT AEIR

- Tugadh le fios sa tuarascáil *Air Quality in Ireland in 2010 - Key Indicators of Ambient Air Quality* go raibh cáilíocht aeir ar ardchaighdeán ag na stáisiúin mhonatóireachta ar fud na tíre. Cúis imní áfach iad na leibhéil dé-ocsaíd nítrigine agus na leibhéil d'ábhar cáithníneach (PM_{10}) de thoradh tráchta i lár chathair Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus d'fhéadfadh hidreacarbóin aramatacha iltimtriallacha (PAH) a bheith ina dtruailleáin amach anseo. Is ó astuithe sceithphíopa feithiclí agus nuair a dhóitear breosla soladach baile a thagann PAHanna.
- Tá leibhéil arda d'ábhar cáithníneach i mbailte níos lú, toisc breosla soladach a bheith á dhó ag daoine agus tá tionchar mór aige seo ar cháilíocht an aeir i gceantar ina ndíoltar gual biotúmanach. Le cuidiú linn leis seo, éilíonn rialacháin nua a foilsíodh in 2011 go mbeidh leibhéal sulfair atá níos lú ná 0.7 faoin gcéad i ngach gual biotúmanach a chuirfear ar an margadh in Éirinn le húsáid sa bhaile. Anuas air seo, cuireadh cosc ar dhíol ghual biotúmanach i gceithre bhaile bhreise in 2011 - Inis, Cluain Meala, Ceatharlach agus Baile Átha Luain.
- Léirítear sa ghraf thíos (Fig. 2) treochtaí i dtiúchain ábhar cáithníneach PM_{10} idir 2002 agus 2010.

AN LÍONRA MONATÓIREACHTA AEIR

- I measc na suíomhanna monatóireachta aeir nua in 2011 bhí Clár Chlainne Mhuiris i gCo. Mhaigh Eo agus Sionainn, i gCo. an Chláir.
- Tá suíomh na láithreán monatóireachta in 2011 léirithe sa léarscáil ar an gcéad leathanach eile.

TREOIR UM UASTEORAINNEACHA ASTUITHE NÁISIÚNTA

- Cuireadh iallach ar Éirinn srian a chur ar astuithe a bhaineann le ceithre thruailleán trasteorann aeir in 2010, faoin Treoir um Uasteorainneacha Astuithe Náisiúnta. Léiríonn figiúirí sealadacha go raibh astuithe a bhaineann le trí cinn de na truailleáin seo (dé-ocsaíd sulfair, comhdhúile so-ghalaithe orgánacha agus amóinia) faoi na huasteorainneacha astuithe in 2010. Bhí na hastuithe a bhaineann leis an gceathrú truailleán, ocsaíd nítrigine, thar uasteorainn astuithe 2010. Is í an earnáil iompair is mó a tháirgeann astuithe ocsaíd-nítrigine (NO_x), is é sin 51% d'astuithe NO_x in 2010.

AN TREOIR UM THORANN COMHSHAOIL

- Lean an EPA lena hullmhúcháin chun a dualgais a chomhlíonadh faoi na Rialacháin um Thorann Timpeallachta maidir le Babhta 2 den próiseas mapála torainn agus pleanála gnímh. Áirítear leis seo doiciméid threorach a nuashonrú chun na hathruithe agus na heispéiris a gnóthaíodh ó Bhabhta 1 a thógáil san áireamh.



Fig 1: Ionaid na Suíomhanna Monatóireachta Aeir in 2011



Fig 2: Treochtaí i dtiúchain ábhar cáithníneach (PM_{10}) idir 2002 agus 2010

- Chuir an EPA tús le cleachtadh chun ceanglais mapála a shoiléiriú. Is éard a bhí i gceist leis seo ná teimpléid thuairiscithe a fhorbairt maidir le gach ceann de na comhlachtaí mapála torainn lena n-áirítear na húdaráis áitiúla uile agus obair fhorleathan leantach trí ríomhphoist agus trí ghlaonna teileafóin. Ar an mbealach céanna, le linn 2011 d'fhreagair an EPA réimse leathan ceisteanna ó na comhlachtaí mapála torainn.
- Le cuidiú leis an ngné bailithe sonraí den phróiseas mapála torainn, d'eagraigh an EPA ceardlann do na húdaráis áitiúla uile. Bhí sé mar aidhm ag an gceardlann seo tacaíocht phraiticiúil a sholáthar d'údaráis áitiúla chun a léarscáileanna straitéiseacha torainn a sholáthar, deis a thabhairt dóibh ceisteanna agus fadhbanna a ardú, eispéiris agus dea-chleachtas a roinnt le húdaráis áitiúla eile agus aiseolas a fháil ó údaráis áitiúla maidir le cé chomh hullamh is atá siad chomh maith leis na chéad chéimeanna eile le tógáil. I ndiaidh na ceardlainne, d'fhorbair an EPA teimpléid agus doiciméid threoracha le haghaidh gach ceann de na comhlachtaí léarscáilithe chun cuidiú leo leis na gnéithe bailithe sonraí a bhaineann le mapáil torainn agus mar obair bhreise, d'fhreagair siad aon cheist a d'eascair aisti. Bhunaigh an EPA Grúpa Stiúrtha freisin chomh maith le Grúpa Oibre Teicniúil a tháinig le chéile ar bhonn míosúil.
- Bhí an-tionchar ag an EPA ar bhunú chur chuige láraithe maidir le mapáil torainn ar bhóithre nach bóithre náisiúnta iad.

FORFHEIDHMIÚ I LEITH AN AEIR

- Soláthraíonn Foireann Forfheidhmithe Aeir an EPA saineolas teicniúil le tacú le hobair na bhfoirne forfheidhmithe réigiúnach agus iad ag forfheidhmiú ceadúnas sa chás go bhféadfadh astuithe san aer a bheith suntasach. Baineadh leas mór as acmhainní suntasacha luath go leor in 2011 de thoradh tine shuntasach i líonadh talún (le fadhbanna gaolmhara maidir le hastuithe aeir agus cáilíocht aeir) a tharla i mBaile Chairdif (gar don Nás, Co. Chill Dara).
- Áirítear i measc chlár oibre na foirne seo do 2011 forbairt tionscadal a raibh monatóireacht chreidiúnaithe astuithe uathu ag suíomhanna ceadúnaithe chun cáilíocht agus iontaofacht sonraí géilliúntais a fheabhsú (lena n-áirítear soláthar roinnt ceardlann do na páirtithe leasmhara), chomh maith le níos mó ná 150 cuairt monatóireachta EPA ar shuíomhanna ceadúnaithe chun corrsheiceáil a dhéanamh ar astuithe próisis san aer a chur i gcrích. Bhainistigh an Fhoireann Forfheidhmithe Aeir soláthar mhonatóireacht bolaidh agus sheirbhísí measúnaithe chuig na foirne réigiúnacha atá ina seirbhís lárnach ar an ábhar go mbaineann an chuid is mó de na gearáin a fuair an EPA maidir le suíomhanna ceadúnaithe le hastuithe bolaidh.
- Chuir an fhoireann an-chuid cigireachtaí i gcrích a dhírigh ar astuithe aeir, lena n-áirítear cigireachtaí a rinneadh go príomha ag suíomhanna ceadúnaithe loiscthe agus comhloiscthe, roinnt acu sin a bhí ag tabhairt faoi oibreacha coimisiúnaithe in 2011.
- Tá ról ag an bhfoireann maidir le gníomhaíochtaí forfheidhmithe na n-údarás áitiúil freisin, go háirithe maidir leis an gcaoi ina mbainistíonn siad gearáin a bhaineann leis an aer (lena n-áirítear boladh, torann agus cáilíocht aeir) agus a ngníomhaíochtaí forfheidhmithe agus ceadaithe maidir le foinsí níos lú astuithe aeir (glantóirí tirime agus siopaí oibreacha feithiclí go háirithe), agus d'eagraigh an EPA roinnt ceardlann d'údaráis áitiúla in 2011.
- Forbraíodh nótaí nua treorach maidir le hastuithe torainn agus aeir in 2011, agus rinneadh athbhreithniú agus nuashonrú ar nótaí treorach reatha maidir le torann.

REACH (SUBSTAINTÍ CEIMICEACHA A CHLÁRÚ, A MHEASÚNÚ, A ÚDARÚ AGUS A SHRIANADH)

- Leanann an EPA uirthi ag obair leis an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta agus le Ranna Rialtais ábhartha lena chinntiú go gcuirfear Rialachán REACH i bhfeidhm. I measc na hoibre a rinneadh bhí cabhrú le tuarascáil náisiúnta a ullmhaíodh don Choimisiún Eorpach maidir le cur i bhfeidhm REACH, agus an tacaíocht a tugadh do réimse leathan tionscadal taighde a bhaineann le ceimiceáin agus gníomhaíochtaí chun feasacht a spreagadh.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

Foilsíodh dhá thuarascáil bunaithe ar thaighde a rinneadh ag an gColáiste Ollscoile, Corcaigh agus a bhain le feachtas toise truaillithe aeir a mhair dhá bhliain go leith ag roinnt suíomhanna a roghnaíodh i gceantar Chuan Chorcaí.

I measc na bpríomhthorthaí bhí:

- Aithníodh den chéad uair agus gan amhras ar bith cáithníní sceithphíopa astaithe go háitiúil bunaithe ar a speictrim maise cáithnín aonair.
- Cinntíodh trácht feithicle mar an chatagóir foinseach aonair is mó (23%) de PM2.5 timpeallach ag suíomh Dhugaí Tivoli.

- Ba é dó breosla baile soladaigh (DSF) an fhoinse truaillithe cháithnínigh thimpeallaigh a raibh an tionchar is mó aige ag Dugaí Tivoli sa gheimhreadh, le méideanna measta de 75% agus 30% do charbón orgánach agus mais PM2.5 faoi seach.
- Bhí comhchruinnithe PM san aer timpeallach ag an suíomh lár-chuain níos lú go seasmhach i gcomparáid le staidéir chosúla a rinneadh cheana i réigiún uirbeach/cathrach Chorcaí.

Tá Institiúid Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath agus Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath i gceannas ar thaighde leanúnach agus tá siad ag déanamh monatóireachta ag ceithre ionad, chun faisnéis a sholáthar faoin mbaint atá idir breoslaí a úsáid agus cáilíocht an aeir chomhthimpeallaigh. Foilseofar tuarascáil mhionsonraithe do lucht déanta beartas, ina gcuirfear beartas náisiúnta agus beartas an AE san áireamh mar aon le conclúidí agus moltaí.

TIONSCNAIMH A BHAINEANN LE CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Leanadh le monatóireacht fíor-ama ar cháilíocht an aeir i roinnt ionad difriúil in Éirinn, mar chuid den mheasúnú cuimsitheach leanúnach ar cháilíocht an aeir ar fud na tíre. Tá an fhaisnéis seo le fáil ar www.epa.ie
- D'fhoilsigh an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) tuarascáil ar leibhéil dhé-ocsaine i gcomhshaol na hÉireann (bunaithe ar shuirbhé a rinneadh in 2010) a léirigh go raibh na leibhéil dhé-ocsaine i ngach ceann de na samplaí a tástáladh i bhfad níos ísle ná teorainneacha ábhartha an AE. Léirítear sa tuarascáil go bhfuil na leibhéil dhé-ocsaine tomhaiste sa suirbhé seo an-dearfach i gcomhthéacs na leibhéal a tógadh ó shuirbhéanna den chineál céanna san AE agus i dtíortha eile.



3. ACMHAINNÍ UISCE COSANTA

AN CHREAT-TREOIR UISCE (CTU)

I measc na réimsí taighde eile ar tugadh fúthu in 2011 bhí:

- Dhá bhabhta déag de shampláil uisce dromchla agus anailísí ar 3,266 sampla ó aibhneacha agus lochanna, agus 3,251 ó inbhir. Ceithre bhabhta de shampláil screamhuisce tógtha ó 280 tobar agus fuarán.
- Cuireadh tús le cur síos a dhéanamh ar dhobharlaigh screamhuisce le haghaidh an chéad timthriall eile maidir le bainistiú abhantraí.
- Cuireadh an monatóireacht bheartaithe bitheolaíochta in aibhneacha, i lochanna agus in inbhir i gcrích go sásúil. Tógadh samplaí ó 74 loch le haghaidh macraifítí, 71 le haghaidh inveirteabrach cladaigh, trí cinn le haghaidh inveirteabrach i gcriosanna fuara agus 27 le haghaidh fítibeantós.
- Tugadh faoi shuirbhéireacht bhataiméadrach ar 90 loch.
- Bhain an clár uisce idirchriosaigh agus cósta le bailiú samplaí fíteaplanctóin ó 90 dobharlach. Chuir Foras na Mara cabhair ar fáil chun monatóireacht a dhéanamh ar uiscí an chósta.

In 2011, lean an EPA ag cur Thionscadal na Rialachán um Chuspóirí Comhshaoil i bhfeidhm. Tá sé mar aidhm ag an tionscadal a chinntiú go gcomhlíonann gach ceadúnas an EPA riachtanais Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil an CE (Uiscí Dromchla) 2009, Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil an CE (Diúilicín Péarla Fionnuisce) 2009, agus Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil an CE (Screamhuisce) 2010.

AN CLÁR HIDRIMÉADRACH

- Cuireadh athbhreithniú i gcrích ar Chlár Hidriméadrach an EPA i gcomhar leis an hOifig na nOibreacha Poiblí, agus foilsíodh torthaí an athbhreithnithe ar láithreán Gréasáin an EPA i dtuarascáil dar teideal "Review of the Hydrometric Programme". Leagadh béim san athbhreithniú seo ar an tábhacht a bhaineann le bailiú sonraí hidriméadraigh le haghaidh bainistiú inbhuanaithe dobharcheantar agus forbairt bonneagair. Mar chuid den athbhreithniú, rinneadh measúnú ar gach stáisiún ar an gcóras hidriméadrach agus laghdaíodh líon na stáisiún trí dhroch-stáisiúin nó stáisiúin a bhfuil tosaíocht íseal ag gabháil leo a thógáil as an áireamh. Moladh próiseas ina ndírítear ar bhailiú sonraí, cuidithe ag úsáid na nuatheicneolaíochta cosúil le teiliméadracht.
- Táthar ag cur na moltaí i bhfeidhm anois.

UISCE ÓIL

- Príomhthosaíocht de chuid an EPA in 2011 ba ea soláthairtí uisce poiblí a dhíghalrú agus a chinntiú gur cuireadh oibreacha leasúcháin i gcrích ar sholáthairtí ar Liosta Beart Leasúcháin (RAL) an EPA.
- Tá monatóirí agus aláraim clóirín suiteáilte i ngach gléasra cóireála sa tír anois agus tá an EPA tiomanta do chinntiú go mbainistítear agus go dtugtar freagra cuí ar na haláraim. Chuir an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil maoiniú ar fáil don trealamh sin.
- Ag deireadh 2011 bhí 240 soláthar ar an Liosta Beart Leasúcháin, gníomhaí a spreagann go suntasach infheistíocht i mbonneagar an uisce óil. Bhí oibreacha leasúcháin i 136 ionad soláthair eile in ainm is a bheith curtha i gcrích roimh dheireadh 2011 agus faoi láthair, tá na hÚdaráis um Sheirbhísí Uisce ag fíorú éifeachtacht na n-oibreacha leasúcháin.
- Thug an EPA faoi 116 iniúchadh ar sholáthairtí uisce óil, is ríomh-iniúchtaí a bhí in 89 díobh (forbartha ag an EPA chun éifeachtacht an iniúchta a fheabhsú) agus seirbheáladh 25 treoir ar naoi n-údarás áitiúil difriúla maidir le ceisteanna a bhain le fadhbanna a bhí leis an uisce óil cosúil le soláthairtí ar an Liosta Beart Leasúcháin sa chás nár cuireadh isteach aon phleananna gnímh agus soláthairtí le sruthanna luaidhe sa chóras dáileacháin.
- Ag deireadh 2011 bhí fógra fiuchta uisce eisithe i leith 25 soláthar uisce poiblí.
- Foilsíodh treoir mhionsonraithe d'údaráis áitiúla agus d'earnáil na grúpscéime uisce in 2011 lena n-áirítear Lámhleabhar Cóireála Uisce ar Dhíghalrú agus eisíodh 6 nóta faisnéise ar Chosaint Foinsí, Pleananna Sábháilteachta Uisce, Monatóireacht *Cripteaspóiridiam*, Cigireacht Taiscshorcóra, Glanadh agus Cothabháil, Réamhimscrúduithe agus Measúnaithe Teicniúla faoi na Rialacháin GAP agus Soláthairtí Díolmhaithe Uisce Óil.

SCREAMHUISCE

- Cuireadh tuarascáil threorach le chéile, a éilítear sna Rialacháin Screamhuisce, ar "the Authorisation of Discharges to Groundwater" agus foilsíodh é seo ar láithreán Gréasáin an EPA.
- Leanadh ar aghaidh ag rianú criosanna soláthair agus criosanna um chosaint soláthair thart timpeall fhormhór na bpointí monatóireachta ar cháilíocht screamhuisce, agus foilsíodh na tuarascála gaolmhara ar láithreán Gréasáin an EPA agus an GSI. Tá an obair seo ag cur le luacháil a dhéanamh ar na sonraí agus le cosaint na bhfoinsí agus tá sí mar chuid de na Pleananna Sábháilteachta Uisce do na soláthairtí uisce.

CÁILÍOCHT UISCE SNÁMHA

- Cuireadh nótaí treorach le chéile ar chláir mhonatóireachta, ar mheasúnú próifíle uisce snámha agus aighneacht sonraí in 2011 le cuidiú le hÚdaráis Phoiblí i gcur i bhfeidhm na Rialachán nua um Cháilíocht Uisce Snámha (I.R. Uimh. 79 de 2008). Ba é 2011 an chéad bhliain de chur i bhfeidhm na Rialachán nua um Cháilíocht Uisce Snámha 2008 (I.R. Uimh. 79 de 2008). Leagann Rialacháin 2008 tuilleadh béime ar chosaint shláinte an phobail, cur chuige réamhghníomhach maidir le bainistiú cháilíocht uisce shnámha, rannpháirtíocht níos fearr an phobail agus caighdeáin mhicribhitheolaíochta níos déine a bhunú do dhá pharaiméadar nua, Eintreacocais stéigeacha agus *Escherichia coli.*
- Nuair a rinneadh athbhreithniú ar shonraí uisce snámha 2011, fuarthas amach gur chomhlíon 98.5% (133 as an 135 uisce snámha aitheanta) caighdeáin Riachtanacha íosta an AE stádas 'Dóthanach' de cháilíocht uisce a bhaint amach i gcomparáid le 97% (as 131 ceantar) in 2010. Chomhlíon 84% (114) luachanna treoracha níos déine an AE maidir le stádas cáilíochta uisce 'Maith', laghdú ó 90% (as 131 ceantar) in 2010 ach inchomparáide le séasúr snámha 2009.
- Tá faisnéis ar cháilíocht an uisce snámha ar fáil le linn an tséasúir shnámha uile ar an láithreán Gréasáin 'Splash'. www.bathingwater.ie, ag soláthar faisnéise atá "chomh gar don fhíor-am" agus is féidir a thabhairt maidir le cáilíocht an uisce snámha agus ceisteanna eile a rachaidh chun tairbhe an phobail.

BAINISTÍOCHT AR SHONRAÍ COMHSHAOIL

- Rinne an Líonra um Malartú Sonraí Comhshaoil (EDEN) níos mó ná 1,500 uaslódáil leictreonach sonraí a phróiseáil, comhdhéanta de níos mó ná 35,000 sampla uisce ó údaráis áitiúla agus eagraíochtaí náisiúnta lena n-áirítear an EPA.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

- Tá tacaíocht leanúnach á tabhairt do thaighde a chabhraíonn le beartas na Creat-Treorach Uisce a cheapadh agus a chur i bhfeidhm.
- Tá dul chun cinn á dhéanamh ar thionscadail ilbhliantúla cheannródaíocha a thacaíonn le cur i bhfeidhm na Creat-Treorach Uisce ar fud na tíre (Pathways agus HYDROFOR).
- Maoiníodh cúig thionscadal déag nua in 2011 i réimsí cosúil le forbairt réiteach nua cóireála chun ár gcomhshaol uisce a chosaint (m.sh. uisce óil agus uisce snámha). Imscrúdóidh roinnt de na tionscadail mhaoinithe bearnaí

suntasacha eolais ar staid reatha na mbrúnna ar ár n-acmhainní uisce agus tacú le ceangaltais na hÉireann stádas maith uisce a bhaint amach dá réir faoin gCreat-Treoir Uisce agus faoin gCreat-Treoir Straitéise Muirí.

- Seacht dtuarascáil thaighde ar uisce a fhoilsiú le roinnt tionscadal bainteach le cosaint ár n-uisce, lena n-áirítear:
  - Ionad náisiúnta taighde um Fhuíolluisce i dTuaim, Co. na Gaillimhe
  - Léiriú ar mhonatóireacht cáilíochta uisce ar líne ar Abhainn an Laoi
  - Cóireáil camrais anaeróbach núíosach agus táirgeadh bithfhuinnimh
- Rinne an EPA óstáil ar roinnt cruinnithe den Ghrúpa Comhairleach um Thaighde ar Uisce, coiste comhordaithe i gcomhair na bpríomhpháirtithe leasmhara náisiúnta le feasacht a spreagadh agus sineirgí agus cumarsáid a chur chun cinn i measc maoinitheoirí taighde agus chun laghdú a dhéanamh ar ilroinnt an taighde uisce in Éirinn.
- Ar leibhéal an AE, tá baint ag an EPA le hobair cheannródaíoch Thionscnamh Cláir Nasctha Bhainisteoirí na gClár Taighde Uisce ar fud na hEorpa.

TIONSCNAIMH A BHAINEANN LE CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

- Rinne an EPA óstáil ar an Ócáid Náisiúnta maidir le hUisce 2011 i mí an Mheithimh. D'fhreastail timpeall is 350 ionadaí ó 60 eagraíocht uirthi. I mbliana, dhírigh an ócáid ar sheachadadh spriocanna idirmheánacha comhshaoil, truailliú idirleata, rialachán fuíolluisce, rialachán uisce óil, anuas ar fhorbairtí nua sa réimse.



4. ITHIR AGUS BITHÉAGSÚLACHT CHOSANTA

CLÚDACH TALÚN

- In 2011 reáchtáil an EPA athbhreithniú ar ghníomhartha clúdaigh talún agus léarscáiliú taobh istigh den EPA agus ar leibhéal náisiúnta freisin. Aibhsíodh san athbhreithniú sin nach bhfuil aon chlár comhordaithe léarscáilithe clúdaigh talún in Éirinn. Rinne an EPA óstáil ar Cheardlann Náisiúnta Clúdaigh Talún do ghníomhaireachtaí ábhartha na hearnála poiblí, i gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus leis an gComhairle Oidhreachta. Nochtaigh an cheardlann na bearnaí eolais atá ann maidir le Clúdach Talún agus an gá le cur chuige níos comhtháite agus léarscáileanna clúdaigh talún á dtáirgeadh.
- Mar fhreagra air sin, tugadh an fhreagracht don ghrúpa stiúrtha imscrúdú a dhéanamh ar na roghanna a bheadh ann clár náisiúnta léarscáilithe clúdaigh talún a fhorbairt agus teagmháil a dhéanamh leis na húdaráis ábhartha ina dhiaidh. Faoi láthair, tá an grúpa oibre seo i mbun na hoibre seo agus tá súil aige tuairisciú a dhéanamh in 2012, tráth a mbeidh na roghanna chun bogadh ar aghaidh leagtha síos.
- Chláraigh an EPA chun CORINE agus Athrú CORINE do 2012 a sholáthar le dáta seachadta ag deireadh 2013.

TALAMH ÉILLITHE

- Le linn 2011, chuir an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil obair ar aghaidh maidir le talamh éillithe agus measúnú screamhuisce, lena n-áirítear óstáil a dhéanamh ar cheardlann le sainchomhairleoirí comhshaoil atá ag obair san earnáil seo.

BITHÉAGSÚLACHT

- D'fhoilsigh an EPA *Plean Gnímh Bithéagsúlachta* in 2010 agus nuashonraigh sí an plean seo in 2012. Leagtar gníomhartha ar leith amach sa phlean a dtabharfaidh an EPA fúthu chun a ról maidir le bithéagsúlacht a chosaint a chur i bhfeidhm. Tá raon leathan gníomhaíochtaí clúdaithe sa Phlean sna réimsí seo a leanas: monatóireacht, taighde, measúnú agus tuairisciú, rialú comhshaoil, athrú aeráide agus bainistíocht agus cumarsáid.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

Ithreacha

- Leanadh leis an obair chun mapáil mhionsonraithe náisiúnta ar ithreacha a chur i gcrích. Áirítear ar an dul chun cinn obair thaighde a rinneadh mar chuid de thionscadal arna mhaoiniú ag an EPA, 'ISIS: Irish Soil Information System' (Córas Faisnéise Ithreach Na hÉireann) Tá sé mar aidhm ag an tionscadal seo léarscáil ithreach 1:250,000 a bhaineann leis an gCóras Faisnéise Ithreach a fhorbairt d'Éirinn. Cuirfidh na táirgí deiridh freagairt náisiúnta Éireannach láidrithe ar fáil d'fhorbairtí beartais agus reachtúla a thagann chun cinn i réimse an chomhshaoil.
- Foilsíodh an tionscadal Cre Bro, de chuid fhoireann taighde ó COBÁC, agus soláthraíonn sé na chéad sonraí córasacha bonnlíne le haghaidh monatóireacht agus le haghaidh tuairisciú a dhéanamh ar bhithéagsúlacht ithreach in Éirinn amach anseo. Bunaithe ar obair shuirbhé a rinneadh ag 61 suíomh go náisiúnta, d'aithin an fhoireann taighde speicis nach ndearnadh taifeadta orthu riamh cheana, lena n-áirítear 13 néimeatóid creiche, péist talún a bhaineann le deisceart na Fraince agus speicis fíneoige nach bhfaca lucht eolaíochta riamh cheana.

Bunachar Sonraí Náisiúnta Ithreacha

Rinneadh comhéadan léarscáile idirghníomhaí GIS a fhorbairt ionas gur féidir féachaint ar na sonraí ar fad a tiomsaíodh i rith na bhfeachtas samplála don Bhunachar Sonraí Náisiúnta Ithreacha. Tá níos mó faisnéise ar fáil ag: http://erc.epa.ie/nsdb.

Áirítear ar an dul chun cinn faoi bpointe gnímh seo obair thaighde a rinneadh mar chuid de na tionscadail seo a leanas:

- An tionscadal *Interactions of soil Hydrology, land use and climate change and their impact on soil quality (SoilH)* (An tionscadal um Idirghníomhú Hidreolaíocht ithreach, úsáid talún agus athrú aeráide agus a dtionchar ar cháilíocht na hithreach (SoilH)) a bheartaíonn líonra láithreáin tagarmharcáilte a bhunú ar fud na hÉireann, trí úsáid a bhaint as láithreáin náisiúnta atá ann cheana féin chun airí hidreolaíocha ithreach a thomhas agus rangú hidreolaíoch ithreacha na hÉireann a bhunú.
- An tionscadal *Characterisation of physical properties of soils using geophysics* (Tréithriú airí fisiciúla ithreacha ag baint úsáide as geoifisic) a dhíríonn ar chreat tástála gheoifisiceach a fhorbairt lena úsáid ar ithreacha na hÉireann.

Bithéagsúlacht

Cuireadh sé thionscadal taighde bithéagsúlachta i gcrích in 2011 lena n-áirítear dhá mhórstaidéar náisiúnta, mionsonraithe thíos

- Bogland: Ba é Bainistiú Inbhuanaithe Tailte Portaigh in Éirinn an chéad mheasúnú cuimsitheach ar thalamh portaigh (portaigh agus seascainn) in Éirinn. Cuirtear treoir áisiúil ar fáil sa tuarascáil do luchta déanta beartais agus leagtar béim ar an ról tábhachtach atá ag talamh portaigh i gceapadh carbóin agus i gcaomhnú na bithéagsúlachta.
- Biochange: Mar thoradh ar an tionscadal staidéir ildisciplíneach, ilinstitiúideach seo, cuireadh an fhaisnéis riachtanach ar fáil chun éagsúlacht fhlóra agus fhána na hÉireann a chosaint agus díríodh ar shaincheisteanna tábhachtacha agus ar shaincheisteanna atá ag teacht chun cinn maidir le bithéagsúlacht na hÉireann. Leagadh béim sa tuarascáil ar luach agus ar thábhacht ár n-éiceachórais agus aibhsíodh an gá atá le tuiscintí bithéagsúlachta a phríomhshruthú le pleanáil agus rialachas ar leibhéal náisiúnta agus áitiúil.

Tá roinnt tionscadal tábhachtach, ábhartha maidir le beartas ar bun freisin, lena n-áirítear staidéar 5-bliana de chuid Choláiste na Tríonóide, BÁC ar na himpleachtaí a bhíonn ag gníomhaíochtaí earnála ar leith (barra bithfhuinnimh, tírdhreachú bóthair agus dobharshaothrú) ar bhithéagsúlacht agus tuilleadh oibre ar an tionchar atá ag speicis choimhthíocha ionracha ar bhithéagsúlacht. Tá an-bhaint ag an EPA leis an Tionscadal Náisiúnta ar Atlas Éan atá ag déanamh léarscáilithe ar éin uile na hÉireann faoi láthair.

Leanann an EPA ag oibriú go dlúth leis an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus le páirtithe leasmhara eile ar an gClár Náisiúnta um Thaighde Bithéagsúlachta. Cuireadh páipéir oibre le chéile in 2011 a chuimsíonn na bearnaí eolais agus na príomhriachtanais taighde maidir le Fionnuisce, Cúrsaí Mara agus Talmhaíocht, Talamh Féaraigh agus Ithreacha.

5. ÚSÁID INBHUANAITHE ACMHAINNÍ

Dearbhaíodh i ndoiciméad nua beartais, eisithe ag an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil (Iúil 2012) 'Deis Acmhainne - Beartas Bainistithe Dramhaíola in Éirinn' seasamh an Rialtais, is é sin, go bhfuil cosc ar dhramhaíl agus éifeachtúlacht acmhainne ina n-eilimintí ríthábhachtacha d'ardán um fhás inbhuanaithe geilleagrach. Luaitear sa bheartas nua go mbeidh fócas soiléir ar chosc agus ar éifeachtúlacht acmhainne, a chuireann le rathúlacht an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl.

AN CLÁR NÁISIÚNTA UM CHOSC AR DHRAMHAÍL

- Tá trí phríomhshraith sa Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl (NWPP) arna bhainistiú ag an EPA; pléann ceann amháin le hathrú iompraíochta táirgthe agus ídithe (éifeachtúlacht acmhainne); pléann an dara ceann le hoibleagáidí freagrachta reachtúla an táirgeora agus an tsealbhóra i gcás ábhar agus substaintí ar leith; agus pléann an tríú ceann le dul chun cinn a thomhas trí thuairisciú ar dhramhaíl. Cuireann na trí chuid eolas agus torthaí ar fáil atá riachtanach chun oibriú i dtreo gníomhaíochtaí agus iompraíochtaí táirgthe agus ídithe inbhuanaithe.
- Tugtar léargas cuimsitheach sa Seachtú tuarascáil bhliantúil don Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl ar ghníomhaíochtaí i rith 2011 agus is féidir í a fháil ar láithreán Gréasáin an EPA ag www.epa.ie agus www.nwpp.ie. Ní féidir dul chun cinn nó rathúlacht a thomhas i ngach aon ceann de chláir an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Tá roinnt díobh ag gabháil d'athrú iompraíochta, roinnt eile do chumarsáid, nó treoir a chur ar fáil, nó urraíocht ar dhámhachtainí maitheasa comhshaoil, chomh maith le gníomhaíochtaí feasachta agus oideachais a mhaoiniú (m.sh. Máistrí Múiríní, Treoir um Gharáistí Cliste, srl).

I measc na mBuaicphointí:

- Cuireadh tús le clár Féilte Glasa ar éirigh thar cionn leis (lena raibh baint ag Féile Ceoldrámaíochta Loch Garman, Féile Ealaíon na Gaillimhe, agus Longa Arda Phort Láirge), atá bunaithe sa phobal agus atá ag cruthú torthaí suntasacha ó thaobh éifeachtúlacht acmhainne de.
- Tá na Dámhachtainí um Fháilteachas Glas a bhfuil meas mór orthu faighte ag os cionn 125 gnóthas anois, agus tá cuid de na hóstáin is iomráití agus na cuideachtaí lónadóireachta is mó sa tír ina measc. Tá os cionn 220 gnóthas tar éis clárú leis an gClár um Fáilteachas Glas (www.greenhospitality.ie). In 2011, léiríodh gur éirigh le baill, a ndearnadh suirbhé orthu, coigiltis €5.6 milliún a dhéanamh ar chostais acmhainní amháin (dramhaíl, uisce & fuinneamh).

- Tá Fáilteachas Glas anois mar bhall den scéim déantús Éireannach faoi ráthaíocht, agus faigheann sé aitheantas ó Fáilte Éireann.
- Is léir le bliain anuas gur rud caighdeánach anois é cosc laistigh de phríomh-Líonra na nÚdarás Áitiúil um Chosc (LAPN). Bhí sé mar phríomhsprioc ag an gclár gur chóir go gcothódh gach údarás áitiúil in Éirinn gníomhaíochtaí coiscthe ar leibhéal áitiúil laistigh dá limistéar feidhmiúil agus go dtabharfaí faoi na gníomhaíochtaí sin. Feidhmíonn an líonra grúpaí oibre ar Dhramhbhia agus Imeachtaí Glasa agus éiríonn go maith leo sin.
- Bhíothas chun na huirlisí reatha, na teicnící, na hábhair agus na hacmhainní go léir a chomhdhlúthú i 'gcatalóg táirgí' le forbairt nua de chuid an Líonra LAPN in 2011, agus scaipfear é sin ansin ar gach údarás áitiúil (in ainm is a bheith críochnaithe in 2012).
- Chláraigh breis is 480 cuideachta ar an láithreán Gréasáin www.greenbusiness.ie, a thairgeann measúnú ar éifeachtúlacht acmhainne, agus uirlisí chun iniúchadh a dhéanamh ar uisce. Tá os cionn 45 Measúnacht ar Éifeachtúlacht Acmhainne ar an láthair curtha i gcrích, agus tá os cionn €6 milliún i gcoigiltis acmhainne féideartha aitheanta dá mbarr i ngnóthais rannpháirteacha.
- Bhí bliain rathúil ag an gclár siombóise tionsclaíoch SMILE (Tionscadal um Shábháil Airgid trí Naisc agus Mhalartuithe sa Tionscal) (ina dtairgtear deis do ghnóthais acmhainní, fotháirgí a mhalartú, agus a bhfuil sé mar aidhm aige comhpháirtíochtaí a chruthú) agus bhí os cionn 90 gnóthas rannpháirteach ann, rinneadh 650 ábhar a mheaitseáil rud a chiallaigh go bhféadfar 7,000t dramhaíola a atreorú dá bharr.
- Chuimsigh an tionscadal um Chúram Sláinte Glas 22 ospidéal (40% de leapacha ospidéil), agus 60 suirbhé dramhaíola inar aithníodh coigiltis acmhainne €1.6 milliún a d'fhéadfaí a dhéanamh (baineann €1 milliún de sin le dramhbhia), le fócas ar leith ar dhramhbhia, dramhaíl ghuaiseach agus ar ídiú uisce.
- Sa tréimhse tuairiscithe le déanaí, d'oibrigh an clár coiscthe pacáistithe arna mhaoiniú ag CNCD agus arna oibriú ag REPAK le breis is 30 cuideachta ar thionscadail a bhain le pacáistiú agus rinneadh 12 shuirbhé fhoirmiúla um bharrfheabhsú pacáistithe.

TUARASCÁIL AN CHLÁIR NÁISIÚNTA UM CHOSC AR DHRAMHAÍL DO 2011

Dramhaíl	Infheistíocht CNCD (c. 2011)	Éifeachtúlacht Acmhainne:	Coigilteas Iarbhír agus Féideartha a Aithníodh (le 12 mhí anuas)	Toradh ar Infheistíocht (cruinn)
Dámhachtain Fáilteachais 'Glas'	€0.452M	6,400 t de dhramhaíl a chosc 38,748,000 KWh d'fhuinneamh sábháilte 352,000,000 lítear uisce sábháilte 221 ball 125 áitreabh deimhnithe	€5.58M	12:1
An Tionscnamh Gnó Glas	€0.374M	Coigilteas uisce, fuinnimh & dramhaíola 479 ball gníomhach 45 Measúnú Éifeachtúlachta Acmhainne Gnáthchoigilteas de €40,000 in aghaidh na bliana in aghaidh na cuideachta measúnaithe	c.€4M	11:1
Eco-Cert	€0.03M	50 ball 31 deimhniú Meán > €5,000 de choigilteas in aghaidh an bhaill deimhnithe	€0.16M	5:1
Tionscadal um Chúram Sláinte Glas	€0.150M	D'fhéadfaí 2,700 t de dhramhaíl a chosc €80,000 coigilteas féideartha in úsáid uisce i dtrí ospidéal	€1.6M	11:1
SMILE	€0.106M	658 'meaits' dramhaíola déanta 6,800 t de dhramhaíl fhéideartha atreoraithe Go leor seirbhísí agus lóistíochta trádáilte	€0.812M	8:1
Miondíol Glas	€0.05M	265 gníomh sábhála costais i bhfuinneamh, in uisce & i ndramhaíl do 10 siopa a bhí rannpháirteach	€0.142M	3:1
Teaghlach Glas	€0.125M	11,000 teaghlach rannpháirteach >40,000 cuairt ar an láithreán Gréasáin greenhome.ie Coigilteas measta/coigilteas féideartha de €320 in aghaidh an teaghlaigh ardfheidhmíochta	€0.8M	6:1

Tábla 1: Sonraí achoimre maidir le rogha de chláir Éifeachtúlacht Acmhainne ar díríodh orthu sa Chlár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl

- Leanann foireann Deireadh le Dramhbhia (Stop Food Waste) ag tabhairt poiblíochta don chlár agus úsáideann siad lear mór uirlisí agus feidhmchlár chun é sin a dhéanamh. Mar gheall air sin bíonn daoine i dteagmháil go minic chun faisnéis, tuairimí, agallaimh a fháil agus ábhar luaite maidir le dramhbhia agus airgead a chur i dtaisce. Tá an trácht ar láithreán Gréasáin Stop Food Waste 6 huaire níos mó anois ná mar a bhí sular seoladh an láithreán Gréasáin (go déanach in 2010) agus mar gheall ar bhfeachtas leanúnach sna meáin téann 200 ar an meán isteach chuig an láithreán Gréasáin gach lá anois.
- Táthar ag úsáid Tionscadal Taispeántais um Phobail a Ghlasú chun cur síos a dhéanamh ar an bpróiseas a bhaineann le "Pobal a Ghlasú" (cuireadh ceithre thionscadal ar bun in 2011). Is féidir an cur chuige maidir le forbairt an chláir a bhriseadh síos i gceithre théama; Rannpháirtíocht & Cumarsáid; Mapáil agus Doiciméadú; Tionscadail Taispeántais; agus Deimhniúchán & Dámhachtainí a Bhronnadh.
- Faoi lár na bliana 2011 bhí thart ar 11,000 teaghlach rannpháirteach i gClár na dTeaghlach Glas. Sin méadú c.1,000 teaghlach le bliain anuas. Le 2.81 duine ar an meán i ngach teaghlach, léiríonn sé sin caidreamh measta le c.31,000 duine.

TIONSCNAIMH MAIDIR LE FREAGRACHT AR AN TÁIRGEOIR

Rialacháin maidir le Dramhthrealamh Leictreach agus Leictreonach (WEEE) agus Ceallraí

- Cuireadh an chéad ionchúiseamh maidir le ceallraí i gcrích in 2011, as cionta faoi na Rialacháin Ceallraí. Cuireadh an Probation Act i bhfeidhm agus bronnadh na fíneálacha ar an EPA.
- In 2011, mar gheall ar chomh luachmhar le miotal tá dúshlán breise ann maidir le bainistiú ceart WEEE agus tá gadaíocht miotail ag éirí coitianta. Bhí an EPA i mbun imscrúdaithe ar an gceist seo agus é ag obair le gach páirtí leasmhar lena chinntiú go ndéantar bainistiú ceart ar WEEE agus go gcothaítear sláine an chórais. Is cuid de shaincheist náisiúnta níos leithne a bhaineann le gadaíocht miotail í an cheist seo agus tá an EPA ag obair leis na Gardaí chun eolas a thabhairt ar a cuid oibre maidir le WEEE agus PCBanna.

Na Rialacháin Phacáistíochta

- Tá an EPA ag leanúint dá gníomhaíochtaí forfheidhmithe maidir leis na *Rialacháin Bhunúsacha* maidir le pacáistiú ina gcuirtear cosc ar tháirgeoir pacáistiú a sholáthar áit a sáraítear tiúchan áirithe luaidhe, caidmiam, mearcair nó cróimiam heicsifhiúsach.

Forfheidhmiú i leith Substaintí Guaiseacha

- D'fhonn acmhainn na n-údarás áitiúil maidir le sealbháin PCB a aithint agus dualgais na n-údarás áitiúil a fhorfheidhmiú an athuair mar shealbhóirí féideartha Défheinilí Polaclóirínithe (PCBanna), tionóladh 10 n-imeacht suirbhéireachta agus oiliúna in 2011. Leanadh ag aithint sealbhán PCB in iniúchtaí a rinneadh le linn 2011.
- Freastalaíodh ar an 8ú cruinniú den Údarás Inniúil maidir le Truailleáin Orgánacha Sheasmhacha san AE i mí Iúil 2011. Bhí an EPA rannpháirteach sa 5ú Comhdháil Pháirtithe Choinbhinsiún Stócólm a tionóladh sa Ghinéiv i mí Aibreáin 2011. Cuireadh tús le forbairt Plean Náisiúnta um Chur i bhFeidhm maidir le Truailleáin Orgánacha Sheasmhacha in 2011.
- Tá an EPA sannta mar an t-údarás inniúil um fhorfheidhmiú Rialacháin na hEorpa ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe (F-gháis). Foilsíodh rialacháin nua na hÉireann i Meitheamh 2011[1], d'fhonn aghaidh a thabhairt ar ghnéithe den Rialachán F-gháis[2], lena n-áirítear pionóis agus fíneálacha. Rinneadh rialacháin nua freisin i ndáil le substaintí ídithe ózóin a láimhseáil i Meán Fómhair 2011[3]. D'fhoilsigh an EPA treoir le linn na bliana maidir leis na hoibleagáidí rialála a bhíonn ar úsáideoirí deiridh agus ar chonraitheoirí a bhíonn ag déileáil le Substaintí Ídithe Ózóin.
- Ghlac an EPA freagrachtaí nua chuici féin maidir le clárú faoi na Rialacháin um Bhreoslaí Soladacha (a foilsíodh in 2011) ina ndéileáiltear le teorainn a chur leis an méid sulfair i ngual biotúmanach le haghaidh úsáid chónaithe go dtí 0.7% de réir meáchain.

Réimse na Cigireachta	Cigireachtaí 2011
Imscrúduithe ar SÍO/F-ghás	69
Cigireachtaí PCB	118
Cigireachtaí WEEE/Cigireachtaí ar Tháirgeoirí Ceallraí	15
Cigireachtaí agus Iniúchtaí WEEE	437
Iniúchtaí faoin Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola	34
Iomlán	**673**

Tábla 2: Cigireachtaí maidir le húsáid acmhainní in 2011

1 Na Rialacháin fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992 (Gás Ceaptha Teasa Fluairínithe) 2011 (I.R. Uimh. 278 de 2011); Na Rialacháin um Ghás Ceaptha Teasa Fluairínithe 2011 (I.R. Uimh. 279 de 2011).

2 Rialachán (CE) Uimh. 842/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe áirithe.

3 Na Rialacháin um Rialú ar Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin 2011 (I.R. Uimh. 465 de 2011).

Seoladh Threoir na bhFiontar Glas. Sa phictiúr (ó chlé go deas): Grainne O'Carroll, An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; Laura Burke, EPA; Fred McDarby, Fiontraíocht Éireann; Phil Hogan, An tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil; Eoin Gahan, Forfás; Ray Bowe, IDA; agus Declan Meally, SEAI.

TUAIRISCIÚ NÁISIÚNTA DRAMHAÍOLA

Léiríodh sa Tuarascáil Náisiúnta Dramhaíola 2010 go bhfuil dul chun cinn breá á dhéanamh ag Éirinn i gcónaí maidir le baint amach fhormhór spriocanna an AE a bhaineann le haisghabháil agus le hathchúrsáil dramhaíola. Tugadh isteach éifeachtúlachtaí nua i ndáil le tuairisciú sonraí dramhaíola trí shaoráidí bunaithe ar an ngréasán a úsáid. Laghdaítear go mór an t-ualach riaracháin ar ghnóthais agus ar Údaráis Áitiúla de bharr na nuálaíochta seo. Rinneadh iarracht mhór gníomhaíochtaí bailithe sonraí a shruthlíniú trí chomhoibriú a dhéanamh leis an bPríomh-Oifig Staidrimh. Bhí gá aird shuntasach a thabhairt ar phrótacail agus ar shocruithe tuairiscithe na hEorpa le linn 2011 mar ullmhúchán d'oibleagáidí tuairiscithe EuroStat in 2012.

AN PLEAN NÁISIÚNTA BAINISTÍOCHTA UM DHRAMHAÍL GHUAISEACH

I mí an Mheithimh 2011 scaip an EPA tuarascáil ar athbhreithniú eatramhach ar an NHWMP. Déantar athbhreithniú sa tuarascáil eatramhach seo ar chuspóirí an Phlean agus an Mheasúnaithe Straitéisigh Comhshaoil agus aithníodh an dul chun cinn atá déanta ó thaobh a chuid moltaí a chur i bhfeidhm ó foilsíodh é in 2008 suas go dtí lár 2011. Tá gach ceann de mholtaí an NHWMP leagtha amach chun tionchar comhshaoil na dramhaíola guaisí a laghdú.

SEACHTAIN NA HEORPA UM LAGHDÚ DRAMHAÍOLA

Bhí Seachtain na hEorpa um Laghdú Dramhaíola ar siúl i mí na Samhna 2011. D'eagraigh comheagraíochtaí um chosc réimse gníomhaíochtaí chun aird a dhíriú ar thionscadail laghdaithe dramhaíola an Chláir Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl, agus rinne an EPA comhordú orthu. Eagraíodh 46 imeacht ar an iomlán don tseachtain ar fud na hÉireann ar fad. I measc imeachtaí na bliana seo bhí ceardlann arna reáchtáil le chéile ag Gnó Glas an EPA, ag Údarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, ag REPAK, ina dtairgtear cur chuige margaíochta coiteann maidir le gnó.

TIONSCNAIMH TAIGHDE

D'fheidhmigh an EPA an Clár Táirgthe Níos Glaine Níos Glaise, ar scéim deontais í chun eagraíochtaí Éireannacha a spreagadh cleachtais níos glaine níos glaise a chur i bhfeidhm. Faigheann an scéim maoiniú ón gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl. Tugtar dúshlán sna tionscadail d'eagraíochtaí earraí agus seirbhísí a tháirgeadh ar bhealach atá neamhdhíobhálach don chomhshaol, ag díriú ar astuithe a íoslaghdú trí mhodhanna táirgthe níos glaine. Bíonn cuideachtaí meáite ar thionscadail taispeántais a fhorbairt lena laghdaítear an tionchar comhshaoil a bhíonn acu agus atá infheidhme ar fud na hearnála gnó ar fad. Is é aidhm

fadtéarmach an chláir iarracht a dhéanamh a chinntiú go mbeidh táirgeadh níos glaine níos glaise agus éicea-éifeachtúlacht mar rud caighdeánach in Éirinn. Cuireadh 12 thionscadal i gcrích in 2011 agus foilseofar Tuarascáil achoimre maidir le gach tionscadal a cuireadh i gcrích faoi Chéim 4 den Chlár i lár na bliana 2012.

Maoiníonn clár taighde STRIVE an EPA taighde faoi stiúir lucht acadúil freisin sa réimse Bainistithe Dramhaíola agus Acmhainní. Cuireadh cúig thionscadal i gcrích agus foilsíodh iad in 2011 agus tá cuntas orthu thíos.

- Conversion of Waste PET Plastic to a High Value-Added Biodegradable Plastic
- Study of Pay-by-use Systems for Maximising Waste Reduction Behaviour in Ireland
- Novel Approaches for the Detection of Polluting Chemicals in the Environment
- Potential for a Zero Carbon Emission Micro Fuel Cell
- Industrial applications of membrane technology in Ireland

I measc an taighde atá fós ar bun sa réimse seo tá tionscadail a bhaineann le bithiontú bia déiríochta agus plaisteacha feirme agus táirgí ardleibhéil á ndéanamh astu, rianú dramhaíola níos fearr agus monatóireacht níos fearr ar astuithe, réitigh nuálacha le haghaidh athúsáid agus athchúrsáil WEEE, feidhmiú múiríní agus "fuíollábhar dúchasach na hÉireann" a úsáid i mbithscaglanna.

TIONSCNAIMH A BHAINEANN LE CUMARSÁID AGUS SEIRBHÍS DO CHUSTAIMÉIRÍ

D'oibrigh foireann an Chláir Náisiúnta go dlúth le 'Oifigeach Glas' IBEC agus é mar phríomhaidhm margaíocht a dhéanamh ar thairiscintí an Tionscnaimh Gnó Glas laistigh de IBEC, don fhoireann agus don 7,000 ball d'IBEC.

Reáchtáil an Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl comhdháil an 1 Meitheamh 2011 i mBaile Átha Cliath[4]. Tarraingíodh aird sa chomhdháil ar an raon leathan oibre atá ar bun in Éirinn chun dramhaíl a íoslaghdú agus a chosc agus éifeachtúlacht acmhainne a spreagadh, agus dá bhrí sin ag laghdú na bhforchostas oibríochta a bhíonn ar eagraíochtaí a íoc.

Oibríonn an EPA go dlúth le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann, le Fiontraíocht Éireann agus le IDA Ireland chun dearcaí agus iompraíochtaí fiontraíochta inbhuanaithe a chur chun cinn agus tacú leo laistigh d'eagraíochtaí. Is sa dlúthchaidreamh oibre seo a cuireadh le chéile Treoir na bhFiontar Glas in 2011[5] ina léirítear an obair a rinne cúig ghníomhaireacht Stáit as lámha a chéile chun acmhainn luachmhar ghnó a chruthú d'fhiontair phríobháideacha agus phoiblí. Bhí sé mar phríomhaidhm réamhrá gairid a chur ar fáil in aon doiciméad amháin maidir le buntáistí eacnamaíocha agus oibríochta na hÉifeachtúlachta Acmhainne do ghnóthais, agus forbhreathnú agus faisnéis threorach a thabhairt do na tacaíochtaí agus na seirbhísí a thairgeann na ceithre phríomhghníomhaireacht sa Stát atá ag gabháil don réimse beartais seo. Bhí sé mar sprioc cúnamh a thabhairt d'fhiontair trí threoir a thabhairt in aon doiciméad amháin do na hearnálacha difriúla gnó áit ar féidir leo leas a bhaint as an gcomhairle agus an tacaíocht riachtanach a thugann an Stát.

4 Tá láithreoireachtaí ar fáil lena n-íoslódáil ag http://www.epa.ie/downloads/pubs/waste/resourcewise2011/

5 http://www.epa.ie/downloads/pubs/other/corporate/Developing%20a%20Green%20Enterprise%20Navigator.pdf

6. COMHTHÁTHÚ AGUS FORFHEIDHMIÚ

CEADÚNÚ UM CHOSC AGUS RIALÚ COMHTHÁITE AR THRUAILLIÚ (IPPC)

In 2011:

- Eisíodh 21 Cinneadh Deiridh IPPC.
- Eisíodh 29 Cinneadh Beartaithe IPPC.
- Eisíodh 42 Cinneadh um Leasú Teicniúil de réir na rialachán ceadúnúcháin, agus is diúltú a bhí i gceist le 12 díobh.

Cuireadh trí Dhréacht-Nóta Treorach nach mBaineann le IPPC de na Teicníochtaí is Fearr atá Againn (BAT) ar láithreán Gréasáin an EPA maidir le: (i) Cóireáil Adhmaid; (ii) Teilgcheártaí Miotail Fheiriúla; agus (iii) Próiseáil Miotail Fheiriúil; déanfar comhairliúchán poiblí maidir leo in R4 2011. Táthar i mbun machnaimh anois ar ráitis a fuarthas maidir leis an nóta BAT ar Chóireáil Adhmaid. Ní bhfuarthas aon ráitis maidir leis na nótaí BAT ar Theilgcheártaí Miotail Fheiriúla agus ar Phróiseáil Miotail Fheiriúil. Tá dhá nóta BAT maidir leis an Earnáil dramhaíola (Gníomhaíochtaí Líonadh Talún agus Gníomhaíochtaí Aistrithe Dramhaíola) curtha i gcrích agus cuirfear ar láithreán Gréasáin an EPA iad go luath in 2012.

CEADÚNÚ DRAMHAÍOLA

In 2011:

- Bronnadh ceadúnais nua nó leasaithe i gcomhair cúig ionad líonta talún; stáisiún aistrithe dramhaíola amháin; dhá shaoráid aisghabhála ithreach; saoráid dramhaíola guaisí amháin agus saoráid chomhtháite amháin um bainistiú dramhaíola.
- Eisíodh 5 Chinneadh Beartaithe (bhí ceann díobh faoin gcleachtadh athbhreithnithe ar líonta talún).
- Eisíodh 10 gCinneadh um Leasú Teicniúil de réir na rialachán ceadúnúcháin.
- Fuarthas 150 iarratas faoi Airteagal 11 le fáil amach an mbeadh Cead nó Ceadúnas Dramhaíola ag teastáil i gcomhair na saoráidí.

GÉILLIÚNTAS DON TREOIR MAIDIR LE LÍONADH TALÚN

Cuireadh athbhreithniú ar bun ar cúig cheadúnas IPPC le líonta talún bainteach in 2011 i gcomhar leis an athbhreithniú ar na ceadúnais sin le haghaidh rialacháin um chuspóirí comhshaoil d'uiscí dromchla agus screamhuisce. Tá an obair sin ar siúl mar atá an measúnú ar cheithre cheadúnas dramhaíola atá amuigh maidir le géilliúntas leis an treoir.

DRAMHAÍL CATHRACH IN-BHITHMHILLTE (DCI) & ATREORÚ ÓN LÍONADH TALÚN

- Bhí líon an DCI a cuireadh i líonadh talún le linn na bliana tuairiscithe Iúil 2010 - Iúil 2011, mar a thuairiscigh oibreoirí líonta talún, cothrom le 856,396 tona i gcomparáid leis an teorainn 916,000 tona sa treoir maidir le líonadh talún. Cuireadh 15 iniúchadh i gcrích ag líonta talún le linn 2011 inar díríodh ar thuairisceáin BMW a chuir oibreoirí isteach a dheimhniú. Cuireadh i gcrích i mí Iúil an Prótacal maidir le Dramhaíl Cathrach In-bhithmhillte a Sheoltar chuig Líonta Talún a Mheasúnú agus seoladh amach chuig gach líonadh talún é agus cuireadh ar láithreán Gréasáin an EPA é.
- Mar gheall ar gan an oiread nithe a ghintear as dramhaíl a bheith ann is a bhíothas ag súil leis ciallaíonn sé sin gur chomhlíon Éire go náisiúnta spriocanna na treorach maidir le líonadh talún.

CEADÚNÚ FUÍOLLUISCE

- Fuarthas 4 iarratas ar cheadúnas fuíolluisce in 2011, agus an líon iarratas a fuarthas á mhéadú go 534 ceann dá bharr.
- Eisíodh 66 Cinneadh Deiridh in 2011. Fágann sé sin go bhfuil 190 Cinneadh Deiridh eisithe ón uair a cuireadh tús le ceadúnú fuíolluisce.
- Eisíodh naoi gCinneadh um Leasú Teicniúil de réir na rialachán ceadúnúcháin.
- Fuarthas 62 iarratas ar dheimhniú údarúcháin i gcomhair ceirtleán a bhfuil daonra níos lú ná líon is comhionann le 500 duine iontu, in 2011. Fágann sé sin gurb ionann líon iomlán na n-iarratas agus 518 (agus áirítear trí athbhreithniú leo sin). Eisíodh 467 Deimhniú Údarúcháin (athbhreithnithe a bhí i 2 cheann díobh sin). Tá na hiarratais eile á bpróiseáil faoi láthair.

LÍONTA TALÚN STAIRIÚLA

Ní raibh líonta talún iata a bhí á bhfeidhmiú ag údaráis áitiúla idir 1977 agus 1997 ceadúnaithe de réir na Treorach Dramhaíola 1975 agus tabharfar aghaidh orthu anois lena chinntiú nach dtarlóidh truailliú comhshaoil mar gheall orthu. Tá údaráis áitiúla i mbun measúnaithe i láthair na huaire ar an riosca maidir le truailliú comhshaoil ó na láithreáin seo agus cuirfidh siad iarratas chuig an EPA in am trátha chun deimhniú údarúcháin a fháil le haghaidh gach láithreán. Leagfar amach in aon deimhniú údarúcháin a eiseoidh an Ghníomhaireacht na bearta feabhais, más ann dóibh, a chuirfear i bhfeidhm ag an láithreán agus leagfar amach iontu freisin cén monatóireacht a bheidh de dhíth amach sa todhchaí. Rinneadh ceithre iarratas maidir le líonta talún stairiúla go dtí seo. Tá 3 iarratas idir láimhe faoi láthair.

AIRTEAGAL 27

Trí airteagal 5 de Threoir 2008/98/CE maidir le dramhaíl a chur i bhfeidhm, airteagal 27 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Treoir Dramhaíola) 2011 tugtar isteach foráil nua ina gceadaítear d'oibreoirí eacnamaíocha cinneadh a dhéanamh gur fotháirge seachas dramhaíl an t-ábhar atá acu. Ní mór cinntí den sórt sin a chur in iúl don EPA. Tá an EPA freagrach as measúnú a dhéanamh ar na cinntí sin a chuirtear in iúl lena chinntiú go gcloíonn siad leis na Rialacháin agus leis an Treoir agus gur fotháirgí iad na hábhair atá i gceist agus nach ndéanfar iad a rialáil mar dhramhaíl. In 2011, fuair an EPA 12 fhógra. Chinn an EPA gur dramhaíl a bhí i dtrí cinn de na hábhair seo a fógraíodh.

DEIMHNITHE CLÁRÚCHÁIN

D'eisigh an EPA 27 Deimhniú Clárúcháin in 2011 i gcomhair saoráidí aisghabhála dramhaíola de chuid na n-údarás áitiúil a mheastar gur beag an baol don chomhshaol iad.

ORGÁNAIGH GHÉINMHODHNAITHE (GMO)

Faoi dheireadh 2011:

- Bhí 355 iontráil ghníomhacha déanta ar chlár na n-úsáideoirí GMO in Éirinn.
- Rinneadh 57 cinneadh maidir le húsáid shrianta GMOanna agus 1 toiliú le haghaidh gníomhaíochtaí scaoilte d'aon turas.
- Rinneadh cigireachtaí GMO ar 16 n-áitreabh cláraithe, a bhfuil il-úsáideoirí ag cuid acu.

CEADÚNÚ DO DHUMPÁIL AR FARRAIGE

Faoin Acht um Imeall Trá agus um Dhumpáil ar Farraige (Leasú) 2009 aistríodh freagracht as Ceadúnais um Dhumpáil ar Farraige ón Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (DAFM) go dtí an EPA, le héifeacht ón 15 Feabhra 2010. D'eisigh an EPA sé chead um Dhumpáil ar Farraige agus dhá Leasú Teicniúil in 2011.

Cuireadh forfheidhmiú na gceadanna sin ar bun agus forbraíodh córas admhála leictreonaí chun Tuarascálacha Bliantúla 2011 DAS agus Tuarascálacha OSPAR a fháil. Táthar ag forbairt córais chun go mbeidh na tuarascálacha sin ar fáil don phobal trí láithreán Gréasáin an EPA in 2012.

TIONSCAIL EASTÓSCACHA

Sheol an EPA láithreán Gréasáin nua ar thionscail eastóscacha bunaithe ar GIS an 05 Nollaig 2011 http://watermaps.wfdireland.ie/ExtractiveFacilities/ chun saoráidí a chur san áireamh atá ag gabháil d'eastóscadh dromchla nó faoi thalamh ar acmhainní mianraí chun críche tráchtála mar shampla, cairéil, láithreáin mhianadóireachta nó baint móna.

Is córas bainistíochta sonraí é an láithreán Gréasáin lena dtugtar meicníocht amháin chun clár náisiúnta de Thionscail Eastóscacha a chruthú. Is féidir le húdaráis áitiúla an clár ar líne a úsáid chun clár reatha de na saoráidí atá faoina sainchúram a choimeád agus tá an EPA á úsáid chun faisnéis a thabhairt ar gach saoráid sna tionscail eastóscacha atá ceadúnaithe ag an EPA. Tá fardal freisin sa chlár de shaoráidí dramhaíola eastóscacha iata.

FORFHEIDHMIÚ CEADÚNAS

- Rinne an EPA 169 iniúchadh agus 658 imscrúdú ar láithreáin dramhaíola a bhfuil ceadúnú IPPC acu.
- D'eisigh an EPA 870 fógra neamhghéilliúntais.
- Reáchtáladh 122 cruinniú le ceadúnaithe le déileáil le ceisteanna neamhghéilliúntais.
- Fuarthas 1200 gearán san iomlán faoi na suíomhanna sin ar tugadh ceadúnais dóibh. Bhain 80% de na gearáin sin le bréantas.
- Tugadh fógraí don Ghníomhaireacht (faoi réir théarmaí na gceadúnas) faoi 2446 teagmhas.

FORFHEIDHMIÚ I LEITH DRAMHAÍOLA

D'oibrigh an EPA, FSS, Comhairle Contae Chill Dara, Óglaigh na hÉireann agus na Gardaí go dlúth lena chéile le linn na bliana chun déileáil le tine agus fadhbanna eile comhshaoil ag Líonadh Talún Bhaile Chairdif, gar don Nás. D'fheidhmigh an EPA a cumhachtaí faoi Alt 56 den Acht um Bainistiú Dramhaíola chun an suíomh a dhaingniú agus chun tús a chur leis an bpróiseas leasúcháin fadtéarmach den suíomh uile. I measc na réamhoibreacha, rinneadh stoc-chairn dramhaíola riosca tine a thógáil ón áit; foireann slándála a sholáthar ag an suíomh, oifig a bhunú ar an suíomh; agus monatóireacht agus cigireacht ar an suíomh. Go dtí seo, bhí na hoibreacha á maoiniú ag an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

FORFHEIDHMIÚ DLÍ

Bhí rath ar 22 ionchúiseamh cúirte a thionscain an Ghníomhaireacht agus ar éisteadh leo go léir sa Chúirt Dúiche. Tugadh trí chás in aghaidh ceadúnaithe dramhaíola agus aon chás déag in aghaidh ceadúnaithe IPPC. Tógadh ceithre chás in aghaidh Stiúrthóirí ceadúnaí. Bhain trí cinn le gníomhaíochtaí IPPC neamhcheadúnaithe agus tionscnaíodh ceann amháin faoi na Rialacháin maidir le Bainistíocht Dramhaíola (Ceallraí & Taisc-cheallraí). Gearradh costais agus fíneálacha arbh fhiú€133,707.02 iad.

Ionchúisimh sa Chúirt Dúiche	Uimhir	Líon iomlán na bhfíneálacha, na gcostas agus na dtabhartas chun carthanas
Cosc agus Rialáil Chomhtháite ar Thruailliú		
Ceadúnaithe IPPC	11	€97,627.40
Stiúrthóir ar cheadúnaí IPPC	1	€-
IPPC neamhcheadúnaithe	3	€6,097.62
Dramhaíl		
Ceadúnaí dramhaíola	3	€22,463.00
Stiúrthóirí cheadúnaí dramhaíola	3	€3,000.00
Na Rialacháin maidir le Ceallraí	1	€4,519.00
Iomlán	22	**€133,707.02**

Tábla 3: Forfheidhmiú Dlí

GEARÁIN MAIDIR LE FEIDHMIÚ REACHTÚIL NA NÚDARÁS ÁITIÚIL

- Rinne an EPA dhá cheann déag d'iniúchtaí comhtháite ar údaráis áitiúla mar aon le 116 iniúchadh ar uisce óil agus 73 iniúchadh ar fhuíolluisce.
- Chuir an EPA tús le 186 imscrúdú nua de thoradh gearán a rinneadh leis an EPA nó ar bhunús teagmhas a d'aithin an EPA, maidir le bearta a raibh na húdaráis áitiúla freagrach astu.
- Críochnaíodh 215 imscrúdú san iomlán i gcaitheamh na bliana.
- Tugadh fiche a cúig Threoir san iomlán d'údaráis áitiúla. Bhain siad sin go léir le huisce óil.

AN LÍONRA FORFHEIDHMIÚCHÁIN

Comhordaíonn an Ghníomhaireacht Líonra Forfheidhmiúcháin Comhshaoil Náisiúnta i gcónaí. Úsáideann an Líonra na hacmhainní comhchoiteanna, an saineolas agus an cumas imscrúdaithe atá ar fáil go náisiúnta chun dul i ngleic le coiriúlacht comhshaoil. Tá an Líonra buanaithe go maith anois agus tugann sé os cionn 1,000 ball foirne le chéile ó bhreis agus 50 gníomhaireacht sa tír. I measc torthaí móra an Líonra in 2011 bhí gníomhartha forfheidhmiúcháin ilghníomhaireachta ar laghdaíodh líon na gclós dramh-mhiotail neamhcheadúnaithe ó 157 go 20 dá mbarr. Bhí sé mar ábhar i gcás ag Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh i gcoinne na hÉireann a chuaigh siar go 2005. Toradh eile ar obair an Líonra ná go bhfuil monatóirí clóirín suiteáilte i ngach Soláthar Uisce Óil Phoiblí anois (30% a bhí i gceist in 2008/09) agus tá laghdú 74% tagtha ar theipeanna E.coli ó tháinig an EPA chun bheith ina údarás maoirseachta in 2007.

Tá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil freagrach as an gClár ar Scaoileadh amach agus Aistriú Truailleán Eorpach (E-PRTR) a chur le chéile go bliantúil faoi Rialachán (CE) Uimh. 166/2006. Chuir an Ghníomhaireacht a tríú tuarascáil E-PRTR, le haghaidh na bliana 2009, faoi bhráid an Choimisiúin Eorpaigh ar an 31 Márta 2011.

Seo a leanas an obair a bhaineann leis na Rialacháin PRTR a chur i bhfeidhm:

Sonraí a chuireann saoráidí tionscail móra isteach gach bhliain, ar suas go 91 substaint nó truailleán, a bhailiú agus a fhíorú. Cuimsíonn sé astuithe chuig an aer, uisce, fuíolluisce chomh maith le haistrithe dramhaíola guaisí agus neamhghuaisí lasmuigh den láithreán.

Tuarascáil thríbhliantúil a ullmhú le haghaidh na tréimhse 2007-2009, chun Athbhreithniú Sonraí Oifigiúil ag an gCoimisiún a éascú ar an bpróiseas PRTR ar glacadh leis, an bunús dlíthiúil, rochtain ag an bpobal ar shonraí, dearbhú cáilíochta agus an próiseas um measúnú sonraí i ngach Ballstát. Ba é toradh an athbhreithnithe sonraí sin ná gurbh deimhin leis an mBord go raibh na ceanglais go léir á gcomhlíonadh ag Éirinn.

Ríomhchlár a bhunú, chun faisnéis a fhoilsiú a mbeidh rochtain ag an bpobal uirthi. D'fhorbair agus sheol an Ghníomhaireacht an ríomhchlár sin, i bhfoirm láithreán gréasáin náisiúnta nuálaíoch, i nDeireadh Fómhair 2011 .i. http://prtr.epa.ie. Le bunú an láithreáin ghréasáin, réitíodh an bealach do dhaingniú Phrótacal na NA ar PRTR, i Meitheamh 2012. Roimhe sin, shínigh an tAire Comhshaoil na Rialacháin um Scaoileadh amach agus Aistriú Truailleán 2011 (I.R.649 de 2011) isteach sa dlí ar an 13 Nollaig 2011.

Cumarsáid leis an gCoimisiún agus leis an nGníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) ar "Thuarascálacha Tíre". Déanann an EEA athbhreithniú cuimsitheach gach bliain ar aighneachtaí E-PRTR ó gach ballstát, agus tugann sí tuairisc orthu faoi "Thuarascálacha Tíre". Fuarthas an Tuarascáil Tíre le haghaidh na hÉireann a bhain le sonraí E-PRTR ó 2009 ar an 28 Meitheamh 2011. Ní raibh aon leasuithe ar an tacar sonraí riachtanach faoi thorthaí Chéim 1 de chuid an EEA, ach bhí roinnt mionathruithe, mar thoradh ar earráidí tuairiscithe ó 5 shaoráid, riachtanach tar éis athbhreithniú Chéim 2 ag an EEA. Thug an Ghníomhaireacht fógra do na saoráidí sin mar gheall ar na hearráidí agus chuir siad sonraí cearta isteach in Iúil 2011.

Tá dul chun cinn á dhéanamh maidir le huirlis nua ríomhthuairiscithe a fhorbairt chun astuithe ó shubstaintí PRTR a scaoiltear ó ghléasraí cóireála fuíolluisce poiblí a mheas, ar bhunús sonraí monatóireachta iarbhír ó ghléasraí cóireála ionadaitheacha agus tá sé le bheith críochnaithe in Iúil 2012.

TREOIR UM MEASÚNÚ STRAITÉISEACH COMHSHAOIL (MSC)

I measc na bPríomhmheasúnaithe Straitéiseacha Lárnacha Comhshaoil a rinne comhlachtaí poiblí in Éirinn i rith 2011 agus a ndearna an EPA aighneachtaí fúthu bhí:

- 3 Phlean Náisiúnta – Plean Forbartha um Fhorbairt Fuinnimh Inathnuaite Amach ón gCósta (OREDP), Clár Forfheidhmithe Eangach 25, Peitriliam a Thaiscéaladh sa Mhuir Cheilteach & i Muir Éireann (IOSEA4)
- 1 Phlean Iompair Réigiúnaigh – Dréachtstraitéis Iompair Mhórcheantar Bhaile Átha Cliath
- 1 Phlean Trasteorann – Plean Bainistíochta Acmhainní Uisce Thuaisceart Éireann
- 1 Straitéis Fuinnimh Inathnuaite Contae (Maigh Eo)
- 3 Mheasúnú Straitéiseach Comhshaoil (MSC) maidir le Port / Cuan (Baile Átha Cliath, Ros Láir agus Dún Laoghaire)
- 28 MSC maidir le húsáid talún ar leibhéal Contae agus Áitiúil
- Rinneadh 47 Aighneacht Scópála agus 127 Aighneacht Scagtha

FAISNÉISÍOCHT & CÓRAIS FAISNÉISE GEOGRAFAÍ (GIS)

- Chuir an EPA tús le leagan nua a fhorbairt den bhreathnóir poiblí WebGIS, Envision, agus lean sé ar aghaidh ag cur sonraí le híoslódáil leis an Láithreán Tairsí Geografaí (http://gis.epa.ie/).
- Sheol an EPA láithreán gréasáin PRTR a bhfuil eilimint mhór GIS ann (www.prtr.ie.
- Tá an EPA freagrach as tuairisciú a dhéanamh faoin gCreat-Treoir Uisce Eorpach. I rith 2011 chuaigh an EPA i ngleic go pras le gach fiosrúchán ón gCoimisiún Eorpach ar tarraingíodh aird orthu ina measúnú ar na sonraí a tuairiscíodh le haghaidh Airteagal 13 den WFD in 2010.
- Bhí baint mhór ag an Aonad Faisnéisíochta laistigh den EPA maidir le pleanáil conas an úsáid is fearr a bhaint as GIS laistigh den Fheidhmchlár Monatóireachta agus Forfheidhmithe Ceadúnais (LEMA). Chuimsigh an ról sin go sonrach obair ar fhréamhshamhail chun iarratais leictreonacha ar cheadúnais a bhailiú trí mheán foirmeacha gréasáin ar líne agus an t-iarratas ar Dheimhniú Údaraithe a fhorbairt agus a fhoilsiú chun iarratais nua ar scardadh dramhuisce a chlárú atá ar fáil anois ar láithreán gréasáin an EPA ag http://www.epa.ie/downloads/forms/lic/wwda/

- Lean an EPA ar aghaidh leis an tionscadal measúnaithe comhtháite i dteannta le Suirbhéireacht Gheolaíochta na hÉireann maidir leis an deis chun rangú riosca a dhéanamh ar chórais chóireála tithe aonair.
- Is é atá sa Líonra um Malartú Sonraí Comhshaoil (EDEN) ná tairseach náisiúnta le haghaidh údarás poiblí áit a bhféadann siad sonraí monatóireachta a roinnt. Leathnaíodh EDEN in 2011 chun ligean d'údaráis áitiúla sonraí faoi fhuíolluisce uirbeach a uaslódáil agus a thuairisciú don EPA.
- Forbraíodh tairseach nua ar a dtugtar ALDER le haghaidh custaiméirí nach údaráis phoiblí iad. Trí mheán ALDER beidh custaiméirí in ann sonraí a thuairisciú don EPA tríd áis uaslódála. Bhain custaiméirí úsáid as in 2011 chun sonraí faisnéise faoi Dhéifinil Pholaclóirinithe (PCB) a thuairisciú. Leathnófar é sa todhchaí chun iarratais cheadúnais ar líne a cheadúnú chomh maith le cur isteach sonraí monatóireachta chun críocha tuarascálacha bliantúla comhshaoil.
- Le blianta beaga anuas tá bunachar ar a dtugtar Aquarius forbartha ag an EPA chun sonraí monatóireachta a chomhtháthú ó Shaotharlann EPA agus EDEN araon. Críochnaíodh céim 2 d'fhorbairt Aquarius agus cuireadh i bhfeidhm í in 2011. I measc ghnéithe Chéim 2 d'Aquarius bhí feidhmiúlacht nua a sheachadadh mar chomhtháthú sonraí screamhuisce, sonraí fuíolluisce, agus sonraí measúnaithe faoi lochanna & aibhneacha. Ina theannta sin forbraíodh comhéadan úsáideora don Chlár Monatóireachta WFD agus uirlisí tuairiscithe nua.

SEIRBHÍSÍ SAOTHARLAINNE

- Glacadh 25,491 sampla agus rinneadh anailís orthu maidir le raon ceimiceán agus, nuair ba chuí sin, paraiméadair mhicribhitheolaíochta. Tógadh samplaí as aibhneacha, lochanna, screamhuisce, uisce taoide, láisteáití ó líonadh talún, eisiltigh IPPC, scardadh dramhuisce, agus astuithe aeir. Rinneadh an obair mar chuid de chláir mhonatóireachta náisiúnta, lena n-áirítear cláir Oibriúcháin agus Faireachais na Creat-treorach Uisce (WFD) agus rinneadh í le tacú le Forfheidhmiú i leith cúrsaí Comhshaoil agus mar chuid de na cláir réigiúnacha atá ar siúl thar ceann údarás áitiúil san oirdheisceart, san iarthar agus san oirthuaisceart.
- Cuireadh níos mó seirbhísí ar fáil don Oifig Forfheidhmithe i leith cúrsaí Comhshaoil maidir le tomhas gás líonta talún agus iniúchtaí ar ghléasraí cóireála fuíolluisce.
- Dúnadh an tSaotharlann Réigiúnach i gCorcaigh in 2011 de thoradh Athbhreithniú OMC in 2010. Rinneadh baill foirne a athshannadh do thascanna eile a sainíodh laistigh den athbhreithniú.

AN CLÁR IDIRCHALABRÚCHÁIN

- Ghlac ceithre shaotharlann bhreise páirt i gclár idirchalabrúcháin an EPA sa chaoi go raibh 137 ceann acu san iomlán páirteach ann in 2011. Ina measc siúd bhí saotharlanna de chuid na n-údarás áitiúil agus saotharlanna ar conradh, saotharlanna eile a chuireann sonraí ar fáil don EPA agus saotharlanna réigiúnacha de chuid an EPA féin. Seoltar na gnéithe den chlár a bhaineann le réiteach agus scaipeadh samplaí chuig saotharlann sheachtrach anois.
- Rinneadh nuashonrú i mí Iúil 2011 ar chlár na saotharlann, a bhfuil foráil déanta ina leith in Alt 66 d'Acht an EPA 1992. Is féidir é a iniúchadh i gCeanncheathrú an EPA agus ag www.epa.ie.

AN GHNÍOMHAIREACHT EORPACH COMHSHAOIL (EEA)

- Lean an EPA ar aghaidh agus é ag feidhmiú ina ról mar Phointe Comhtheagmhála Náisiúnta d'Éirinn le comhardú a dhéanamh ar mhalartú faisnéise comhshaoil leis an EEA agus le forbairt agus cothabháil an líonra náisiúnta agus le teagmhálacha, iarratais agus seachadtaí a éascú agus a chomhordú idir leibhéal náisiúnta agus AE.
- Rinneadh nuashonrú rialta le linn 2011 ar láithreán gréasáin an EPA um tháscairí comhshaoil ar líne Comhshaol na hÉireann (http://www.epa.ie/irelandsenvironment/). Cuireann an láithreán gréasáin faisnéis bheacht, cothrom le dáta faoi chomhshaol na hÉireann ar fáil don phobal i gcoitinne agus do lucht déanta beartas. Comhlíonann an láithreán gréasáin ceanglais tuairiscithe éagsúla lena n-áirítear tuairisciú ar Staid an Chomhshaoil don Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil (EEA) agus tuairisciú ar tháscairí náisiúnta.

BUAICPHOINTÍ NA DTIONSCNAIMH TAIGHDE

D'fhoilsigh foireann taighde an London School of Economics tuarascáil taighde tar éis dóibh scrúdú a dhéanamh ar na straitéisí forfheidhmithe a mbaineann na gníomhaireachtaí rialála in Éirinn sa RA úsáid astu agus láithreáin íosriosca á bhforfheidhmiú acu. Cuireadh torthaí na hoibre i láthair ag ceardlann i mBaile Átha Cliath ar fhreastail os cionn 40 duine uirthi a bhí ag déanamh ionadaíochta ar 18 n-eagraíocht éagsúla agus ar pháirtithe leasmhara éagsúla ó ranna rialtais, ó ghníomhaireachtaí stáit agus ón lucht acadúil a bhfuil spéis acu i Rialú Níos Fearr.

D'eagraigh an EPA sé cheardlann in ionaid réigiúnacha éagsúla chun foilsiú ghlaonna Comhshaoil FP7 a chur chun cinn, líonrú a éascú agus comhoibriú a mhéadú idir foirne taighde Eorpacha. Ó 2007 i leith, tá os cionn €30 milliún i maoiniú

ón AE ón gclár FP7 bronnta ar thaighdeoirí na hÉireann thar gach réimse téamach maidir le tionscadail a bhaineann leis an gcomhshaol.

I Samhain mar chuid de Sheachtain Eolaíochta 2011, reáchtáil STRIVE an naoú Seimineár Taighde Iarchéime bliantúil dá chuid. D'fhreastail os cionn 100 toscaire ar an seimineár, ina raibh os cionn 20 cur i láthair ó thaighdeoirí iarchéime arna maoiniú ag an EPA thar raon leathan d'ábhair chomhshaoil.

Ina theannta sin, thug an EPA tacaíocht airgeadais don chomhdháil Environ 2011 a reáchtáil UCC thar thréimhse trí lá in Aibreán 2011 agus ghlac sé páirt inti. D'fhreastail timpeall 250 toscaire ar an imeacht thar 80 láithreachas béil ó thaighdeoirí thar speictream leathan d'ábhair chomhshaoil lenar áiríodh athrú aeráide, an comhshaol agus sláinte; teicneolaíochtaí comhshaoil, bithéagsúlacht agus cáilíocht uisce.

	Ceadúnais IPPC	Ceadúnais Dramhaíola	Ceadúnais Fuíolluisce	Teastais Údaraithe	Ceaduithe do Dhumpáil ar Farraige	Toilithe um Orgánaigh Ghéin-mhodhnaithe (GMO)	Teastais Chláraithe
Iarratais a Fuarthas	117 (Athbhreithnithe ar Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil san áireamh)	6 (Athbhreithnithe ar Rialacháin um Chuspóirí Comhshaoil san áireamh)	4	62	2	52	24
Cinntí Beartaithe	29	5	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B
Agóidí a Fuarthas	10	0	N/B	N/B	N/B	N/B	N/B
Cinntí Deiridh	21	12	66	467	6	58	27

Tábla 4: Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin 2011

Cineál Cigireachta	Uimh.
Cigireachtaí maidir le hiarratas ar cheadúnas agus cigireachtaí athbhreithnithe	50
Cigireachtaí Forfheidhmithe IPPC	426
Iniúchtaí ar Fhorfheidhmiú IPPC	97
Cigireachtaí ar Fhorfheidhmiú i leith Dramhaíola	232
Iniúchtaí ar Fhorfheidhmiú i leith Dramhaíola	72
Cuairteanna Monatóireachta IPPC (uisce)	557
Cuairteanna Monatóireachta Dramhaíola (uisce)	145
Cuairteanna um Scardadh Dramhuisce (uisce)	158
Cuairteanna Monatóireachta ar Ghás Líonta Talún	52
Cruinnithe maidir le Géilliúntas IPPC	84
Cruinnithe maidir le Géilliúntas Dramhaíola	38
Iniúchtaí Údaráis Áitiúil (Uisce Óil, Fuíolluisce Uirbeach agus Comhtháthú)	199

Tábla 5: Iniúchtaí agus Cigireachtaí 2011

Beartaíocht	An líon in 2011
Cigireachtaí Forfheidhmiúcháin IPPC & Dramhaíola	658
Iniúchtaí ar Fhorfheidhmiúcháin IPPC & Dramhaíola	169
Gearáin a Fuarthas	1200
Fógraí Neamhghéilliúntais a Eisíodh	870
Cruinnithe maidir le Géilliúntas a Tionóladh	122
Teagmhais a Cuireadh in Iúl don Ghníomhaireacht	2446
Cuairteanna Monatóireachta Uisce	860
Cuairteanna Monatóireachta ar Ghás Líonta Talún	52

Tábla 6: Gníomhaíochtaí Forfheidhmiúcháin 2011

Beartaíocht	An líon in 2011
Iniúchtaí – Uisce Óil, Fuíolluisce Uirbeach agus Comhtháthú	201
Imscrúduithe ar Cuireadh Tús Leo le linn na Bliana	186
Imscrúduithe ar Cuireadh Deireadh Leo le linn na Bliana	215
Treoracha a Seirbheáladh	25

Tábla 7: Forfheidhmiú maidir le hÚdaráis Phoiblí 2011



7. EAGRAÍOCHT ARDFHEIDHMÍOCHTA A FHORBAIRT

DAOINE INNIÚLA / TIOMANTA

Is é sprioc leanúnach an EPA go mbeidh fórsa saothair tiomanta againn a fheidhmeoidh go feadh a chumais.

Ag eascairt ón gComhaontú Seirbhíse Poiblí agus ón gCreat Rialaithe Fostaíochta, laghdaíodh líon foirne an EPA go 324 faoi dheireadh 2011. Bhí céad daichead is ceithre bhall foirne lonnaithe i gCeanncheathrú an EPA i Loch Garman agus fuílleach na foirne lonnaithe go straitéiseach i gcúig Chigireacht Réigiúnacha agus i gceithre hOifig eile ar fud na tíre.

Déanann an EPA athbhreithniú leanúnach ar a struchtúr eagraíochta agus a chuid acmhainní chun cinntiú go bhfuil sé ar a chumas a chuid feidhmeanna reachtúla a chomhlíonadh chomh maith leis na cuspóirí atá leagtha amach i Ráiteas Straitéise an EPA,*Fís 2020.* Rinneadh athrú mór ar an struchtúr eagraíochta roinnt uaireanta chun dul in oiriúint do chaillteanas ball foirne agus chun machnamh a dhéanamh ar riachtanais agus ar thosaíochtaí nua.

Tá dearcadh an-dearfach ag an EPA maidir le socrúcháin oibre agus ghlac sé páirt i gClár Socrúcháin FÁS do Chéimithe agus sa Scéim Náisiúnta Intéirneachta in 2011. D'éirigh le cuid mhór de na hIntéirnigh a ghlac páirt sa scéim fostaíocht lánaimseartha a fháil san earnáil phríobháideach mar thoradh ar a socrúchán leis an EPA.

Rinneadh roinnt forbairtí ar an gCóras Bainistíochta Faisnéise um Acmhainní Daonna. Mar thoradh ar na forbairtí agus na héifeachtúlachtaí sin feabhsaíodh ról na mBainisteoirí Líne maidir le bainistiú ball foirne agus cuireadh cumas tuairiscithe níos fearr ar fáil um bainistiú foirne.

D'fhonn scileanna agus eolas den scoth a fhorbairt go leanúnach ar fud na heagraíochta, tá an EPA tiomanta go mór d'fhorbairt agus d'oiliúint na foirne.

Léirítear an tiomantas sin i leithdháileadh buiséid d'Fhoghlaim & Fhorbairt atá comhionann le tuairim is 3% den chaiteachas párolla. Caitheadh breis is €600,000 san iomlán ar oiliúint i rith na bliana. I rith 2011, ghlac baill foirne páirt i gclár ina raibh 271 imeacht, idir chúrsaí oiliúna (inmheánacha, seachtracha & grúpa), cheardlanna, chomhdhálacha agus sheimineáir. B'ionann iad sin agus 1791 lá oiliúna ar fad agus 5.4 lá oiliúna in aghaidh an duine.

Lean an EPA le feidhmiú céimneach ar Chlár Bainistíochta Daoine, agus chríochnaigh 71 ball foirne sinsearach an cúrsa faoi dheireadh 2011. Déanfar na scileanna atá riachtanach chun bainistiú a dhéanamh i gcomhthéacs timpeallacht oibre atá ag athrú go mear agus brúnna méadaithe a bheith ar an Earnáil Phoiblí chun éifeachtúlacht agus nuálaíocht a sholáthar, a thabhairt do na bainisteoirí sinsearacha sa Chlár.

Chun go mbainfí amach na spriocanna atá leagtha amach in *Fís 2020*, aithníonn an EPA an tábhacht a bhaineann le Cultúr Foghlama a fhorbairt agus a chur chun cinn agus aithníodh 'Cultúr Foghlama a Chur Chun Cinn' mar dhúshlán ardtosaíochta in 2010.

Cuireadh tús le cur i bhfeidhm na Straitéise Foghlama Corparáidí 2010-2012 in 2011 faoin Tionscadal LINKS (Learning, Innovation, Networking, Knowledge, Sharing / Foghlaim, Nuálaíocht, Líonrú, Eolas, Roinnt). Is iad na haidhmeanna atá ag an Straitéis Foghlama Corparáidí ná:

- rochtain ar oiliúint ghairmiúil agus bainistíochta ar ardchaighdeán a chur ar fáil do bhainisteoirí agus do bhaill foirne agus deis leanúnach a thabhairt dóibh forbairt agus fás pearsanta a bhaint amach;
- meicníochtaí a chur ar fáil trína mbeidh baill foirne in ann monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí idirnáisiúnta agus a bheith ar an eolas maidir leo, go háirithe i ndáil le cosaint an chomhshaoil, eolaíocht, teicneolaíocht, agus taighde; airgeadas, cumarsáid agus teicneolaíocht faisnéise; teacht ar bhealaí éifeachtacha chun foghlaim a aistriú agus í a chomhtháthú leis an nGníomhaireacht;
- tacú le cinnteoireacht d'ardchaighdeán ar gach saincheist comhshaoil a dteastaíonn scileanna agus breithiúnas d'ardchaighdeán ina leith.

Rinneadh go leor oibre in 2011 ar na sruthanna oibre LINKS; Aithníodh agus bunaíodh cúig shruth oibre lárnacha mar chuid de chur i bhfeidhm na Straitéise Foghlama Corparáidí; Idirphlé Feidhmíochta agus Cóitseáil, Meantóireacht, Cumas Teicniúil, Foghlaim Neamhfhoirmiúil. Roghnaíodh na ceithre réimse oibre sin mar na réimsí is tábhachtaí le breithniú a dhéanamh orthu ag an EPA agus le gníomh a ghlacadh maidir leo, chun cuspóirí foriomlána an CLS a chomhlíonadh. Cuimsítear Iompraíocht Ceannaireachta, Modheolaíocht um Bainistíocht Athruithe agus Dea-Chleachtas mar chuid den fhorfheidhmiú freisin.

Tá Córas Bainistíochta Feidhmíochta agus Forbartha (PMDS) i bhfeidhm ag an EPA ó 2002, atá cumhdaithe agus lánpháirtíocht á glacadh ann. Is é an aidhm a ghabhann leis an PMDS caighdeáin ardfheidhmíochta i measc na bhfostaithe a chur chun cinn, baint amach na gcuspóirí gnó atá leagtha amach in *Fís 2020* a áirithiú, scileanna na bhfostaithe a fhorbairt agus idirphlé soiléir idir bainisteoirí agus fostaithe a chur chun cinn.

Tá an EPA tiomanta do shábháilteacht, shláinte agus leas na foirne a chinntiú trí chloí go docht le Caighdeáin Sláinte agus Sábháilteachta agus trí chláir oiriúnacha oiliúna, iniúchta, measúnaithe riosca agus feasachta sábháilteachta a chur ar fáil. Tá teist den scoth ar an EPA ó thaobh sábháilteachta de agus níor tharla timpiste thromchúiseach ar bith ag an obair le linn 2011.

Cuireadh béim leanúnach ar chomhoibriú Tras-Oifige inmheánach don EPA maidir lena Chlár Oibre Bliantúil don bhliain 2011 a sholáthar. Áirítear ar ghníomhaíochtaí Tras-Oifige:

Rinneadh dul chun cinn leis an obair ar thionscadal suntasach foirmiúil Tras-Oifige LEMA (Feidhmchlár Ceadúnaithe, Forfheidhmithe agus Monatóireachta). Díreoidh an tionscadal comhtháite TF seo ar go leor de na dualgais ceadúnaithe, forfheidhmithe agus monatóireachta atá ar an EPA a bhogadh go hardán leictreonach uathoibríoch, rud a bhainfidh éifeachtúlachtaí suntasacha amach don EPA agus dá pháirtithe leasmhara.

Lean roinnt grúpaí teicniúla Tras-Oifige ag bualadh le chéile de réir mar ba ghá agus rinne siad faisnéis a mhalartú i dtaobh ábhar ar nós na Creat-Treorach Uisce, na Treorach maidir le Screamhuisce, na Treorach maidir le Líonadh Talún, saincheisteanna Ceadúnaithe agus Forfheidhmiúcháin maidir le hUisce, le Screamhuisce, leis an Aer, le IPPC agus le Fuíolluisce.

Tá Coiste Comhpháirtíochta (*Meitheal*) ar bun ag an EPA ó 1999 i leith. Is trí Ghrúpaí Tras-Oifige a dhéanann Meitheal formhór a chuid oibre. Le linn 2011, bhí ról suntasach ag *Meitheal* i bhforbairt leanúnach an Chórais Bhainistíochta agus Forbartha Feidhmíochta don fhoireann, i gcomhordú tionscnaimh Sláinte agus Sábháilteachta, i nGrúpa Forbartha Foirne, i Seirbhís Ardchaighdeáin do Chustaiméirí, san Fhoireann Uaine agus in ionchur don Chomhaontú Seirbhíse Poiblí 2010-2014.

CURADH AN CHOMHSHAOIL

Teastaíonn ón EPA cinntiú go mbíonn cúrsaí comhshaoil ag croílár na cinnteoireachta. Chun tacú leis an aidhm sin, déanann an EPA iarracht cinntiú go bhfaigheann daoine áirithe an fhaisnéis cheart san am cuí d'fhonn bainistíocht comhshaoil éifeachtach a chumasú agus d'fhonn eolas agus oideachas a chur ar fáil ina leith.

Don seachtú bliain, rinne an EPA urraíocht ar an gcomhdháil bhliantúil *Environment Ireland (Comhshaol Éireann)* i mí Mheán Fómhair 2011. Ba é an téama le haghaidh 2011 ná *"Treoir nua sa bheartas comhshaoil"* . Is í an chomhdháil an ceann is mó a reáchtáiltear in Éirinn gach bliain maidir le beartas agus bainistíocht comhshaoil. D'fhreastail toscairí ar chomhdháil 2011 a bhí ag déanamh ionadaíochta ar na príomhearnálacha go léir a chuireann spéis i gcomhshaol na hÉireann, a raibh go leor toscairí as an Ríocht Aontaithe agus Tuaisceart Éireann ina measc.

D'eagair an EPA trí léacht phoiblí ar Athrú Aeráide le linn 2011. D'fhreastail os cionn 400 duine ar gach léacht agus soláthraíodh taifid díobh go léir ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa-pictaural.com nó ar chainéal Youtube an EPA ag www.youtube.com/user/epaireland. Phléigh saineolaithe idirnáisiúnta go léir téamaí idir iompar inbhuanaithe, talmhaíocht atá cairdiúil don aeráid agus ról an eolaí Éireannaigh John Tyndall san eolaíocht aeráide ós rud é go raibh sé 150 bliain ó tháinig sé ar gháis cheaptha teasa.

Chraol RTÉ 1 an naoú sraith den chlár teilifíse don phobal ar fad EcoEye go luath sa bhliain. Tacaíonn an EPA leis an tsraith. Tháinig méadú ar an lucht féachana i gcomparáid leis an tsraith roimhe sin, agus 526,000 duine ar an meán in aghaidh gach cláir ag féachaint air. D'aontaigh an EPA tacaíocht a thabhairt do dheichiú sraith a raibh an chuid is mó di críochnaithe i rith na bliana.

Bhí caidreamh idir foireann an EPA agus na páirtithe leasmhara ag raon imeachtaí náisiúnta agus áitiúla le linn na bliana, lena a n-áirítear Taispeántas Eolaí Óg agus Teicneolaíochta BT, áit ar bhronn an EPA Gradam Speisialta agus deireadh seachtaine na Speiceas Dúchasach i Zú Bhaile Átha Cliath. Cuireadh ábhar ar fáil le haghaidh imeachtaí eile freisin chun cabhrú le feasacht chomhshaoil a mhúscailt.

Lean An Taisce ar aghaidh, i gcomhar leis an gClár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl de chuid an EPA, le Clár na dTeaghlach Glas a riar le linn na bliana. In 2011, ainmníodh an clár i gcomórtas na mBailte Slachtmhara mar 'Gníomh Tosaíochta' faoi na critéir um íoslaghdú dramhaíola agus chláraigh os cionn 90 grúpa Bailte Slachtmhara chun tabhairt faoi chlár na dTeaghlach Glas. Faoi dheireadh na bliana bhí clár na dTeaghlach Glas ar siúl i go leor grúpaí pobail agus gnóthaí chomh maith agus in os cionn 80 scoil agus 12,500 teaghlach bainteach leo.

Tá an Líonra náisiúnta Glasaithe Pobal, faoi stiúir an EPA, an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus An Taisce i dteannta a chéile. Ainmníodh ceithre thionscadal taispeántais in 2011 chun tástáil a dhéanamh ar éifeachtacht an ghlasaithe i gcineálacha éagsúla pobail. Cuirfear an cur chuige i dtreo ghlasú na bpobal in oiriúint do gach tionscadal le linn an phróisis taispeántais. Is iad na tionscadail taispeántais ná: Fóram Gnó na nDugthailte(an pobal gnó); Féile Ceoldráma Loch Garman (imeachtaí glasaithe); Ceantar Contae Chill Mhantáin (gairdíní pobail) agus Ros Comáin (Dún Gar) (pobal sráidbhaile).

Tá maoiniú curtha ar fáil ag an EPA do thaighde agus tá tacaíocht nach beag tugtha ag an taighde sin do bheartas agus do chinnteoireacht comhshaoil ar an leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Toradh suntasach ar an gclár taighde atá sna tuarascálacha deiridh ó thionscadail atá curtha i gcrích.

Foilsíodh 28 dtuarascáil taighde in 2011.

Lean an EPA ar aghaidh in 2011 le forbairt na faisnéise a sholáthraíonn sí bunaithe ar an ngréasán. I measc na príomhfhorbairtí bhí:

- Córas chun tionscadail a bhainistiú agus iarratas a dhéanamh ar dheontas ar an nGréasán a thabhairt isteach don chlár taighde in 2011. Baintear úsáid as an gcóras de ghnáth anois chun iarratais ar dheontais a dhéanamh, a phróiseáil agus a bhronnadh ar líne. Tá 350 taighdeoir maoinithe faoi láthair ag baint úsáide go gníomhach as an gcóras chun tuairisciú teicniúil agus airgeadais a dhéanamh ar a dtionscadail.
- Soláthar níos fearr faisnéise faoi thaighde arna mhaoiniú ag an EPA trí acmhainn sonraí SAFER atá ar fáil trí láithreán Gréasáin an EPA. Tá 2700 comhad sonraí ar fáil go poiblí i láthair na huaire agus tá teacht níos fearr ag an bpobal ar shonraí a eascraíonn as taighde atá maoinithe ag an EPA dá mbarr.

Rinneadh nuashonrú i rith an tséasúir snámha ar an láithreán Gréasáin ar cháilíocht an uisce snámha SPLASH (www.bathingwater.ie) le hionann is sonraí fíor-ama maidir le cáilíocht an uisce snámha.

Méadaíodh líon na bhFíschraoltaí a cuireadh ar fáil ar an láithreán gréasáin agus tugadh lárionad meán nua isteach chun feabhas a chur ar áis chun físeanna a chuardach agus a fheiceáil.

Rinneadh go leor oibre chun rochtain ar fhaisnéis ar láithreán Gréasáin an EPA a fheabhsú. Bronnadh an gradam Feabhas trí Inrochtaineacht air in 2011.

Rinneadh nuashonrú rialta le linn na bliana ar an acmhainn ghréasáin um tháscairí comhshaoil 'Comhshaol na hÉireann'. Dearadh an acmhainn sin chun faisnéis bheacht, cothrom le dáta faoi chomhshaol na hÉireann a chur ar fáil don phobal i gcoitinne agus do lucht déanta beartais. Cuireann sé ar chumas an EPA oibleagáidí tuairiscithe áirithe de chuid an

AE a chomhlíonadh i ngeall le fíor-am, agus measúnuithe comhshaoil a chur ar fáil do pháirtithe leasmhara i bhformáid ar féidir leo a úsáid.

Rinneadh athbhreithniú ar láithreán gréasáin an EPA ag deireadh 2011 chun nuashonrú a dhéanamh ar straitéis idirlín an EPA agus chun aithint conas a fhéadann an EPA an gréasán a úsáid le go bhféadann sé féin agus a lucht féachana ar líne leas níos fearr a bhaint as. Rinneadh comhairliúchán fairsing le páirtithe leasmhara chun ligean don EPA tuiscint a fháil ar riachtanais a lucht féachana ar líne agus chun cumarsáid shoiléir a fhorbairt ar líne atá dírithe ar an lucht féachana. Déanfar anailís ar thorthaí an athbhreithnithe go luath in 2012.

Córas Bainistíochta Comhshaoil an EPA

Tá an EPA tiomanta laghdú a dhéanamh ar thionchar a cuid oibríochtaí féin ar an gcomhshaol. Déanann comhlacht creidiúnaithe seachtrach iniúchadh ar Chóras Bainistíochta Comhshaoil (EMS) an EPA dhá uair sa bhliain chun cinntiú go gcomhlíontar agus go sáraítear ceanglais an Chaighdeáin EMS ISO 14001 atá aitheanta ar fud an domhain. I rith 2011 lean an EPA ar aghaidh ag coimeád creidiúnaithe de réir an chaighdeáin ISO14001 le haghaidh ár gcuid láithreán agus gníomhaíochtaí go léir a mbíonn tionchar mór acu ar an gcomhshaol.

Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2011

Is iad na príomhréimsí ina n-úsáidtear fuinneamh in oifigí agus i saotharlanna an EPA ná téamh spáis, soilse, cumhacht agus uisce te. Tá flít de 40 feithicil chorparáideach againn a úsáideann díosal den chuid is mó ach a úsáideann bithbhreosla chomh maith, nuair a bhíonn sí ar fáil.

D'úsáid an EPA 3,017.528 MWh d'fhuinneamh in 2011, atá comhionann le laghdú de timpeall 18% i gcomparáid leis an méid a úsáideadh in 2010. Seo a leanas miondealú ar ár gcuid úsáide leictreachais:

- 1,216.723 MWh de leictreachas;
- 1,040.593 MWh de bhreoslaí iontaise, lena n-áirítear
  - 320.955MWh de ghás nádúrtha
  - 252.539MWh de cheirisín
  - 55.366MWh de GPL (gás peitriliam leachtaithe)
  - 411.733MWh de bhreoslaí iompair (díosal) agus;
- 760.212 MWh de bhreoslaí in-athnuaite (sliseanna adhmaid agus millíní adhmaid).

Gníomhartha ar Tugadh Fúthu in 2011

Thug an EPA faoi raon tionscnamh in 2011 chun feabhas a chur ar a fheidhmíocht ó thaobh fuinnimh de, lena n-áirítear:

- Suiteáladh soilse seachtracha lúb ionduchtúcháin atá tíosach ar fhuinneamh ag ár n-oifig i gCill Chainnigh, rud a laghdaigh líon na bhfeistí solais agus leibhéil dhóthanacha solais á gcoimeád.
- Tugadh faoi staidéir theirmeagrafacha i dtrí ionad chun aon áiteanna a aithint ar fud an struchtúir áit a bhféadfaí teas a chailleadh a aithint chomh maith le héifeachtacht na gcóras téimh spáis atá ann cheana féin a aithint.
- Suiteáladh insliú breise inár n-oifigí i Muineachán & i gCaisleán an Bharraigh.
- Rinneadh athchoimisiúnú iomlán ar ghléasra meicniúil inár n-oifigí i mBaile Átha Cliath & i Muineachán.

Gníomhartha Beartaithe do 2012

Tá sé ar intinn againn tuilleadh feabhais a chur ar ár bhfeidhmíocht ó thaobh fuinnimh de in 2012 trí thabhairt faoi na tionscnaimh seo a leanas:

- Clár oibreacha a chur i bhfeidhm chun aon fhadhbanna a aithníodh sna staidéir teirmeagrafacha a réiteach.
- Iniúchadh fuinnimh iomlán a dhéanamh i ngach ionad EPA.
- Mar chuid d'athchóiriú mór ar ár n-oifig i gCorcaigh tá sé ar intinn againn uasghrádú a dhéanamh ar an ngloiniú agus na luachanna U a fheabhsú ó 4.37 go 1.4; meastar go sábhálfaidh sé sin 70 kWh in aghaidh an mhéadair chearnaigh.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsuiteáil mheicniúil agus leictreach i gCill Chainnigh.

DÍRITHE AR AN GCUSTAIMÉIR

Déanann an EPA a dhícheall a bheith ina eagraíocht atá dírithe ar an gcustaiméir.

Leanann an Láraonad um Cheisteanna Comhshaoil ar aghaidh ag déanamh ceisteanna comhshaoil ón bpobal a lárú agus a bhainistiú. In 2011, rinne an láraonad breis is 3,000 ceist a phlé agus a réiteach, rud a chuir ardleibhéal seirbhíse ar fáil do chustaiméirí. Rinneadh suirbhé ag deireadh 2011 chun aiseolas a fháil ón bpobal ar an tseirbhís a fuair siad ón Láraonad um Cheisteanna Comhshaoil, déanfar anailís ar na torthaí in 2012.

Forbraíodh cairt chustaiméirí nua, cuireadh ar fáil le haghaidh comhairliúchán poiblí í agus foilsíodh í go luath in 2011.

Níor cuireadh aon ghearán faoi bhráid an oifigigh SAC in 2011.

Bíonn an EPA de shíor ag iarraidh ár gcumarsáid a fheabhsú agus acmhainní oideachasúla a chur ar fáil d'fhonn tuilleadh faisnéise ar chur ar fáil do chinnteoirí agus chun tionchar a imirt ar an réimse gnó, ar an bpobal agus ar na heagraíochtaí lena n-oibrímid.

I rith 2011, rinne an EPA 356 fiosrúchán ó na meáin a láimhseáil.

Ceapadh agus scaipeadh sraith alt ar na meáin réigiúnacha gach mí. Bhain na hailt le saincheisteanna éagsúla a bhfuil baint ag an EPA leo agus bhí siad go léir curtha in oiriúint don chontae nó don réigiún a bhí i gceist. I measc na n-ábhar sin bhí Comheolaí ar Ghnó Glas, comhairle faoi sholáthraithe seirbhíse um athspraeáil gluaisteán agus gan dramhola a dhó chomh maith le tuarascálacha móra mar iad siúd ar uisce óil, ar cháilíocht an uisce, ar dhramhuisce agus uisce snámha. Mar gheall ar an bpróiseas sin gineadh 244 alt san iomlán i nuachtáin áitiúla chomh maith le 10 n-agallamh ar stáisiúin raidió áitiúla.

Foilsíodh agus scaipeadh *Ráiteas Deireadh Bliana* leis an Ard-Stiúrthóir. Sa Ráiteas sin clúdaíodh buaicphointí phríomhghníomhaíochtaí agus éachtaí an EPA le linn na bliana roimhe (2010).

Scaipeadh dhá eagrán den nuachtlitir chorparáideach *EPA News*, ar shíntiúsóirí le linn na bliana.

Rinne an EPA urraíocht ar cheacht faoi uisce agus uiscebhealaí in *Science and Technology in Action* . Is acmhainn ilmheán do scoileanna dara leibhéal é sin.

Rinne an EPA urraíocht i gcomhpháirt leis an nGailearaí Eolaíochta ar thaispeántas an-rathúil "Water-Surface Tension" a bhí ar siúl thar thrí mhí.

ÉIFEACHTÚIL Ó THAOBH NA HEAGRAÍOCHTA

Tá rún daingean ag an EPA na caighdeán is airde a bheith aige maidir le rialachas corparáideach agus déanamh cinnte go bhfuil cultúr an dea-rialachais fréamhaithe go daingean i ngach Oifig agus aonad gnó. Mar chuid de chur i bhfeidhm leanúnach an Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, lean an EPA ar aghaidh ag déanamh iniúchtaí inmheánacha faoi mhaoirseacht an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí.

RIALACHAS CORPARÁIDEACH

Rinneadh measúnú neamhspleách ar ghéilliúntas an EPA don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit go luath in 2010. Fuarthas sa tuarascáil, ar bhunús na hoibre a rinneadh, go dtugtar tosaíocht an-ard do chaighdeáin rialachais chorparáidigh laistigh den EPA. Fuarthas amach freisin go bhfuil tuiscint an-mhaith ag an lucht bainistíochta ar oibleagáidí rialachais chorparáidigh, agus go scrúdaítear iad seo go rialta, agus go bhfuil nósanna imeachta agus beartais rialachais an EPA i gcomhréir leis an gCód, de réir mar is cuí.

Rinne an EPA athbhreithniú cuimsitheach ar a Struchtúir Bainistíochta Riosca in 2011 agus ina dhiaidh sin rinneadh athbhreithniú ar Bheartas Bainistíochta Riosca an EPA chun go mbeadh sé ag géilleadh go hiomlán d'fhorálacha an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ceapadh Príomhoifigeach Riosca agus bunaíodh Coiste Riosca a chuaigh i mbun oibre de réir an Bheartais athbhreithnithe. Críochnaíodh athbhreithniú níos bunúsaí ar rioscaí ar leibhéal Oifige ar cuireadh tús leis in 2010, i dtrí cinn de na ceithre hOifig le linn 2011. Déanfar an t-athbhreithniú sa cheathrú hOifig in 2012.

Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchta an EPA chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad ionchur ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaí sinsearach ón nGníomhaireacht féin.

Rinneadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA 2011 – 2012 a chur i bhfeidhm de réir a chéile, cuireadh iniúchadh caighdeánach amháin i gcrích agus cuireadh tús le hAthbhreithniú Luach ar Airgead.

Rinneadh an t-iniúchadh inmheánach sa réimse seo a leanas:

- Iniúchadh Inmheánach ar Chalaois / ar Chaimiléireacht a Bhrath agus a Chosc san EPA.

Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na mbeart atá sna Pleananna um Chur i bhFeidhm an Iniúchta Inmheánaigh agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus do Bhord an EPA ina leith.

Cuireadh na hAthbhreithnithe ar Luach ar Airgead ar cuireadh tús leo in 2010 sna réimsí seo a leanas i gcrích i rith 2011 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta Inmheánaigh agus an Bhoird iad.

- Clár Taighde an EPA faoi Tháirgeadh Níos Glaine agus Teicneolaíochtaí Comhshaoil, agus
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) (Uimh. 2), 2007 a fhorfheidhmiú.

Rinneadh na hAthbhreithnithe Luach ar Airgead i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Cuireadh tús le hAthbhreithniú eile Luach ar Airgead le linn 2011 i Réimse na Creat-Treorach Uisce.

Forbraíodh an Plean Iniúchta Inmheánaigh le haghaidh na tréimhse 2012-2013 le linn 2011 agus faomhadh é i bhFeabhra 2012 agus i measc na ngnéithe a léiríonn sé, tá na rioscaí a aithníodh i gClár Riosca Chorparáidigh an EPA, ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste, agus forbairtí agus saincheisteanna i leith Rialachais Chorparáidigh a tháinig

chun cinn san Earnáil Phoiblí go ginearálta. Rinne an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an EPA an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí seo a fhaomhadh.

BORD AN EPA

Tá cúigear Stiúrthóirí Feidhmiúcháin lánaimseartha ar Bhord an EPA. Bhí 53 cruinniú ag Bord an EPA in 2011, lena n-áirítear 11 chruinniú ginearálta inar pléadh beartas corparáideach, straitéis agus saincheisteanna pleanála agus airgeadais, mar aon le 42 cruinniú teicniúil inar pléadh iarratais ar cheadúnais, ionchúisimh agus saincheisteanna oibriúcháin.

COISTE COMHAIRLEACH

Is é an tUasal John Gormley, TD, An tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil a cheap an 5ú Coiste Comhairleach de chuid an EPA an 21 Eanáir 2010. Bhí trí chruinniú ag an gCoiste i rith 2011, agus lean sé air ag cur comhairle úsáideach agus thráthúil ar an EPA faoi réimse saincheisteanna.

AN COMHAONTÚ SEIRBHÍSE POIBLÍ 2010 - 2014

D'fhorbair an EPA Plean Gníomhaíochta faoin gComhaontú Seirbhíse Poiblí 2010 - 2014 (ar a dtugtar 'Comhaontú Pháirc an Chrócaigh') i Mí na Nollag 2010 agus chuir sí a céad agus a dara Tuarascáil Dul Chun Cinn faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil suas go deireadh mhí Mheán Fómhair 2011. Sa Phlean Gníomhaíochta seo tugtar éifeacht do na bearta atá leagtha síos sa Chomhaontú agus leagtar síos ann na gníomhartha ar leith atá le déanamh ag an EPA chun éifeachtúlachtaí agus coigiltis a bhaint amach, an t-amscála lena mbaineann, na buntáistí agus na coigiltis dhearbhaithe a bhfeicfear dá mbarr, agus na tréimhsí ina mbainfear amach iad.

Bunaíodh Grúpa Forfheidhmithe EPA in 2011 chun cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an EPA a mhaoirsiú agus déanann an Bord monatóireacht ar dhul chun cinn maidir leis an bplean agus tuairisc ina leith don Chomhlacht Forfheidhmithe mar a éilítear tríd an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Rinneadh dul chun cinn mór maidir le cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta an EPA le linn 2011.

TEICNEOLAÍOCHT FAISNÉISE (TF)

I rith 2011, dhírigh an EPA a acmhainní TF ar dhéileáil go leanúnach leis an dúshlán a bhaineann leis na héilimh bhreise atá i gceist i gcomhlíonadh a oibleagáidí comhshaoil agus corparáideacha. Bunaíodh an cur chuige sin ar thús áite a thabhairt do naoi gcinn de phríomhthionscadail forbartha TF, agus tacaíocht a chur ar fáil do chórais atá ann cheana féin, ar mhaithe leis na próisis agus seirbhísí/réitigh TF do chórais chomhshaoil agus chorparáideacha a fheabhsú.

Lean an tionscadal a chlúdaíonn próisis lárnacha chomhshaoil an EPA ná an Feidhmchlár Ceadúnaithe, Forfheidhmiúcháin agus Monatóireachta (LEMA) leis an dul chun cinn in 2011. Tá an réiteach nua bunaithe ar phróiseas ina bhfuil sé chéim, agus beidh na próisis chomhshaoil níos éifeachtúla mar gheall ar an bpróiseas sin. Mar shampla, sa réimse forfheidhmiúcháin, tá an EPA freagrach anois as ceadúnais a fhorfheidhmiú do bhreis agus 400 gléasra cóireála fuíolluisce agus ní féidir leis an eagraíocht an obair bhreise sin a dhéanamh ach amháin trí úsáid a bhaint as TF agus próisis éifeachtacha idir an EPA agus Údaráis Áitiúla.

I 2011 díríodh feabhsúcháin ar chórais Seirbhísí Corparáideacha ar fheabhsúcháin phróisis agus ar fheabhsúcháin ar chórais bheaga. Áirítear leis sin anailís fheabhsaithe ar fhaisnéis airgeadais chun laghduithe costais a aithint agus a stiúradh, rialú feabhsaithe trí húsáid as bhaint as tiomantais ordaithe ceannaigh, agus éifeachtúlachtaí agus seirbhís feabhsaithe maidir le híocaíochtaí creidiúnaí. Críochnaíodh forbairt sonraíochtaí feidhmiúla maidir le córas nua comhtháite Acmhainní Daonna agus Párolla in 2011.

Chun seirbhís do chustaiméirí a fheabhsú bhunaigh an EPA máistirchomhad lárnach de theagmhálaithe agus úsáid á baint as bogearraí um Bainistíocht Caidrimh Chustaiméirí (CRM) agus úsáidfidh sí é sin chun cainéil nua seirbhíse leictreonaí a chur ar fáil.

Leanadh le tionscadal um athrú teicneolaíochta an EPA inar cuireadh an méid seo a leanas i gcrích; cuireadh Microsoft Office 2010 i bhfeidhm; baineadh úsáid níos leithne as bogearraí Bainistíochta Caidrimh Chustaiméirí (CRM); cuireadh monatóireacht ar Bhonneagar TF i bhfeidhm chomh maith le huirlisí um úsáid bogearraí, athsholáthar bhonneagar teicniúil EPA.ie, agus feabhas leanúnach ar an gcumas neamhthuilleamaíochta trí aistriú eolais ar athruithe teicneolaíochta chuig baill foirne inmheánacha.

Bhí na tionscadail seo mar chuid de chlár foriomlán na dtionscadal tosaíochta i rith 2011, agus ba iad na cinn eile ná Anailís Ghnó, an Líonra um Malartú Sonraí Comhshaoil (EDEN), Sonraí Uisce a Bhailiú agus a Thuairisciú (AQUARIUS), ETSWAP, agus an tionscadal um monatóireacht Fhíor-Ama ar Cháilíocht Aeir. Díreofar gníomhaíocht TF in 2012 ar na naoi dtionscadal seo.

Glacann an EPA le cur chuige réamhghníomhach maidir le húsáid agus rialú TF faoi threoir an ghrúpa stiúrtha inmheánaigh ina bhfuil beirt Stiúrthóirí, bainistíocht shinsearach agus baill foirne a bhfuil baint dhíreach acu le gníomhaíochtaí TF. D'fhaomh Bord an EPA agus an Roinn Airgeadais an plean bliantúil TF le haghaidh 2011, de réir Chiorclán TF 2/09 agus Chiorclán 2/11.



CUID 2

SAINCHOMHAIRLEOIRÍ AGUS COMHAIRLEOIRÍ FOSTAITHE IN 2011

Accenture Ireland	Compass Informatics Ltd	O'Callaghan, Moran & Associates
Achilles Procurement Services	Cora Systems Ltd	Penna PLC
Acustica Ltd	Comhairle Contae Chorcaí	Na hAturnaetha Ronan Daly Jermyn
Aether Ltd	DHI	Robert Meehan
Antaris Consulting	Duncan Laurence Environmental Ltd	RPS Group
Apex Geoservices Ltd	Fitzpatrick Software Development	Na hInnealtóirí Comhairleacha Ryan Hanley
AMAS Ltd	Fehily Timoney & Co	Sinclair Knight Merz (Ireland) Ltd
Amec Earth & Environmental UK Ltd	Ford Consulting Group	SLR Consulting Ltd
ARIA Wealth & Investment Ltd.	Kefron Consulting	STL Ireland
Comhairleoirí Sláinte & Sábháilteachta Assure	Levett – Therivel	Tandem Consulting
AWN Consulting	Mason, Hayes & Curran	Tim Mulvey
Barry Doyle & Company	Mudway Health, Safety & Environment	Tobin Environmental Services
Camp, Dresser & McKee (Ireland) Ltd	Mott McDonald Pettit Ltd	URS Ireland Ltd
Cantab Consulting (KENT) Ltd	Niall Sweeney	White Young & Green Ireland Ltd.
Carr Communications Ltd	OCTO	William Fry Solicitors
Ionad na Teicneolaíochta Glaine	Odournet UK Ltd	

AN TACHT UM ÍOC PRAS CUNTAS, 1997

Tagann an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) faoi théarmaí an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997, a tháinig in éifeacht an 2 Eanáir 1998, agus Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíocht Dhéanach in Idirbhearta Tráchtála) 2002 a tháinig i bhfeidhm an 7ú Lúnasa 2002.

Is é beartas an EPA féachaint chuige go n-íoctar gach sonrasc go pras. Cuireadh córais agus nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm le go bhféadfaí sonraisc a thaifeadadh agus le cinntiú go ndéanfar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Déantar sonraisc cheannaigh a thaifeadadh ar bhonn laethúil i Rannóg na gCuntas, agus leantar iad go córasach lena chinntiú go ndeimhnítear agus go gcuirtear ar ais lena n-íoc iad gan mhoill. Eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá chun íoc pras a chinntiú.

Ceapadh na rialuithe seo chun neamhchomhlíonadh ábhartha an Achta agus na Rialachán a chosc chomh fada agus is féidir, cé nach féidir dearbhú absalóideach a thabhairt.

Rinneadh 2 íocaíocht mhalla le linn 2011, a raibh luach thar €317 orthu, agus sháraigh siad sin an dáta dlite faoi 22 lá ar an meán. Ba é €7,694.75 luach iomlán na n-íocaíochtaí déanacha seo. San iomlán, b'ionann luach na n-íocaíochtaí malla is 0.22 % de luach iomlán na n-íocaíochtaí clúdaithe ag an Acht, agus ba é €15 an t-ús pionóis iomlán a bhain leo.

Laura Burke
Ard-Stiúrthóir

FOILSEACHÁIN AN EPA 2011

Tá formhór fhoilseacháin an EPA ar fáil le híoslódáil ó láithreán gréasáin an EPA http://www.epa.ie/downloads/. Tá na foilseacháin ar fad le ceannach ar líne nó ó Dhíolachán Foilseachán an EPA ar +353 916 0642.

AER

Is féidir na tuarascálacha aeir seo a leanas ar aer a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/air/

- Caighdeán Aeir in Éirinn 2010
- Ireland's Greenhouse Gas Emissions Projections 2010
- Ireland's Transboundary Gas Emissions in 2009
- CO_2 EPA Emission Factors 2011
- The EU Emissions Trading Scheme - A review of the first six years of the operation
- Verified Emissions 2008-2010
- Ambient Air Monitoring in Newbridge
- Dioxin Levels in the Irish Environment 2010

CORPARÁIDEACH

Is féidir na tuarascálacha corparáideacha seo a leanas a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/other/corporate/

- Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais an EPA 2010
- Developing a Green Enterprise
- A Review of the EPA
- Cairt Chustaiméirí an EPA
- 2010 End of Year Statement
- EPA News Spring 2011
- EPA News Summer 2011

FORFHEIDHMIÚ

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/enforcement

- Environmental Protection Agency Licensing and Enforcement Charging Policy
- Ireland's 2009 Pollutant Release and Transfer Register (PRTR) Data Sets
- Ireland's 2007-2008 Pollutant Release and Transfer Register (PRTR) Data Sets

DRAMHAÍL

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar dhramhaíl a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/waste/

- National Waste Report 2009
- National Waste Prevention Programme (NWPP) Annual Report 2011
- Green Guide to Organising Festivals
- Green Guide to Enjoying Festivals
- Be a Savvy Shopper!
- Children & Food Waste
- National Hazardous Waste Management Plan 2008-2012 - Implementation Report 2011
- EPA Enforcement of WEEE Regulations to date

UISCE

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar uisce a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/water/

- Water Framework Status Update 2007-2009
- Guidance on the Authorisation of Discharges to Groundwater
- The Provision and Quality of Drinking Water in Ireland A Report for the Year 2010
- The Provision and Quality of Drinking Water in Ireland A Report for the Years 2008-2009
- Cáilíocht an Uisce Snámha in Éirinn 2010
- Review of the EPA Hydrometric Programme

NÓTAÍ TREORACH

Is féidir na nótaí treorach seo a leanas a fháil ar láithreán Gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/advice/

- Guidance on the Authorisation of Discharges to Groundwater
- Guidance Note on X-ray Units at End-of-Life
- Information Pack for Retailers of Industrial and Automotive Batteries
- Information For Retailers Of Electrical And Electronic Equipment and Batteries
- Guidance for Retailers of Batteries
- Advertising Guidelines for Sellers of Electrical & Electronic Equipment (EEE) and Batteries
- Information For Internet Sellers of Electrical and Electronic Equipment (EEE) and Batteries
- EPA approved factors to calculate the BMW content of municipal waste streams.
- Protocol for the Evaluation of Biodegradable Municipal Waste sent to Landfill
- Management of Low Levels of Landfill Gas
- Final position on end-of-waste status for recycled gypsum
- Basic Air Monitoring Checklist for Licensees
- Na Rialacháin um Rialú ar Shubstaintí a Ídíonn an Ciseal Ózóin 2011 (I.R. Uimh. 465 de 2011)
- Summary Guidance for Compliance with ODS and F-gas Regulations
- Na Rialacháin um Ghás Ceaptha Teasa Fluairínithe 2011 (I.R. Uimh. 279 de 2011)
- Guidance Note on Noise Assessment of Wind Turbine Operations at EPA Licensed Sites (NG3)
- Water Sampling & Field Measurement
- Legislation and Licence Reporting Requirements
- Guidance on Pollutant Release and Transfer Register (E-PRTR)
- Laboratory Management
- Analytical Procedures and Method Validation
- Assessment of External Laboratories
- Report Generation and Issue
- Requirement for External Contractors who Conduct Aqueous Monitoring to Demonstrate Compliance with Licence Conditions
- Field Sampling and Measurement
- Assessment of Results
- Auditing of External/Internal Laboratory
- Laboratory Methods
- An Chreat-Treoir Uisce (CTU)
- EPA Drinking Water Advice Note 12 - Exempted Drinking Water Supplies
- EPA Drinking Water Advice Note 11 - Prior Investigations and Technical Assessments
- EPA Drinking Water Advice Note 10 - Service Reservoir Inspection, Cleaning and Maintenance.
- EPA Drinking Water Advice Note 9 - Cryptosporidium Sampling and Monitoring
- EPA Drinking Water Advice Note 8 - Advice on constructing a Water Safety Plan and on its content
- EPA Drinking Water Advice Note7 - Source Protection and Catchment Management to Protect Groundwater Sources

- HSE and EPA Joint Position Statement on Trihalomethanes in Drinking Water November 2011
- Water Treatment Manual: Disinfection
- Online Drinking Water Notifications Website User Manual
- Preparation and Submission of the AER for Dumping at Sea Permit Holders
- Shellfish Assessment Sept 2011
- Guidelines for the establishment of a Biological Safety Committee (BSC) and the appointment of a Biological Safety Officer
- SEA Scoping Guidance Document.
- SEA Pack
- Environmental Liability Regulations Guidance Document
- Model for Transitional Waters
- Model for Lakes and Coastal Waters
- Salinity related DIN and MRP values for WFD
- EPA Guidance Note for Strategic Noise Mapping.
- AER/PRTR Guidance Document No.2a: Step-by-Step guide Non EPA Licence Ver 2.0 February 2011
- Sector-Specific PRTR Guidance Document: Emissions and Waste Transfers Reporting Guidance for the Waste Sector
- PRTR Quarries Guidance V2.0 February 2011.pdf

TUARASCÁLACHA TAIGHDE COMHSHAOIL

Athrú Aeráide

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar athrú aeráide a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/ climate/

- Tionscadail um Chlár Taighde maidir le hAthrú Aeráide agus Ánrachtaí a bronnadh in 2011
- Barriers to Sustainable Transport in Ireland (CCRP 7)
- Domestic Offsetting Scoping Study for Ireland (CCRP 6)

Uisce

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar thaighde uisce a fháil ar láithreán Gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/water/

- Alien Invasive Species in Irish Water Bodies (STRIVE 83)
- Neuro-Fuzzy Models For Use In River Basin District Management (ERC 18)

Bithéagsúlacht

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar thaighde bithéagsúlachta a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/biodiversity/

- BioChange (STRIVE 68)
- Freshwater Biodiversity in the Irish Agricultural Landscape: The Significance of Ponds (STRIVE 80)
- Development of the National Invasive Species Database (STRIVE 73)
- Evaluating the Ecological Impacts of Cultivating Genetically Modified Herbicide-Tolerant (GMHT) Oilseed Rape and Maize (STRIVE 69)
- Nutrient and Ecosystem Dynamics in Ireland's Only Marine Nature Reserve (NEIDIN) STRIVE 66

Úsáid Talún, Ithreacha agus Iompar

Is féidir na tuarascálacha seo a leanas ar úsáid talún, ithreacha agus iompar a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/land/

- CréBeo Soil Biodiversity Project (STRIVE 67)
- BOGLAND: Sustainable Management of Peatlands in Ireland-Final Report (STRIVE 75)

Bainistíocht Dramhaíola agus Acmhainní

Is féidir na tuarascálacha taighde seo a leanas ar bhainistíocht acmhainní a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/ research/waste/

- A Study of Pay-by-Use Systems for Maximising Waste Reduction Behaviour in Ireland (STRIVE 84)
- Development of specific bacterial detoxification enzymes as bioindicators and biosensors of environmental pollution (STRIVE 72)

Socheacnamaíocht

Is féidir na tuarascálacha taighde socheacnamaíochta seo a leanas a fháil ar láithreán Gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/econ/

- Assessing Access To Information, Participation, and Justice in Environmental Decision Making in Ireland (STRIVE 86)

Teicneolaíochtaí Comhshaoil

Is féidir na tuarascálacha taighde seo a leanas ar theicneolaíocht chomhshaoil a fháil ar láithreán gréasáin an EPA ag www.epa.ie/downloads/pubs/research/tech/

- National Centre for Water and Wastewater Research and Demonstration (STRIVE 78)
- Novel anaerobic sewage treatment and bioenergy production (STRIVE 64)
- Testing a new technology for monitoring nutrients in rivers (STRIVE 81)
- The Conversion of Waste PET Plastic to a High Value-Added Biodegradable Plastic (STRIVE 77)
- Potential for a Zero Carbon Emission Micro Fuel Cell (STRIVE 70)
- EPA Cleaner Greener Production Programme: Experiences, Impacts and Outcomes for Participant Organisation (CGPP Report)
- Recombinant DNA Approaches to Enhance the Activity of the Pathway for the Degradation of the Toxic Pollutant Styrene (STRIVE 65)
- Industrial Applications of Membrane Technology in Ireland: A Review (STRIVE 63)

AN COMHSHAOL AGUS AN TSLÁINTE

- Studies of the Chemical Composition and Toxicity of Airborne Fine Particles in Cork's Mid-Harbour (STRIVE 85)
- Nanotechnology: Environmental and Human Health Impacts (STRIVE 79)
- Nanotechnology: Environmental and Human Health Impacts (STRIVE 71)

CUID 3

RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

- Ráiteas um Fhreagrachtaí na Gníomhaireachta
- Ráiteas faoi Rialú Inmheánach Airgeadais
- Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste
- Beartais Chuntasaíochta
- Cuntas Ioncaim agus Caiteachais
- Ráiteas faoi Ghnóthachain agus Chaillteanais Aitheanta Iomlána
- An Clár Comhardaithe
- Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid
- Nótaí leis na Ráitis Airgeadais

RÁITEAS UM FHREAGRACHTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

De réir Alt 50 (1) den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, ní mór don EPA ráitis airgeadais a ullmhú ar cibé bealach agus a cheadódh an tAire Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil i ndáil chomhairle leis an Aire Airgeadais. Agus an EPA ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, ní foláir dó:

- beartais chuntasaíochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ansin;
- breithiúnais a thabhairt agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus ciallmhar;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh seachas má tá sé neamhoiriúnach talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an EPA ag feidhmiú;
- aon imeachtaí ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta infheidhmithe a nochtadh agus a mhíniú.

Tá an EPA freagrach as leabhair chuntais chuí a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnach tráth ar bith staid airgeadais an EPA agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Alt 50 den Acht EPA. Tá an EPA freagrach freisin as a chuid sócmhainní a chosaint agus céimeanna réasúnta a ghlacadh le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Ard-Stiúrthóir

Stiúrthoir

RÁITEAS FAOI RIALÚ IN-MHEÁNACH AIRGEADAIS 2011

1. Thar ceann Stiúrthóirí an EPA, aithním an chomhfhreagracht atá orainn as a chinntiú go gcoinnítear agus go bhfeidhmítear go hinmheánach córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais maidir le cuntais an EPA a ullmhú agus gach dualgas reachtúil a bhaineann leis an EPA a chomhlíonadh.

2. Admhaíonn Stiúrthóirí an EPA chomh maith gur cinnteacht réasúnach amháin seachas cinnteacht iomlán is féidir a chur ar fáil maidir le córas na rialuithe airgeadais inmheánacha go ndéantar na sócmhainní a chosaint, go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó mírialtacht ábhartha a chosc nó go dtugtar faoi deara go tráthúil iad.

3. Príomhnósanna Imeachta chun Rialú Inmheánach Airgeadais Éifeachtach a Sholáthar

i) Tá bearta glactha ag Stiúrthóirí an EPA chun an timpeallacht rialaithe chuí a chinntiú taobh istigh den EPA trí:

- Ráiteas Straitéise an EPA *Fís 2020 – Comhshaol na hÉireann a Fheabhsú agus a Chosaint a fhoilsiú.* Baineann an Straitéis leis an tréimhse go dtí 2020 agus tá cuspóirí comhshaoil agus eagrúcháin an EPA leagtha amach inti. Déanfar monatóireacht ar chur i bhfeidhm na Straitéise agus cuirfear tuairiscí chuig Bord an EPA ina leith ar bhonn tréimhsiúil. Tá an obair tosaithe ar Ráiteas Nua Straitéise don tréimhse 2012 - 2015 a ullmhú.
- Clár oibre mionsonraithe a chomhaontú le haghaidh gach bliain agus monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh go míosúil ar dhul chun cinn in aghaidh an chláir oibre.
- Cruinnithe Boird a reáchtáil ar bhonn rialta, lena n-áirítear cruinnithe bainistíochta míosúla ina mbíonn saincheisteanna straitéiseacha ar nós Rialachas Corparáideach, Bainistíocht Airgeadais agus Straitéis Chorparáideach agus gnóthaí foirne san áireamh leis an gClár Oibre.
- Tacar nósanna imeachta airgeadais a ghlacadh chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an EPA a rialú agus iad seo a fhoilsiú i Lámhleabhar Airgeadais na foirne.
- Sceideal cuimsitheach ar shocruithe árachais a choimeád chun leasanna an EPA a chosaint.
- Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí a bhunú mar chuid d'athbhreithniú leanúnach córasach ar an timpeallacht rialaithe agus ar nósanna imeachta rialachais laistigh den EPA, maoirsiú a dhéanamh ar fheidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir leis an gcaoi ina bhfuil an fheidhm sin á cur i bhfeidhm agus á forbairt.

- Beartas agus Creat i leith Bainistiú Rioscaí a bhunú agus a chur i bhfeidhm, Coiste Rioscaí agus Príomhoifeagach Rioscaí a cheapadh.
- Glacadh le Beartas chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh maidir le géilliúntas leis an reachtaíocht chorparáideach.
- Freagrachtaí bainistíochta a shainiú go soiléir, feidhmeanna oiriúnacha a tharmligean, agus beartais agus nósanna imeachta uile an EPA a athbhreithniú agus a fhaomhadh.
- Cód Iompair Ghnó maidir le Stiúrthóirí agus Baill Foirne a ghlacadh chucu féin de réir na gceanglas sa Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit.
- A chinntiú go gcomhlíontar ceanglais na nAchtanna um Eitic in Oifig Phoiblí agus Alt 37 & 38 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992, a bhaineann le Leas a Dhearbhú agus a Nochtadh.

ii) I rith 2011 rinneadh athbhreithniú ar Chláir Rioscaí Oifige an EPA de réir Bheartas Bainistithe Rioscaí an EPA agus rinneadh athchóiriú ar an gClár Rioscaí Corparáideacha. Cuireann gach Stiúrthóir ráitis dhearbhaithe ar fáil don Bhord ar bhonn ráithiúil ag admháil freagrachta maidir le nuashonrú, monatóireacht agus athbhreithniú leanúnach ar an gClár Rioscaí dá (h)oifig féin agus le cinntiú go gcuirtear an Beartas Bainistithe Rioscaí i bhfeidhm.

Rinne an Bord athbhreithniú cuimsitheach in 2011 ar Struchtúir Bainistíochta Riosca an EPA. Iar sin, rinneadh athbhreithniú ar Bheartas Bainistíochta Riosca an EPA chun go mbeadh sé ag géilleadh go hiomlán d'fhorálacha an Chóid Cleachtais Athbhreithnithe maidir le Rialachas Comhlachtaí Stáit. Ceapadh Príomhoifigeach Riosca agus bunaíodh Coiste Riosca a chuaigh i mbun oibre de réir an Bheartais athbhreithnithe. Críochnaíodh athbhreithniú níos bunúsaí ar rioscaí ar leibhéal Oifige ar cuireadh tús leis in 2010, i dtrí cinn de na ceithre hOifig le linn 2011. Déanfar an t-athbhreithniú san Oifig um Measúnacht Comhshaoil in 2012.

iii) Tá córas na rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat oibre d'fhaisnéis bainistíochta rialta, ar chóras tarmligin agus cuntasachta, ar thacar nósanna imeachta airgeadais agus ar nósanna imeachta riaracháin lena n-áirítear deighilt na ndualgas. Áirítear leis go háirithe:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach le buiséad bliantúil, a ndéanann Stiúrthóirí an EPA athbhreithniú agus faomhadh air.
- Buiséid agus údarás buiséadach agus freagracht as feidhmeanna sonracha a shannadh do bhainisteoirí áirithe. Foilsíodh Lámhleabhar Airgeadais in 2007, a leagann amach beartais agus nósanna imeachta maidir le saincheisteanna buiséid agus airgeadais.
- Údarás maidir le gach íocaíocht ar airgead an EPA, íoc na dtuarastal, na bpinsean, na gcreidiúnaithe, agus na gcostas srl (trí sheic nó trí ríomhaistriú airgid) a theorannú do Stiúrthóirí agus do thriúr Bainisteoirí Cláir ainmnithe.
- Na dualgais phróiseála maidir le hidirbhearta íocaíochta a leithscaradh in dhá chéim: 1: dearbhú ón bhfoireann atá freagrach as na hidirbhearta sin go bhfuarthas na hearraí/seirbhísí agus go raibh na tuarastail, pinsin agus costais dlite, agus 2: áireamh ón Aonad Airgeadais ar an airgead iomlán atá dlite, roimh údarú a iarraidh chun iad a íoc.
- Seolfar agus rialófar socrúcháin maidir le ceannach trí chóras agus nósanna imeachta bainistíochta airgeadais an EPA.
- Athbhreithniú rialta agus leanúnach ar íocaíochtaí a dhéanann an lucht bainistíochta sinsearach.
- Athbhreithnithe rialta ag Bord na Stiúrthóirí ar fhaisnéis agus ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla (lena n-áirítear faisnéis bainistíochta airgeadais agus ceangaltais cheannaigh atá fíorthábhachtach), ina léirítear an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid leis na buiséid.
- Disciplíní bainistíocht tionscadail a chur chun feidhme maidir le cláir thógála agus mórthionscadail chomhairleachta.
- Córas rialaithe maidir le faomhadh iomlán conarthaí caipitil agus conarthaí comhairleachta.
- Próiseas agus Nósanna Imeachta um Bainistíocht Sócmhainní a fhorbairt.
- Glacadh le Plean Corparáideach Soláthair in 2011.

iv) Rinneadh staidéar ar na himpleachtaí airgeadais a bhaineann le rioscaí gnó tríd an bpróiseas foirmiúil chun measúnú a dhéanamh ar rioscaí gnó agus maidir le Pleananna Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA a ullmhú. Déantar iad seo a iniúchadh agus a mheasúnú a thuilleadh le cur i bhfeidhm céimnithe Phlean Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA. Tá tacar cuimsitheach de Nósanna Imeachta Airgeadais curtha i bhfeidhm chun gnéithe airgeadais suntasacha a bhaineann le gnó an EPA a rialú lena n-áirítear teorainneacha ar údarú do cheannach/chaiteachas.

v) Cathaoirleach seachtrach atá ar Choiste Iniúchta an EPA chomh maith le lucht saineolais eile ón taobh amuigh (in ionad ionchur ó Stiúrthóirí neamhfheidhmiúcháin) agus ionadaí sinsearach ón nGníomhaireacht féin. Rinneadh Plean Iniúchóireachta Inmheánaí an EPA 2011 – 2012 a chur i bhfeidhm de réir a chéile, cuireadh iniúchadh caighdeánach amháin i gcrích agus cuireadh tús le hAthbhreithniú Luach ar Airgead.

Rinneadh an t-iniúchadh inmheánach sa réimse seo a leanas:

- Iniúchadh Inmheánach ar Chalaois / ar Chaimiléireacht a Bhrath agus a Chosc san EPA.
- Níor aithníodh aon chinntí criticiúla san iniúchadh seo. D'aontaigh an Coiste Iniúchóireachta agus Bord an EPA le Plean um Chur i bhFeidhm chun díriú ar mholtaí a

tháinig ón iniúchadh. Déantar athbhreithniú rialta ar an dul chun cinn atá á dhéanamh maidir le cur i bhfeidhm na mbeart atá i ngach aon cheann de na Pleananna um Chur i bhFeidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus tugtar tuairisc don Choiste Iniúchóireachta agus do Bhord an EPA ina leith.

Cuireadh na hAthbhreithnithe ar Luach ar Airgead ar cuireadh tús leo in 2010 sna réimsí seo a leanas i gcrích i rith 2011 agus cuireadh faoi bhráid an Choiste Iniúchta Inmheánaigh agus an Bhoird iad.

- Clár Taighde an EPA faoi Tháirgeadh Níos Glaine agus Teicneolaíochtaí Comhshaoil, agus
- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Uisce Óil) (Uimh. 2), 2007 a fhorfheidhmiú.

Rinneadh na hAthbhreithnithe Luach ar Airgead i gcomhréir le treoirlínte na Roinne Airgeadais.

Cuireadh tús le hAthbhreithniú eile Luach ar Airgead le linn 2011 i Réimse na Creat-Treorach Uisce.

Forbraíodh an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí don tréimhse 2012 – 2013 in 2011 agus rinneadh é a fhaomhadh i mí Feabhra 2012 agus léirítear rioscaí ann a sonraíodh i gClár Riosca Corparáideach an EPA, chomh maith le ceanglais an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus imeachtaí agus ceisteanna maidir le Rialachas Corparáideach atá tagtha chun cinn san Earnáil Phoiblí i gcoitinne. Rinne an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí agus Bord an EPA an Plean Iniúchóireachta Inmheánaí seo a fhaomhadh.

Ag eascairt as athbhreithniú a rinne an IPA in 2010 ar ghéilliúntas an EPA leis an gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nótáladh go raibh an Chairt um Iniúchóireacht Inmheánach (2005) agus Cairt an Choiste Iniúchóireachta Inmheánaí (2008) ag géilleadh don Chód athbhreithnithe ach gur moladh roinnt leasuithe chun an dea-chleachtas sa réimse seo a chur san áireamh. Rinneadh leasú ar gach Cairt in 2011 agus d'athbhreithnigh agus d'fhaomh an Bord agus an Coiste Iniúchóireachta Inmheánaí iad.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar na Rialuithe

Dearbhaím go ndearna Stiúrthóirí na Gníomhaireachta athbhreithniú ar chóras na rialuithe inmheánacha san EPA in 2011.

Sínithe thar ceann an Bhoird.



Ard-Stiúrthóir
02 / 07 / 2012

TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2011 faoin Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil 1992. Is éard atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta atá leagtha amach iontu, ná na Beartais Chuntasaíochta, an Cuntas Ioncaim agus Caiteachais, Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta, an Clár Comhardaithe, an Ráiteas faoi Shreabhadh Airgid agus na nótaí gaolmhara. Dlí infheidhme agus Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn atá sa chreat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm nuair a bhí na ráitis seo á n-ullmhú.

FREAGRACHTAÍ CHOMHALTAÍ NA GNÍOMHAIREACHTA

Tá an Ghníomhaireacht freagrach as na ráitis airgeadais a ullmhú, as a chinntiú do dtugtar léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Táim freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais agus tuairisciú a dhéanamh orthu de réir na ndlíthe infheidhme.

Rinne mé iniúchadh trí thagairt a dhéanamh do na nithe ar leith is gá a chur san áireamh i ndáil le cúrsaí bainistíochta agus oibriúcháin a ghabhann le comhlachtaí Stáit.

Rinneadh m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (an Ríocht Aontaithe agus Éire) agus de réir Chaighdeáin Iniúchóireachta Eiticiúla an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

RAON FEIDHME NA HINIÚCHÓIREACHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is éard a bhíonn i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil maidir leis na méideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, ionas gur féidir dearbhú réasúnta a thabhairt go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid eile. Déantar measúnú freisin ar

- cibé an bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach d'imthosca na Gníomhaireachta, ar cuireadh i bhfeidhm ar bhonn comhsheasmhach iad agus ar nochtadh go sásúil iad
- ar réasúntacht na meastachán cuntasaíochta suntasacha a rinneadh nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú, agus
- cur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Déanaim iarracht faisnéis a fháil freisin maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais i rith na hiniúchóireachta.

Ina theannta sin, léim an fhaisnéis airgeadais agus neamhairgeadais go léir sa Tuarascáil Bhliantúil chun neamhréireachtaí ábhartha i leith na ráiteas airgeadais iniúchta a aithint. Breithním na himpleachtaí i leith mo thuarascála i gcás go gcuirfí ar an eolas mé maidir le haon mhíráitis nó neamhréireachtaí ábhartha.

TUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é mo thuairim go dtugann na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh go cuí de réir Cleachtas Cuntasaíochta a bhfuil Glacadh leis go Ginearálta in Éirinn, léargas fíorcheart ar staid chúrsaí na Gníomhaireachta ar an 31 Nollaig 2010 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin.

Is é mo thuairim gur choinnigh an Ghníomhaireacht leabhair chuntais chuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.

ÁBHAIR AR A NDÉANAIM TUAIRISCIÚ AR BHONN EISCEACHTA

Déanaim tuairisciú ar bhonn eisceachta má tá aon cheann de na ráitis seo a leanas fíor:

- Ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe go léir a theastaigh uaim chun críocha m'iniúchóireachta, nó
- tugadh faoi deara i m'iniúchadh aon teagmhas ábhartha nuair nár úsáideadh airgead le haghaidh na gcuspóirí a bhí beartaithe nó nuair nach bhfuil na hidirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis lena ndéantar iad a rialú, nó
- níl an fhaisnéis a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil na Gníomhaireachta don bhliain dár ullmhaíodh na ráitis airgeadais ag teacht leis na ráitis airgeadais, nó
- ní léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais géilliúntas na Gníomhaireachta don Chód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- cinnim go bhfuil nithe ábhartha eile a bhaineann leis an mbealach inar seoladh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na nithe ar a bhfuil tuairisciú ar bhonn eisceachta.



Seamus McCarthy
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
12 Iúil 2012

BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

1 BONN CUNTASAÍOCHTA

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe faoi chomhghnás an chostais stairiúil agus ar shlí atá ceadaithe ag an Aire Comhshaoil, Comhshaoil agus Rialtais Áitiúil le comhthoiliú an Aire Airgeadais de réir Alt 50 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992.

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar a luaitear thíos, agus de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis go ginearálta. Glactar le caighdeáin tuairiscithe airgeadais a mholann na comhlachtaí cuntasaíochta aitheanta de réir mar a thagann siad chun bheith infheidhmithe.

2 DEONTAIS OIREACHTAIS

Is iad na deontais iarbhír a fuarthas sa tréimhse cuntasaíochta na figiúirí a thaispeántar.

3 TÁILLÍ CEADÚNAIS

Éilítear ar iarratasóirí táille iomlán an iarratais ar cheadúnas a íoc an tráth a ndéantar an t-iarratas. Cionroinntear na suimeanna a fhaightear don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais nuair a thugtar na céimeanna seo a leanas den phróiseas ceadúnaithe chun críche:

CEADÚNAIS UM CHOSC AGUS RIALÚ COMHTHÁITE AR THRUAILLIÚ AGUS CEADÚNAIS BAINISTITHE DRAMHAÍOLA:

- Iarratas 30%
- Cinneadh Beartaithe 50%
- Eisiúint Ceadúnais 20%

CEADÚNAIS UM SCARDADH DRAMHUISCE:

- Iarratas 10%
- Admháil an iarratais iomláin 40%
- Cinneadh a Eisiúint faoi Cheadúnas 50%

4 AN TAONAD TRÁDÁLA IN ASTÚCHÁIN A MHAOINIÚ

Bunaíodh an tAonad Trádála in Astúcháin (ETU) laistigh den Ghníomhaireacht in 2003. Tá foráil sa treoir a thug an Rialtas don Ghníomhaireacht, maidir le scéim an AE um thrádáil astuithe, cuid de na liúntais iomlána (nach sáróidh 0.5%) a dhíol nó a chur ar ceant. Baintear feidhm as na fáltais ó cheant / ó dhíolachán chun na costais a bhaineann le riar na scéime um thrádáil astuithe a ghlanadh agus íoctar aon suimeanna nach n-úsáidtear nó nach gcoinnítear chun na críche seo leis an Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil agus ní chaitear leo mar ioncam na Gníomhaireachta.

5 ÍOCAÍOCHTAÍ UM DHEONTAS TAIGHDE

Glacann an EPA gealltanais ar láimh maidir le tionscadail taighde dá ndéantar maoiniú a bhronnadh. Gearrtar caiteachas i leith na dtionscadal taighde seo sna ráitis airgeadais ar bhonn na n-íocaíochtaí tosaigh a rinneadh ar shíniú dhámhachtain an deontais, ar bhonn na n-íocaíochtaí eatramhacha a d'fhéadfadh a bheith faoi réir ag feidhmíocht shásúil agus ar bhonn íocaíochtaí breise arna n-eisiúint ar ghlacadh agus ar fhíorú éileamh maidir le hobair a críochnaíodh. Gearrtar costais a thabhaíonn an EPA i bhfeidhmiú na gclár taighde sna ráitis airgeadais de réir mar a thabhaítear iad.

6 SÓCMHAINNÍ SEASTA AGUS DÍMHEAS

Luaitear sócmhainní seasta ag costas lúide dímheas carntha. Soláthraítear dímheas faoin modh dronlíneach ag na rátaí atá luaite thíos a mheastar chun na sócmhainní a laghdú chuig a luachanna inréadaithe ag deireadh a saolré oibre ionchais:

- Foirgnimh 2%
- Troscán agus Feistis 10%
- Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh 15%
- Trealamh 20%
- Trealamh TF agus Ríomhaireachta 25%
- Mótarfheithiclí 20%

7 CAIPITLIÚ BOGEARRAÍ A FORBRAÍODH GO HINMHEÁNACH

Déantar caipitliú ar chostais sheachtracha na mbogearraí a fhorbraíonn an EPA áit ar féidir iad a aithint go leithleach agus áit a bhfuil súil go mbeidh buntáistí gnó ag eascairt astu ar feadh roinnt blianta sa todhchaí.

8 MAOINIÚ CAIPITIL

Comhlíontar sócmhainní seasta an EPA agus céimeanna chun cinn chun obair atá ar siúl a mhaoiniú ó theaglaim de dheontais chaipitil, iasachtaí ceadaithe agus leithroinntí as ioncam reatha. Aistrítear maoiniú a thagann ó dheontais (lena n-áirítear iad sin a úsáidtear le hiasachtaí a aisíoc) chuig cuntas caipitil a amúchtar de réir dhímheas na sócmhainní gaolmhara.

9 STOIC

Díscríobhtar gach stoc, lena n-áirítear stoic inchaite, sa bhliain ina gceannaítear iad.

10 FÉICHIÚNAITHE

Déantar foráil d'fhiacha amhrasacha, nuair atá sé sin ag teastáil, sna cuntais. Díscríobhtar drochfhiacha, de réir mar a thagann siad aníos, i gcoinne na forála sin.

11 AOISLIÚNTAS

Feidhmíonn an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil scéimeanna pinsean a bhfuil sochar sainithe acu agus a mhaoinítear go bliantúil de réir mar a théitear ar aghaidh ó airgead atá ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthraíonn an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, agus ó ranníocaíochta pinsin a bhaintear as tuarastail foirne.

Déantar fiachais na Scéime Pinsean a thomhas ar bhonn achtúireach agus modh chreidiúint réamh-mheasta an aonaid á úsáid.

Braitheann costais phinsean ar na sochair phinsin atá tuillte ag fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad gan ranníocaíochtaí pinsin na foirne atá á gcoinneáil ag an nGníomhaireacht a áireamh. Glactar le méid a chomhfhreagraíonn don táille pinsin mar ioncam sa mhéid is gur féidir é a aisghabháil, agus go bhfuil sé clúdaithe ag deontais a fhaightear i rith na bliana chun íocaíochta pinsin a urscaoileadh.

Léirítear gnóthachain nó caillteanais achtúireacha a thagann ó athruithe ar thoimhdí Achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta don bhliain ina dtarlaíonn siad agus aithnítear ceartú comhfhreagrach sa mhéid is féidir a aisghabháil ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Tá dliteanais phinsin cothrom le luach reatha íocaíochtaí pinsin na todhchaí a thuill an fhoireann go dtí seo. Is éard atá i maoiniú pinsean iarchurtha ná an tsócmhainn chomhfhreagrach a dhéanfar a aisghabháil sa todhchaí ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

CUNTAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

		2011	2010
IONCAM	**Nóta**	€	€
Deontais Oireachtais	**1**	46,784,254	44,070,048
Costais Aisghafa maidir le Trádáil Astuithe	**2**	1,193,654	1,219,115
Seirbhísí Eile		27,808	32,464
Ioncam ó Shaotharlanna Réigiúnacha		1,216,601	1,458,877
Gníomhaíochtaí Ceadúnúcháin	**3**	2,206,028	2,077,858
Gníomhaíochtaí Forfheidhmithe	**4**	7,353,266	7,683,500
Fáltais Ilghnéitheacha	**5**	70,914	621,660
Maoiniú iarchurtha glan i gcomhair pinsean	**22(c)**	6,296,872	5,742,435
		65,149,397	**62,905,957**
CAITEACHAS			
Tuarastail agus ÁSPC	**6**	19,799,868	20,014,564
Costais Phinsin	**22(a)**	7,486,000	7,499,445
Speansais Taistil	**7**	1,351,897	1,389,971
Costais Saotharlainne agus Allamuigh	**8**	3,210,959	1,435,079
Costais Chóiríochta	**9**	1,750,602	1,095,581
Costais Riaracháin Eile	**10**	5,421,437	5,525,868
Sainchomhairleoirí	**11**	786,501	894,397
Conraitheoirí, Deontais agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	**12**	8,304,835	8,862,509
Taighde Comhshaoil	**13**	13,337,626	13,622,417
Dímheas	**18**	2,554,890	2,482,069
		64,004,615	**62,821,900**
Aistriú chuig an gCuntas Caipitil / ón gCuntas Caipitil	**14**	536,281	(128,592)
		64,540,896	**62,693,308**
Barrachas Oibríochta		**608,501**	**212,649**
Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní		10,126	46,656
Barrachas roimh Ús		**618,627**	**259,305**
Ús faighte	**15**	60,880	458
Ús Iníoctha agus Muirir Chomhchosúla	**16**	(42,753)	(73,411)
Barrachas don Bhliain		**636,754**	**186,352**
Barrachas amhail 1 Eanáir		725,760	539,408
Barrachas amhail 31 Nollaig		**1,362,514**	**725,760**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha. Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 25.

Ard-Stiúrthóir

Stiúrthóir

RÁITEAS AR IOMLÁN NA NGNÓTHACHAN AGUS NA GCAILLTEANAS AITHEANTA DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

	Nóta	2011 €	2010 €
BARRACHAS DON BHLIAIN		**636,754**	**186,352**
Gnóthachain / (Caillteanais) ó Thaithí ar dhliteanais na scéime pinsean		1,429,000	10,439,000
Athruithe ar an mbonn tuisceana maidir le luach reatha dhliteanais na scéime pinsean		(4,838,000)	(8,312,000)
(Caillteanas)/Gnóthachan Achtúireach ar Dhliteanais Phinsin	**22(b)**	**(3,409,000)**	**2,127,000**
Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha		**3,409,000**	**(2,127,000)**
Iomlán Gnóthachan agus Caillteanas Aitheanta don Bhliain		**636,754**	**186,352**

Baineann torthaí na bliana le hoibríochtaí leanúnacha.

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 25.

Ard-Stiúrthóir

Stiúrthóir

CLÁR COMHARDAITHE AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2011

	Nóta	2011 €	2010 €
SÓCMHAINNÍ SEASTA	**18**	**37,409,278**	**37,129,032**
SÓCMHAINNÍ REATHA			
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	**19**	904,056	1,556,459
Airgead ar Láimh agus sa Bhanc	**20**	15,041,319	14,465,915
		15,945,375	**16,022,374**
LÚIDE DLITEANAIS REATHA			
Creidiúnaithe (Suimeanna a thiocfaidh chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin)	**21(a)**	**(14,806,928)**	**(15,485,397)**
Glansócmhainní / (Dliteanais) Reatha		**1,138,447**	**536,977**
Creidiúnaithe (Suimeanna a thiocfaidh chun bheith dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)	**21(b)**	**(1,508,663)**	**(1,799,982)**
Sócmhainní Iomlána lúide Fiachais Reatha roimh Phinsin		**37,039,062**	**35,866,027**
Dliteanais Phinsin	**22(b)**	**104,308,867**	**94,602,995**
Maoiniú Pinsean Iarchurtha	**22(c)**	**(104,308,867)**	**(94,602,995)**
		0	**0**
Glansócmhainní Iomlána		**37,039,062**	**35,866,027**
ARB IONANN IAD AGUS:			
Cuntas Caipitil	**14**	**35,676,548**	**35,140,267**
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais		**1,362,514**	**725,760**
		37,039,062	**35,866,027**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus an ráiteas faoi shreabhadh airgid, chomh maith le nótaí 1 go 25.

Ard-Stiúrthóir

Stiúrthóir

RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2011

	Nóta	2011 €	2010 €
RÉITEACH AN BHARRACHAIS GO HAIRGEAD GLAN			
Insreabhadh ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin			
Barrachas don Bhliain		636,754	186,352
Ús faighte	**15**	(60,880)	(458)
Ús Íoctha	**16**	42,753	73,411
Barrachas ar Dhiúscairt Sócmhainní		(10,126)	(46,656)
Aistriú ón gCuntas Caipitil	**14**	536,281	(128,593)
Muirear dímheasa don bhliain	**18**	2,554,890	2,482,069
Laghdú i bhFéichiúnaithe agus i Réamhíocaíochtaí		622,403	1,159,747
Méadú i gCreidiúnaithe (ach amháin Creidiúnaithe Iasachta)		(683,757)	363,174
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**3,638,318**	**4,089,046**
RÁITEAS FAOI SHREABHADH AIRGID			
Glansreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibriúcháin		**3,638,318**	**4,089,046**
TORTHAÍ AR INFHEISTÍOCHTAÍ AGUS SEIRBHÍSIÚ AIRGEADAIS			
Ús Bainc Faighte	**15**	60,880	458
Ús Bainc Íoctha	**16**	(42,753)	(73,411)
Gníomhaíochtaí infheistithe			
Fáltais ó dhiúscairt sócmhainní seasta		15,207	56,739
Íocaíochtaí le sócmhainní seasta a shealbhú		(2,810,217)	(2,109,031)
Glan-Insreabhadh Airgid Roimh Mhaoiniú		**861,435**	**1,963,801**
AIRGEADÚ			
Aisíocaíochtaí ar Iasachtaí um Shócmhainní Seasta		(286,031)	(268,097)
Méadú in Airgead		**575,404**	**1,695,704**
RÉITEACH AR GHLANSREABHADH AIRGID CHUIG GLUAISEACHT IN IARMHÉIDEANNA AIRGID			
Méadú in airgead sa bhliain		575,404	1,695,704
Cistí ag 1 Eanáir		14,465,915	12,770,211
Cistí ag 31 Nollaig		**15,041,319**	**14,465,915**

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an ráiteas faoi na beartais chuntasaíochta agus nótaí 1 go 25.

Ard-Stiúrthóir **Stiúrthóir**

NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

		2011	2010
1 DEONTAIS OIREACHTAIS		€	€
Vóta na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil:			
Deontais ón Vóta	Reatha	22,379,801	23,247,448
	Caipiteal	1,000,000	1,500,000
	Cistiú Taighde	13,000,000	13,000,000
	Cláir Eile	10,404,453	6,322,600
		46,784,254	**44,070,048**

Is leithroinnt shonrach é Cistiú Taighde faoi chomhair chostas Taighde Comhshaoil. Caitheadh €13,337,626 ar na gníomhaíochtaí taighde seo in 2011 (2010 €13,622,417).

2 GNÍOMHAÍOCHTAÍ AN AONAID TRÁDÁLA IN ASTÚCHÁIN (ETU)	€	€
(a) Costas an Aonaid Trádála in Astúcháin		
Táillí Cláraithe Oibreoirí Trádála in Astúcháin srl	12,627	10,645
Costais le haisghabháil ó Chistí Ceantála, srl	1,181,027	1,208,470
Maoiniú Iomlán Chostais an ETU	**1,193,654**	**1,219,115**

(b) Achoimre ar Chistí an Aonaid Trádála in Astúcháin:	€	€
Cistí Tugtha ar Aghaidh	2,229,050	1,005,600
Iomlán na gCistí a Gineadh	3,216,307	2,442,565
Costais na bliana roimhe le haisghabháil ó chistí na bliana reatha	0	0
Costais Iomlána ETU na Bliana Reatha	(1,193,653)	(1,219,115)
Cistí ETU Tugtha ar Aghaidh	**4,251,704**	**2,229,050**

Rinneadh costais an ETU a aisghabháil in 2011 ó fháltais an díola a rinneadh in 2009 agus 2010.

Aithnítear fáltais ceant/díola a choinníonn an Ghníomhaireacht chun an ETU a mhaoiniú mar ioncam na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, ar aon dul leis na costais ghaolmhara. Tharla díol allúntas sa bhreis in 2011, agus tá na fáltais a bhaineann leis sin á dtabhairt ar aghaidh chun na costais a bhainfidh le ETU sa todhchaí a chumhdach.

3 GNÍOMHAÍOCHTAÍ CEADÚNÚCHÁIN - IPPC, DRAMHAÍL AGUS WWD	€	€
Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 1 Eanáir	7,343,352	7,902,676
Táillí Faighte	689,219	1,577,018
Lúide Aisíocaíochtaí Íoctha	0	(58,484)
Táillí Ceadúnais réamhíoctha amhail an 31 Nollaig (Féach Nóta 21 (a))	(5,826,543)	(7,343,352)
Méid curtha chun sochair don Chuntas Ioncaim agus Caiteachais	**2,206,028**	**2,077,858**

CEADÚNÚ: RIALÚ TRUAILLITHE COMHTHÁITE (IPPC) AGUS DRAMHAÍL

Faoi Alt 83 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an EPA freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 40 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, tá an EPA freagrach as ceadúnú a dhéanamh ar gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á bhfeidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha.

CEADÚNÚ: SCARDADH DRAMHUISCE

Déantar foráil leis na Rialacháin um Scardadh Dramhuisce (Údarú) 2007 chun scardadh dramhuisce na n-údarás áitiúil a cheadúnú. Ní mór ceadúnas a fháil ón EPA chun fuíolluisce a scardadh ó limistéir ina bhfuil breis agus 500 duine. Ní mór do limistéir ina bhfuil níos lú ná 500 duine deimhniú a fháil ón EPA.

Is as táillí a ghearrtar maidir le próiseáil iarratas ar cheadúnais den sórt sin a fhaigheann an EPA a chuid ioncaim ceadúnúcháin.

4 GNÍOMHAÍOCHTAÍ FORFHEIDHMITHE - IPPC AGUS DRAMHAÍL	€	€
Muirir Forfheidhmithe ar gearradh sonrasc orthu	6,984,173	7,590,704
Ioncam Forfheidhmithe ó Ionchúisimh	369,093	92,796
Ioncam Iomlán ó Ghníomhaíochtaí Forfheidhmithe	**7,353,266**	**7,683,500**

Faoi Alt 96 den Acht fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992 tá an EPA freagrach as rialú a dhéanamh ar phróisis thionsclaíocha mhóra/chasta nó eile a bhféadfadh truailliú mór tarlú dá mbarr. Faoi Alt 15 den Acht um Bainistiú Dramhaíola 1996, tá an EPA freagrach as gach mórghníomhaíocht aisghabhála dramhaíola agus diúscartha atá á feidhmiú ag na húdaráis áitiúla agus ag fiontair phríobháideacha a rialú. Is as táillí a ghearrtar maidir leis an obair mhonatóireachta seo a fhaigheann an EPA a ioncam forfheidhmithe.

	2011	2010
	€	€
5 FÁLTAIS ILGHNÉITHEACHA		
Éilimh Árachais	3,283	47,947
Díol Foilseachán	2,881	5,085
Ilghnéitheach	64,750	568,628
	70,914	**621,660**

6 TUARASTAIL AGUS ÁSPC NA FOIRNE		€	€
Tuarastail		18,311,631	18,570,996
ÁSPC Fostóirí		1,488,237	1,443,568
Costais Tuarastail Iomlána		**19,799,868**	**20,014,564**
Seo a leanas líon na bhfostaithe amhail an 31 Nollaig:			
Ceanncheathrú		143	149
Cigireachtaí Réigiúnacha:	Caisleán an Bharraigh	29	29
	Corcaigh	40	42
	Baile Átha Cliath	80	80
	Chill Chainnigh	21	21
	Muineachán	12	13
	Oifigí Réigiúnacha	6	6
		331	**340**

Pacáiste Luach Saothair an Ard-Stiúrthóra agus Táillí an Stiúrthóra

Fuair an tArd-Stiúrthóir tuarastal comhionann le €164,464 in 2011 (2010 €182,787) agus tá sé i dteideal pinsean a fháil freisin ag teacht le gnáth-theidlíochtaí Scéim Aoisliúntais Foirne na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil, (Ard-Stiúrthóir agus Stiúrthóir) 1996. Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Íoctar tuarastal uilechuimsitheach leo agus dá bharr sin ní íoctar aon táillí Stiúrthóirí leo. Níl aon scéim íocaíochta bunaithe ar fheidhmíocht do phoist Ard-Stiúrthóir nó Stiúrthóir na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil agus mar sin ní dhearnadh aon íocaíochtaí bunaithe ar fheidhmíocht.

Tobhach Pinsin

In 2011 asbhaineadh €1,228,324 (2010 €1,240,925) de thobhach pinsin agus íocadh leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil é.

7 SPEANSAIS TAISTIL	€	€
Taisteal agus Cothabháil	1,200,677	1,264,191
Speansais Mhótarfheithiclí	168,599	131,825
Aisíocaíochtaí Taistil	(17,379)	(6,045)
	1,351,897	**1,389,971**

Speansais Chomhaltaí an Bhoird

Is Stiúrthóirí feidhmiúcháin lánaimseartha iad Stiúrthóirí na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil. Tá siad lonnaithe ag an gCeanncheathrú i Loch Garman. Bíonn formhór de chruinnithe an Bhoird i Loch Garman agus ní bhíonn aon speansais i gceist leis sin. I gcás ina mbíonn cruinnithe an Bhoird ar siúl in áit éigin eile, ar chúiseanna gnó, aisíoctar speansais Taistil agus Chothabhála ag na rátaí is infheidhme don Státseirbhís. B'ionann na speansais a íocadh le Stiúrthóirí as a bheith i láthair ag cruinnithe an Bhoird in 2011 agus €441 miondealaithe mar €332 míleáiste, €109 agus ní raibh aon chostais speansas. Ba é an t-iomlán in 2010 ná €2,592 (€1,583 míleáiste, €1,003 cothabháil agus €6 speansas eile).

Costais Forbartha & Oiliúna Foirne

Áirítear suim €133,784 (2010 €153,112) i dtaca le speansais taistil agus cuirtear isteach í faoi chostais a bhaineann le forbairt agus oiliúint foirne ag Nóta 10.

Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

Áiríonn na Costais Taistil mar atá leagtha amach thuas €14,176 i leith Phráinnfhreagairt Bhaile Chairdif - féach Nóta 23.

	2011	2010
8 COSTAIS SAOTHARLAINNE AGUS ALLAMUIGH	€	€
Speansais Saotharlainne agus Allamuigh	2,925,853	1,151,881
Deisiúcháin ar Threalamh agus Cothabháil	258,059	270,728
Éadaí Cosanta	27,047	12,470
	3,210,959	**1,435,079**

Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

Áiríonn na Costais Saotharlainne agus Allamuigh mar atá leagtha amach thuas €2,128,975 i leith Phráinnfhreagairt Bhaile Chairdif – féach Nóta 23.

9 COSTAIS CHÓIRÍOCHTA	€	€
Cíos agus Rátaí	255,914	266,198
Cumhacht, Solas agus Téamh, Glantóireacht	549,039	597,758
Deisiúcháin, Cothabháil, Slándáil	945,649	231,625
	1,750,602	**1,095,581**

Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

Áiríonn na Costais Chóiríochta mar atá leagtha amach thuas €641,155 i leith Phráinnfhreagairt Bhaile Chairdif – féach Nóta 23.

10 COSTAIS RIARACHÁIN EILE	€	€
Teileafón agus Postas	250,192	259,905
Cló Foilseachán agus Soláthairtí Stáiseanóireachta	310,166	435,698
Árachas	153,470	128,493
Muirir Ríomhairí agus Próiseála Sonraí	2,544,659	2,597,246
Táillí Iniúchta	15,510	15,510
Rialachas Corparáideach agus Costais Iniúchóireachta Inmheánaí	31,188	103,849
Táillí Dlí	796,024	546,722
Costais a Bhaineann le hAcmhainní Daonna	49,466	54,004
Ús agus Muirir Bhainc	3,945	6,053
Leabhair, Tréimhseacháin agus Leabharlann	53,394	60,214
Costais Forbartha agus Oiliúna Foirne	592,147	698,804
Fógraíocht	111,819	137,149
Cumarsáid	424,765	417,387
Ilghnéithigh	84,692	64,834
	5,421,437	**5,525,868**

Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

Áiríonn Costais Riaracháin eile mar atá leagtha amach thuas €103,229 i leith Phráinnfhreagairt Bhaile Chairdif - féach Nóta 23.

11 COSTAIS SAINCHOMHAIRLIÚCHÁIN	€	€
Sainchomhairleoirí	786,501	894,397
	786,501	**894,397**

Seo a leanas gníomhaíochtaí an chláir oibre inar baineadh úsáid as na comhairleachtaí seo:

Clár na Creat-Treorach Uisce	0	616,850
Measúnacht Comhshaoil	62,180	12,381
Forfheidhmiú i Leith Cúrsaí Comhshaoil	673,569	174,030
An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl	37,753	11,616
An tAonad Trádála in Astúcháin	3,168	46,365
Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní	0	19,364
Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha	9,831	13,791
	786,501	**894,397**

Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

Áiríonn Costais Chomhairleachta mar atá leagtha amach thuas €303,769 i leith Phráinnfhreagairt Bhaile Chairdif – féach Nóta 23.

	2011	2010
12 CONRAITHEOIRÍ, DEONTAIS AGUS SOLÁTHRAITHE SEIRBHÍSE SEACHTRACHA	€	€
Conraitheoirí	2,447,552	1,183,623
Deontais	1,283,125	879,469
Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha	4,574,158	6,799,417
	8,304,835	**8,862,509**

Seo a leanas na príomhréimsí oibre inar tabhaíodh costais faoin gceannteideal seo:

Cumarsáid agus Seirbhísí Corparáideacha	345,340	483,999
Clár na Creat-Treorach Uisce	1,892,087	1,361,610
Forfheidhmiú i Leith Cúrsaí Comhshaoil	1,933,996	2,635,262
An Clár Náisiúnta um Chosc ar Dhramhaíl	3,613,253	3,835,060
Measúnacht Comhshaoil	367,588	363,112
An tAonad Trádála in Astúcháin	126,769	85,344
Aeráid, Ceadúnú agus Úsáid Acmhainní	25,802	98,122
	8,304,935	**8,862,509**

Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

Conraitheoirí, srl. Áiríonn Costais mar atá leagtha amach thuas €195,388 i leith Phráinnfhreagairt Bhaile Chairdif – féach Nóta 23.

13 TAIGHDE COMHSHAOIL	€	€
Clár Taighde an EPA	13,514,889	13,622,417
Ioncam Taighde Cómhaoinithe	(177,263)	0
Íocaíochtaí maidir leis an gClár Taighde	**13,337,626**	**13,622,417**

Seoladh clár taighde comhshaoil reatha an EPA in 2007. Tá sé á mhaoiniú tríd an gClár Forbartha Náisiúnta 2007 – 2013 agus Straitéis an Rialtais don Eolaíocht, don Teicneolaíocht agus don Nuálaíocht (SSTI). Tá sé d'aidhm ag an gclár taighde taighde a mhaoiniú ina ndíreofar ar na príomhcheisteanna bainistíochta comhshaoil, a chosnóidh agus a fheabhsóidh an comhshaol nádúrtha faoi dheoidh. In 2011 áiríonn an caiteachas de €13,514,889 ar Chlár Taighde an EPA Íocaíochtaí Deontais de €12,573,839 agus costais feidhmithe agus ghníomhaíochta de €941,050.

Ar an 31 Nollaig 2011 b'ionann gealltanais a rinneadh ach nár gearradh ar na ráitis airgeadais go fóill i dtaca le tionscadail Taighde agus **€22.277M** (2010 €31.372M) agus an miondealú seo a leanas déanta:

	€	€
Gealltanais Deontas le híoc amhail an 1 Eanáir	31,372,000	41,087,000
Deontais a Ceadaíodh i rith na bliana	5,995,000	3,940,000
Deontais Dídhílsithe le linn na bliana	(2,384,000)	(1,153,000)
Íocaíochtaí Deontais a rinneadh sa bhliain	(12,706,000)	(12,502,000)
Gealltanais le híoc amhail an 31 Nollaig	**22,277,000**	**31,372,000**

Níl costais feidhmiúcháin an EPA maidir leis na Cláir thaighde san áireamh sna figiúirí seo.

14 CUNTAS CAIPITIL	€	€
Ag 1 Eanáir 2011		**35,140,267**
Aistriú ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais:		
Ioncam Leithdháilte chun críche Caipitil: - Breiseanna Sócmhainní Seasta	2,800,217	
- Chun Breiseanna Amach Anseo a Mhaoiniú	10,000	
- Iasachtaí a Aisíoc	286,035	
	3,096,252	
Lúide		
Diúscairtí	590,061	
Lúide dímheas roimhe sin ar dhiúscairtí	(584,980)	
	5,081	
Muirear dímheasa don bhliain	2,554,890	
Aistriú glan ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais		536,281
Ag 31 Nollaig 2011		**35,676,548**

Amhail an 31 Nollaig 2011, áirítear ar iarmhéid an Chuntais Chaipitil €110,000 (2010 €140,000) i ndáil le sócmhainní seasta a réamhíoc (féach Nóta 19 - Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí).

	2011	**2010**
15 ÚS FAIGHTE	€	€
Ús ar thaisce bainc	149,928	458
Lúide Ús ar Thaiscí Saothraithe ar Chistí ETU san áireamh i gCistí Iomlána Ginte ETU Ginte ag Nóta 2(b) thuas	(89,048)	0
Ús Bainc ar Thaiscí Saothraithe ar Chistí an EPA	**60,880**	**458**

16 ÚS INÍOCTHA AGUS MUIRIR CHOMHCHOSÚLA

	€	€
Iasachtaí Bainc iníoctha le Tráthchodanna - Morgáiste ar fhoirgneamh na Ceanncheathrún	**42,753**	**73,411**

17 CÁNACHAS

Tá an EPA díolmhaithe go sonrach faoi fhorálacha Alt 32, agus Sceideal 2, den Acht Airgeadais, 1994. Dá réir sin níl aon mhuirir chánachais curtha san áireamh sna cuntais.

18 SÓCMHAINNÍ SEASTA

	Iomlán	Foirgnimh	Troscán & Feistis	Trealamh TF & CF	Trealamh Saotharlainne agus Allamuigh	Mótar -Fheithiclí
Costas	€	€	€	€	€	€
Ag 1 Eanáir 2011	54,744,777	37,677,341	2,734,778	4,071,060	9,201,523	1,060,075
Aistrithe	40,000	0	40,000	0	0	0
Ceannacháin	2,800,217	187,200	328,429	1,759,527	406,711	118,350
Diúscairtí	(590,061)	0	(8,827)	(151,788)	(350,507)	(78,939)
Ag 31 Nollaig 2011	56,994,933	37,864,541	3,094,380	5,678,799	9,257,727	1,099,486
Dímheas						
Ag 1 Eanáir 2011	17,615,745	5,338,533	1,970,872	3,076,364	6,471,340	758,636
Muirear don Bhliain	2,554,890	760,005	252,292	562,500	826,618	153,475
Ar Dhiúscairtí	(584,980)	0	(8,827)	(151,737)	(346,065)	(78,351)
Ag 31 Nollaig 2011	19,585,655	6,098,538	2,214,337	3,487,127	6,951,893	833,760
Glanluach de réir na Leabhar						
Ag 31 Nollaig 2011	**37,409,278**	31,766,003	880,043	2,191,672	2,305,834	265,726
Ag 31 Nollaig 2010	**37,129,032**	32,338,808	763,906	994,696	2,730,183	301,439

Práinnfhreagairt Bhaile Chairdif

Áiríonn ceannacháin sócmhainní seasta mar atá leagtha amach thuas €709,287 i leith Phráinnfhreagairt Bhaile Chairdif - féach Nóta 23. Tógadh ceanncheathrú don Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (EPA) san áit a bhfuil Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach, Co Loch Garman, ar shuíomh a bhfuil a theideal dílsithe i dTeagasc. Tá an EPA i mbun léas fadtéarmach a thabhairt chun críche ar an suíomh seo ó Theagasc. Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) foirgneamh na ceanncheathrún agus mhaoinigh siad an tógáil le hiasacht tráchtála. Maoiníonn an Ghníomhaireacht na haisíocaíochtaí bliantúla a dhéanann Oifig na nOibreacha Poiblí. Cuirtear an ghné úis de na haisíocaíochtaí a chlúdaíonn an EPA san áireamh don bhliain ina dtagann siad chun cinn.

Tá an tsócmhainn agus na socruithe maoinithe lena mbaineann taifeadta i leabhair an EPA le substaint na n-idirbheart bunúsach a léiriú. De réir socraithe le Comhairle Contae Chorcaí, roinn an EPA foirgneamh ag Inis Cara, Contae Chorcaí ar feadh roinnt blianta, agus ghlac an EPA seilbh ar an bhfoirgneamh iomlán in 2008 trí chomhaontú. Tá aistriú dlíthiúil an áitribh ó Chomhairle Contae Chorcaí chuig an EPA á láimhseáil ag na comhairleoirí dlí faoi seach. Thóg Oifig na nOibreacha Poiblí foirgneamh cigireachta réigiúnaí an EPA ag Lóiste Seville, Cill Chainnigh, ar shuíomh a fuarthas don EPA. Tá Oifig na nOibreacha Poiblí ag próiseáil aistriú dlíthiúil an tsuímh chuig an EPA agus táthar á dhéanamh seo trí Oifig an Aturnae Stáit. In 2011 rinne an EPA caipitliú €1,400,199 i leith an chostais sheachtraigh a bhain le bogearraí a d'fhorbair an EPA. Tá sé seo ag teacht lenár mbeartas nua cuntasaíochta maidir le Caipitliú Bogearraí a Forbraíodh go hInmheánach.

Ní thagann aon choigeartuithe sna figiúirí comparáideacha do 2010 i gceist de bharr an Beartas Cuntasaíochta seo a thabhairt isteach. In 2011 bhí aistriú €40,000 ó Réamhíocaíochtaí chuig Sócmhainní Seasta a bhaineann le réamhíocaíocht de chuid 2010 le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW) a íocadh amach ar son an EPA i gcomhair troscáin.

19 FÉICHIÚNAITHE AGUS RÉAMHÍOCAÍOCHTAÍ

	2011 €	2010 €
Féichiúnaithe	794,056	1,416,459
Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta	110,000	140,000
	904,056	**1,556,459**

Réamhíocaíochtaí ar Shócmhainní Seasta:

Ar an 31 Nollaig 2011 bhí réamhíocaíochtaí dar luach €110,000 (2010 €140,000) ar an iomlán déanta mar atá leagtha amach anseo thíos. Tá na réamhíocaíochtaí seo curtha san áireamh sna suimeanna a aistríodh ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais chuig an gCuntas Caipitil.

Réamhíocaíochtaí le hOifig na nOibreacha Poiblí

Ar an 31 Nollaig 2009 bhí réamhíocaíochtaí darbh fhiú €100,000 déanta le hOifig na nOibreacha Poiblí i leith mionoibreacha Caipitil sna Cigireachtaí Réigiúnacha. Íocadh €10,000 breise le hOifig na nOibreacha Poiblí in 2011. Aistreofar na suimeanna sin chuig Sócmhainní Seasta nuair a chríochnófar an obair.

Réamhíocaíochtaí i leith Sócmhainní Seasta eile

D'íoc Oifig na nOibreacha Poiblí (OPW) suim €40,000 in 2011 ar son an EPA le roinnt soláthraithe le haghaidh troscáin. Tá an íocaíocht seo aistrithe chuig Sócmhainní Seasta. Tagann an t-airgead go léir ó fhéichiúnaithe chun bheith dlite laistigh de bhliain amháin.

	2011	2010
20 AIRGEAD AR LÁIMH AGUS SA BHANC	€	€
Airgead Tirim agus Iarmhéideanna Bainc	**15,041,319**	**14,465,915**

Is ionann an t-ioncam ó Cheadúnú réamhíoctha (féach Nóta 3) agus €5,826,543 (2010 €7,343,352) de na hiarmhéideanna sa Bhanc ag dáta an Chláir Chomhardaithe.

	2011	2010
21 CREIDIÚNAITHE AGUS FABHRUITHE	€	€
(a) Méideanna atá dlite laistigh de bhliain amháin:		
Táillí Ceadúnais (féach Nóta 3)	5,826,543	7,343,352
Fáltais Cheant an ETU iníoctha leis an Roinn C,O&RA (Féach Nóta 2 (b))	4,251,704	2,229,050
Trádáil agus Speansais Eile	4,394,610	5,584,213
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	334,071	328,783
	14,806,928	**15,485,398**
Tá na suimeanna seo a leanas atá dlite do na Coimisinéirí Ioncaim san áireamh i dTrádáil agus Speansais Eile thuas		
Cáin Shiarchoinneálach i leith Seirbhísí Gairmiúla	384,109	436,071
ÍMAT/ÁSPC	521,672	479,166
CBL	149,733	243,994
Cáin Chonarthaí Iomchuí	11,492	2,391
	1,067,006	**1,161,622**
(b) Méideanna atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin:		
Tráthchodanna dlite ar cheannach Sócmhainní Seasta	**1,508,663**	**1,799,982**

	2011	2010
22 COSTAIS PHINSIN		
(a) Anailís ar iomlán na gcostas pinsin gearrtha ar Chaiteachas	€	€
Costas Seirbhíse Reatha	3,329,257	3,053,000
Ús ar Dhliteanais na Scéime Pinsean	5,086,000	5,332,000
Ranníocaíochtaí Fostaithe Faighte	(929,257)	(885,555)
	7,486,000	**7,499,445**
(b) Gluaiseacht i nGlandliteanas Pinsin i rith na bliana airgeadais	€	€
Glandliteanas Pinsin ag 1 Eanáir	94,602,995	90,987,560
Costas Seirbhíse Reatha	3,329,257	3,053,000
Costais Úis	5,086,000	5,332,000
(Gnóthachan) Achtúireach	3,409,000	(2,127,000)
Pinsin íoctha i rith na bliana	(2,118,385)	(2,642,565)
Dliteanas Pinsean Glan ag 31 Nollaig	**104,308,867**	**94,602,995**

(c) Maoiniú Iarchurtha i gcomhair Pinsean

Aithníonn an EPA gur sócmhainní a fhreagraíonn do dhliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe le haghaidh pinsean atá sna suimeanna sin ar bhonn na mbonn tuisceana a ndéantar cur síos orthu thuas agus roinnt imeachtaí san am atá thart. Ar na himeachtaí seo tá an bunús reachtúil i gcomhair bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair i leith pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú, lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus próiseas na meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an EPA nach leanfaidh leis an mbeartas maoinithe sin suimeanna den chineál sin a chlúdach i gcomhréir le cleachtas reatha.

Ba é seo a leanas an Glanmhaoiniú Iarchurtha i gcomhair Pinsean a aithníodh sna Cuntais Ioncaim agus Caiteachais:

	2011	2010
	€	€
Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais phinsin na bliana reatha	8,415,257	8,385,000
Deontais Stáit ar baineadh leas astu chun pinsinéirí a íoc	(2,118,385)	(2,642,565)
	6,296,872	**5,742,435**

Ba í an tsócmhainn maoinithe iarchurtha i gcomhair pinsean amhail an 31 Nollaig 2011 ná €104.309 milliún (2010 €94.603 milliún).

22 COSTAIS PHINSIN (AR LEAN)

(d) Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe

	2011	2010	2009	2008	2007
	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000	€ '000
Oibleagáidí sochair shainithe	104,309	94,603	90,988	95,301	98,329
Gnóthachain / (Caillteanais) ó Thaithí ar Dhliteanais Scéime:					
Méid (€ '000)	1,429	10,439	6,267	(5,002)	(583)
Céatadán na nDliteanas Scéime	1.4%	11.0%	6.9%	5.2%	0.6%

Is €6,023,000 san iomlán an caillteanas achtúireach carnach a aithnítear sa Ráiteas ar Iomlán na nGnóthachan agus na gCaillteanas Aitheanta.

(e) Cur Síos Ginearálta ar na Scéimeanna

Is socruithe pinsin bunaithe ar an tuarastal deiridh iad na scéimeanna sochair shainithe le sochair agus ranníocaíochtaí arna sainiú trí thagairt do "shamhail" rialacháin scéime na hearnála poiblí i láthair na huaire. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do bhaill foirne (1/80 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (3/80 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Is é an Gnáthaois Scoir nuair a shroicheann an comhalta seasca cúig bliain d'aois, agus tá teidlíocht ag comhaltaí roimh 2004 dul ar scor ó aois 60 bliain gan laghdú achtúireach ar bith. Soláthraíonn na scéimeanna pinsean do chomhaltaí an Bhoird (1/48 in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce chnapshuime (1/32 in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin céilí agus leanaí. Tá comhaltaí an Bhoird i dteideal dul ar scor nuair a thagann deireadh lena gconradh. Glactar leis go dtiocfaidh méadú ar phinsin á n-íoc (agus iarchurtha) ag teacht le boilsciú tuarastail tríd is tríd. Tá an luacháil a úsáidtear do FRS 17 (Athbhreithnithe) bunaithe ar luacháil achtúireach iomlán a rinne achtúire cáilithe neamhspleách an 21 Márta 2011 ag glacadh ceanglas an FRS san áireamh d'fhonn dliteanais na scéime a mheas an 31 Nollaig 2011.

Seo a leanas na príomhbhoinn achtúireacha:	2011	2010
Ráta méadaithe tuarastal	3.50%	3.50%
Ráta méadaithe maidir le híocaíocht pinsean	3.25%	3.25%
Ráta lascaine	5.00%	5.25%
Ráta Boilscithe	2.00%	2.00%

Tugann an bunús mortlaíochta atá glactha cead go sainráite feabhsúcháin a dhéanamh in ionchas saoil thar am, ionas go mbeidh ionchas saoil nuair a théann duine ar scor ag brath ar an mbliain ina slánaíonn an comhalta aois scoir (65 bliain d'aois). Léirítear sa tábla thíos an t-ionchas saoil a bheidh ag comhaltaí a bhainfidh 65 bliain amach in 2011, 2031 agus 2051.

An bhliain ina slánóidh an duine 65 bliain d'aois	2011	2031	2051
Ionchas saoil - fir	87.2	89.8	91.7
Ionchas saoil - mná	88.6	90.8	92.6

23 PRÁINNFHREAGAIRT BHAILE CHAIRDIF

I rith 2011, bhí an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil chun tosaigh i gcomhordú na práinnfhreagartha maidir leis an tine a tharla i láithreán líonadh talún faoi thalamh ag Baile Chairdif, an Nás agus ghlac siad ceannas ar bhainistíocht an láithreáin ina dhiaidh sin. Bhain costas de €4,095,979 san iomlán leis an obair seo in 2011 agus tá an costas seo le brath faoi na ceannteidil chostais seo a leanas sna ráitis airgeadais seo:

	€
Nóta 8 Costais Saotharlainne agus Allamuigh - Oibríochtaí Láithreáin (lena n-áirítear an tine a mhúchadh), Diúscairt Dramhaíola, srl	2,128,975
Nóta 9 Costais Chóiríochta - Costais Slándála an láithreáin den chuid is mó.	641,155
Nóta 10 Costais Riaracháin Eile - Cumarsáid, Sláinte agus Sábháilteacht agus Costais Árachais den chuid is mó.	103,229
Nóta 11 Costais Chomhairleachta - Comhairleacht maidir le Comhrac Tine agus obair gheofisiceach agus dheartha réitigh den chuid is mó.	303,769
Nóta 12 Costais Chonraitheoirí agus Soláthraithe Seirbhíse Seachtracha - pearsanra d'obair chomhraic tine srl den chuid is mó.	195,388
Nóta 18 Caiteachas Caipitiúil - Trealamh bainistithe soghluaiste um ghás líonadh talún agus oifigí láithreáin den chuid is mó.	709,287
Nóta 7 Speansais Taistil - Costais Taistil agus Cothabhála fhoireann an EPA.	14,176
Costais Iomlána a Tabhaíodh	**4,095,979**

Tá an bhainistíocht leanúnach atá an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil a dhéanamh ar láithreán Bhaile Chairdif ag leanúint ar aghaidh in 2012.

24 LEASANNA CHOMHALTAÍ AN BHOIRD

Tá modhanna oibre maidir le teacht ar chinneadh glactha ag an EPA de réir an Achta fán nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 1992, agus de réir an Achta um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus na rialacháin a ritheadh faoi. Lean an EPA na nósanna imeachta sin i gcaitheamh na bliana.

25 FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais an 2 Iúil 2012.



Ceanncheathrú

Bosca Poist 3000
Eastát Chaisleán Bhaile Sheonach
Contae Loch Garman, Éire

T +353 53 916 0600
F +353 53 916 0699
R-phost: info@epa.ie
Íosghlao 1890 33 55 99

www.epa.ie

Cigireacht Réigiúnach
Teach McCumiskey,
Richview, Bóthar Chluain Sceach,
Baile Átha Cliath 14, Éire

T +353 1 268 0100
F +353 1 268 0199

Cigireacht Réigiúnach
Inis Cara, Contae Chorcaí
Éire

T +353 21 487 5540
F +353 21 487 5545

Cigireacht Réigiúnach
Lóiste Sevilla, Bóthar Challainn
Cill Chainnigh, Éire

T +353 56 779 6700
F +353 56 779 6798

Cigireacht Réigiúnach
Bóthar Sheáin Uí Mhóra, Caisleán an Bharraigh
Contae Mhaigh Eo, Éire

T +353 94 904 8400
F +353 94 902 1934

Cigireacht Réigiúnach
An Gleann, Muineachán, Éire

T +353 47 77600
F +353 47 84987

Oifigí Réigiúnacha

Eanach Bile, Mala
Co. Chorcaí, Éire
T +353 22 43865

An Lárionad Cathrach,
Sráid na hEaglaise, Baile Átha Luain
Co. na hIarmhí, Éire
T +353 906 475722

Seomra 3, Ionad Comhdhála an Ráithín, Teach an Phiarsaigh, Páirc Ghnó an Ráithín, Luimneach Éire
T +353 61 224764

11 Lána Chnocán na Rós
Leitir Ceanainn, Co. Dhún na nGall
Éire
T +353 74 912 2274

ISBN 978-1-84095-410-4

Arna chur i gcló ar Fedrigoni Symbol Satin, stoc páipéir atá neamhdhíobhálach don chomhshaol.